# Plean Teanga na nDéise

2018 – 2024

Críostóir Ó Faoláin, Mícheál Ó Drisleáin, Caitríona Breathnach

An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta

# Clár Ábhar


i. Réamhrá Lch 2
ii. Nóta ón gCathaoirleach Lch 3
iii. Noda Lch 4

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga Lch 5
2. Sonraí na Ceanneagraíochta Lch 10
3. An Limistéar Pleanála Teanga Lch 13
4. Ullmhú an Phlean Teanga Lch 22
5. Torthaí an Taighde Lch 27
6. Bearta an Phlean Teanga Lch 59
    6.1 Teaghlaigh agus An Óige Lch 59
    6.2 Oideachas Lch 82
    6.3 Cultúr agus na hEalaíona Lch 102
    6.4 Pobal agus Spórt Lch 113
    6.5 Gnó agus Fostaíocht Lch 129
    6.6 Turasóireacht agus Oidhreacht Lch 140
    6.7 An Stát Lch 152
7. Costais agus Maoiniú Lch 156
8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht Lch 159
9. Feidhmiú agus Monatóireacht Lch 161

# Réamhrá

## Cúlra

Tionscadal fíor thábhachtach atá sa phlean teanga seo do phobal Ghaeltacht na nDéise. Tá an plean teanga seo le feidhmiú ó 2018 – 2024 ag am atá criticiúil do Ghaeltacht na nDéise ar léibhéil éagsúla. Is gá an Ghaelainn agus an cultúr Gaelach a chosaint agus a fhorbairt agus go comhthreomhar leis sin, cur le seirbhísí agus áiseanna an phobail tuaithe seo. Bhí dhá chuid i gceist leis an obair phleanála seo – staid reatha na Gaelainne i Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na nDéise a mheas agus Plean Teanga a chur i dtoll a chéile a bheadh in oiriúint go sonrach don limistéar, bunaithe ar thorthaí an taighde a deineadh. Tá súil againn go mbeidh toradh ar an obair seo ar mhaithe le pobal uile na Gaeltachta.

## Fís

Go mbeidh pobal Ghaeltacht na nDéise in ann gach gné dá saol a chaitheamh trí mheán na Gaelainne agus go mbeidh an Ghaelainn in uachtar mar ghnáththeanga cumarsáide agus í á seachadadh mar mháthairtheanga ó ghlúin go glúin. Go mairfidh ár bpobal i sochaí sláintúil, bríomhar, le seirbhísí agus áiseanna d'ardchaighdeán ag freastal ar gach aoisghrúpa agus meas agus aitheantas tugtha do thimpeallacht, do chultúr agus d'oidhreacht na háite.

## Slat Tomhais

Leagtar síos 27 sprioc ar leith sa phlean seo faoi na catagóirí éagsúla a leagadh síos sna Treoirlínte Pleanála Teanga. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá 58 beart molta. Beidh gá maoiniú cuí a chur ar fáil chun na spriocanna a bhaint amach, na beartais a chur i gcrích agus rannpháirtíocht an phobail a fháil chun an toradh a bhaint amach. Is é an toradh a theastaíonn ná:

- Nach mbeidh ísliú i nGaeltacht na nDéise ar aon cheann de na torthaí daonáirimh seo a leanas i nDaonáireamh 2021; líon na gcainteoirí Gaelainne, líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne, líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne lasmuigh den chóras oideachais.
- Go dtiocfaidh ardú aon faoin gcéad in aghaidh na bliana thar shaolré an phlean teanga ar líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne lasmuigh den chóras oideachais, nó ardú go 500 cainteoirí laethúla Gaelainne lasmuigh den chóras oideachais faoi dheireadh thréimse feidhmithe an phlean.

Táimid den tuairim go bhfuil na spriocanna seo réalaíoch agus gur féidir iad a bhaint amach, agus le hobair chrua, iad a shárú. Tá taithí na mblianta ag Comhlucht Forbartha na nDéise ar fhorbairt chúrsaí pobail agus teanga i nGaeltacht na nDéise agus tugann an plean teanga seo deis an obair iontach seo a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile ag pointe cinniúnach i saol na Gaeltachta seo.

# Nóta ón gCathaoirleach

A Chairde,

Seo Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na nDéise don seacht mbliana seo romhainn 2018 – 2024.

Ba mhaith liom creidiúint sa chéad áit a thabhairt do na teaghlaigh sa Rinn agus sa Sean Phobal a líon isteach an suirbhé cuimsitheach ar a bhfuil formhór den phlean teanga seo bunaithe.

Glacaim buíochas ó chroí le bord Chomhlucht Forbartha na nDéise agus le gach aon rannpháirtí eile, idir óg agus aosta, a ghlac páirt sa phróiseas pleanála seo, ó thosach go deireadh, thar thréimhse an dá bhliain a thóg sé an plean a thabhairt chun críche.

Mór-shaothar atá sa phlean seo agus tá ardmholadh ag dul d'údair an phlean, 'siad sin, Míchéal Ó Drisleáin ó Choláiste na Rinne, Caitríona Breathnach ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach agus Críostóir Ó Faoláin, Bainisteoir, Comhlucht Forbartha na nDéise. Ár mbuíochas chomh maith le hÚdarás na Gaeltachta, a chuir maoiniú agus treoir ar fáil chun an plean seo a chur le chéile.

Soiléiríonn an Plean Teanga seo an dúshlán mór atá romhainn anois mar eagraíocht agus go deimhin mar phobal Gaeltachta na bearta agus na spriocanna atá sa Phlean Teanga seo a bhaint amach agus a chur i gcrích.

Is le chéile is fearr sinn, agus iarraim oraibh anois tógáil ar an spiorad pobail láidir is cúis leis an gcúinne beag tíreolaíoch seo a bheith ina Ghaeltacht in ainneoin na mbrúnna ar fad agus leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun ár dteanga agus ár gcultúr ársa a shlánú do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

Tadhg Ó Maoileoin

Cathaoirleach
Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.

# Noda

| | |
|---|---|
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna Loch Garman agus Phort Láirge |
| BPT | Buiséad Pleanála Teanga |
| CCCPL | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| CCÉGnaD | Comhaltas Ceoltóirí Éireann Ghaeltacht na nDéise |
| CE | An Chomhairle Ealaíon |
| CF | An Coiste Fáilte |
| CFND | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. |
| CFSP | Coiste Forbartha an tSean Phobail |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| CLPL | Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge |
| CNNG | Comhar Naíonraí na Gaeltachta |
| COC | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| COSCURSP | Coiste Cúram Leanaí an tSean Phobail |
| CPNR | Comhairle Pobail na Rinne |
| CTDG | Cumann Tráchtála Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge |
| CYPSE | Children and Young People Services Committee |
| FnaG | Foras na Gaeilge |
| GnaG | Glór na nGael |
| InaR | Iarscoil na Rinne |
| ITC | Institiúd Teicneolaíochta Chorcaí |
| LPT | Limistéar Pleanála Teanga |
| MFG | Meitheal Forbartha na Gaeltachta |
| MO | Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise |
| MTTÓ | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige |
| NnaR | Naíonra na Rinne |
| NSP | Naíonra an tSean Phobail |
| ÓnaG | Óige na Gaeltachta |
| OTÓT | Oifigeach Teaghlaigh agus Óige/Teanga |
| RNG | Roinn na Gaeltachta *(An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta)* |
| RNLI | Royal National Lifeboat Institution |
| SB | Stiúrthóir Bainistíochta |
| SNBMA | Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt |
| SNnaR | Scoil Náisiúnta na Rinne |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach |
| ÚnaG | Údarás na Gaeltachta |

# Mír 1
# Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

## 1.1 Coimisiúnú an Phlean Teanga

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise a dhein coimisiúnú ar an bplean teanga seo mar chuid den phróiseas pleanála teanga. Plean Teanga seacht mbliana atá i gceist, a chlúdóidh an tréimhse ó 2018 go dtí 2024. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo líon na gcainteoirí Gaelainne sa Rinn agus sa Sean Phobal a mhéadú sa tréimhse áirithe seo, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar áiseanna na Gaeltachta ar mhaithe le pobal uile na nDéise. Le breis agus deich mbliana anuas, tá taighde den tsaghas seo curtha i gcrích ag an gComhlucht agus torthaí fiúntacha bainte amach ag na tograí éagsúla a chuir an Comhlucht sa tsiúil. Feictear dea-thionchar na dtograí seo ar an bpobal agus leis an taithí atá ag an gComhlucht agus an dea-chaidreamh atá aige leis an bpobal, le heagraíochtaí agus le Ranna Stáit, bainfí torthaí fiúntacha amach faoin bPlean Teanga seo chomh maith.

## 1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú go 250,000 duine, líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne sa Ghaeltacht a mhéadú faoi 25% agus an líon daoine a bhfuil eolas acu ar an nGaelainn a mhéadú go 2 mhilliún duine thar shaolré na Straitéise.

Aithnítear sa Straitéis go bhfuil gá le córas pleanála teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail. D'eascair an próiseas seo as moladh a deineadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht in 2007*. Is tríd an bpróiseas pleanála teanga a thabharfar tacaíocht ar shlí chórasach, chomhtháite don Ghaelainn mar theanga pobail agus teaghlaigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht, áit a bhfuil tacaíocht an phobail ann don Ghaelainn.

## 1.3 Acht na Gaeltachta 2012

Tugtar feidhm reáchtúil don phróiseas pleanála teanga in Acht na Gaeltachta 2012, áit a leagtar síos an próiseas faoina bhféadfaidh pobail i gceantair éagsúla aitheantas a bhaint amach mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhailte Seirbhíse Ghaeltachta nó mar Líonraí Gaelainne. Tríd an Acht aithnítear an Rinn agus an Sean Phobal mar Limistéir Pleanála Teanga. Fógraíodh i Meitheamh 2014 go rabhthas ag lorg iarratais ón bpobal chun ceanneagraíocht a roghnú a bheadh sásta an plean teanga do Ghaeltacht na nDéise a ullmhú agus a fheidhmiú.

## 1.4 Údarás na Gaeltachta (ÚnaG)

Is é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla. Is faoi ÚnaG a bheidh sé tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú. Is i bhfoirm saineolais agus comhairle go príomha a chuirfear an tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar. Ina theannta sin, is féidir le hÚnaG maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil. Is faoi ÚnaG atá sé a chinntiú go bhfuil an cur chuige don phleanáil teanga á chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe sna Limistéir Pleanála Teanga agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta sna limistéir sin, agus go bhfuil dea-chleachtas á roinnt idir na ceantair éagsúla." Ag teacht leis na treoirlínte seo, fuair Comhlucht Forbartha na nDéise an-chúnamh ó ÚnaG agus an plean á ullmhú. Cuireadh maoiniú ar fáil chun an plean a chur i dtoll a chéile, eagraíodh roinnt ceardlanna éagsúla maidir leis an bpleanáil teanga i gcoitinne, bunaíodh Dioplóma sa Phleanáil Teanga in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus bhí ionadaithe ón Údarás, go háirithe Rachel Ní Riada, ann chun cabhrú leis an gComhlucht agus an obair seo idir lámha.

## 1.5 An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RNG)

Mar seo a leagadh amach cúraimí Roinn na Gaeltachta in Acht na Gaeltachta, 2012: "Déanfaidh an Roinn na pleananna teanga uile a chuirfear faoi bhráid an Aire i gcás na limistéar, na mbailte agus na líonraí a mheas i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht" (Alt 12). Ina theannta sin, déanfaidh an Roinn athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú na bpleananna teanga le linn an phróisis pleanála teanga. Beidh ról ag an Roinn i bplé le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí maidir leis na socruithe cuí a dhéanamh chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga ag an leibhéal áitiúil taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil. Déanfar é seo tríd an ról comhordaithe atá ag an Roinn faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus tríd an ról atá ag an Roinn in aontú scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ciallaíonn sé seo, cé go bhfuil an phríomhfhreagracht ar Údarás na Gaeltachta maidir le cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla, tá ról maoirseachta ag an Roinn maidir le feidhmiú an phróisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012.

## 1.6 Critéir Pleanála Teanga

Leagann na critéir pleanála teanga amach na príomhréimsí gur cheart a bheith san áireamh in aon phlean teanga a ullmhófar sna Limistéir Pleanála Teanga. Bainfear leas as na critéir seo agus measúnú á dhéanamh ar ullmhú agus ar fheidhmiú na bpleananna teanga sna limistéir éagsúla. Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta na pleananna teanga a chuirfear faoi bhráid an Aire a mheas i gcomhréir leis na critéir phleanála teanga atá forordaithe faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil na critéir phleanála teanga bunaithe:

1. An córas oideachais
2. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
4. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
5. An earnáil ghnó
6. Eagrais phobail agus comharchumainn
7. Na meáin chumarsáide
8. Seirbhísí poiblí
9. Pleanáil agus forbairt fhisiciúil
10. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
11. Úsáid na Gaelainne i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an bplean teanga.

Mar chuid den phlean teanga seo, beidh na bearta éagsúla atá luaite ag teacht leis na critéir seo.

## 1.7 Pleanáil Teanga i nGaeltacht na nDéise

Tá an iliomad sainmhínithe ar an bpleanáil teanga. Is féidir a rá go hachomair gurb é atá i gceist leis ná modhanna pleanáilte faoina ndéantar iarracht tionchar a imirt ar an teanga a labhraítear in aon phobal ar leith. Is féidir a rá freisin gur cnuasach smaointe, dlíthe, rialachán agus cleachtas atá ann chun athrú pleanáilte maidir le húsáid teanga i bpobal faoi leith a bhaint amach. Is é an sprioc atá ag an bpleanáil teanga sa chás seo ná lucht labhartha na Gaelainne a mhéadú agus buanú a dhéanamh ar úsáid na Gaelainne mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail.

Aithnítear go bhfuil cúig chéim ag baint le pleanáil teanga:

**Céim 1:** Cuspóirí an phlean teanga a aontú
**Céim 2:** Taighde a dhéanamh chun an staid reatha a thuiscint
**Céim 3:** Anailís a dhéanamh ar an taighde agus plean teanga a ullmhú
**Céim 4:** An plean teanga a fheidhmiú
**Céim 5:** Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean teanga

I Meitheamh 2014, fógraíodh na Déise a bheith roghnaithe mar Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ina mbeidh plean teanga le hullmhú. Mar chuid den limistéar seo, luaitear na bailte fearainn seo a leanas:

**Contae Phort Láirge: Na Déise**

An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile Mhac Airt i gContae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Mhac Airt Íochtarach, Baile na Móna Íochtarach, Baile na Móna Uachtarach, Baile Uí Churraoin Theas, Baile Uí Churraoin Thuaidh, Baile an tSléibhe Theas, Baile an tSléibhe Thuaidh, Baile Uí Threasnáin, An Cnocán Rua, Cruabhaile Íochtarach, Cruabhaile Uachtarach, Loiscreán, Áthán, Baile na hArda, Baile Mhac Airt Uachtarach, Baile an Aicéadaigh, Baile Mhic Giolla Mhuire, Baile an Róid, Cill Cholmáin, Cnoc na gCapall, Fearann an Lóintigh, An Gabhlán, Na Geataí, An Mhóin Fhionn, Móin an Ghiumhais, Ráth Léad agus Sliabh an Ghabhláin.

An chuid sin de thoghroinn cheantair na Rinne i gContae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile na Cúirte Theas, Baile na Cúirte Thuaidh, Baile na nGall Beag, Baile na nGall Mór, Baile Uí Raghallaigh, Barr na Stuac, An Carraigín, Cill an Fhuarthainn, Cnoc an Fhréinigh, Cnocán an Phaoraigh Íochtarach, Cnocán an Phaoraigh Uachtarach, An Fhaiche, Gleann an Fhíoruisce, Gort na Daibhche Íochtarach, Gort na Daibhche Uachtarach, Heilbhic, Log na Giumhaisí, An Léith, Maoil an Choirnigh, An Mhóin Bhreac, An Móta, Rath na mBiníneach, An Ré Mheánach, Seanchluain, An tSeanchill, Barr na Léithe, An Coinigéar, An Goirtín, An Ré Dhóite agus An Seanbhaile.

An chuid sin de thoghroinn cheantair Airde Móire i gContae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Carraigín, An Chúil Rua, Móin na mBráthar, Móin an Fhia, Móin na mBian, Ré na gCloichín, Ré na gCuilí, Na Roisíní, An Scardán agus An Screathan.

Dhréachtaigh an Comhlucht Forbartha iarratas chun plean teanga a ullmhú do Ghaeltacht na nDéise. Chuaigh an Comhlucht i dteagmháil le roinnt mhaith eagraíochtaí sa Ghaeltacht agus thacaigh siad go láidir leis an iarratas. Seoladh an t-iarratas isteach i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus glacadh leis. Síníodh conradh i mí na Samhna 2014. Tréimhse dhá bhliain a bhí i gceist chun an plean teanga a ullmhú agus fuarthas síneadh ama 6 mhí chun an plean a chur i gcrích. Beidh seacht mbliana ag an gComhlucht chun an plean seo a fheidhmiú.

## 1.8 An Staidéar Cuimsitheach

Tá cur síos mion sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007 & 2014) ar staid na Gaelainne sna ceantair éagsúla Ghaeltachta, ar a n-áirítear ceantar na Rinne agus an tSeanphobail. Úsáidtear trí chatagóir sa staidéar le láidreacht na Gaelainne i dtoghroinn a léiriú. Úsáidtear staitisticí difriúla mar shlat tomhais ar staid na Gaelainne i gceantar. Is é líon na ndaoine a deir go labhraíonn siad an Ghaelainn go laethúil an tslat tomhais is tábhachtaí. Is í 'A' an chatagóir is láidre, ina dtuairiscíonn os cionn 67% den daonra gur cainteoirí laethúla Gaelainne iad, 'B' le ráta cainteoirí laethúla Gaelainne idir 44% agus 67% agus 'C' faoi bhun 44% cainteoirí laethúla Gaelainne.

Nuair a deineadh an chéad staidéar i 2007, bhí an Rinn i gcatagóir C (an ceann ba laige ó thaobh na Gaelainne de) agus ní raibh an Sean Phobal aitheanta sa staidéar mar áit a raibh an teanga á labhairt sa ghnáthshaol ag léibhéal sásúil. I 2014, ag leanúint leis an staidéar agus de réir na bhfigúirí ba dhéanaí, bhí an Rinn anois i gcatagóir B agus an Sean Phobal tagtha isteach i gcatagóir C. Léiríonn sé seo go bhfuil úsáid na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise ag treisiú. Is ag tógaint air sin a bheidh an plean teanga seo.

## 1.9 Ráiteas Misin

Seo a leanas Ráiteas Misin an phlean teanga:

Gach dícheall a dhéanamh go mbeadh úinéireacht ag an bpobal ar an bplean teanga seo agus go dtuigfidh siad an tábhacht a bhaineann leis an bplean don cheantar ó thaobh na Gaelainne a neartú agus a bhuanú agus ó thaobh forbairt áiseanna agus seirbhísí ar mhaithe leis an bpobal ar fad. Leagfar béim sa phlean ar an ról fíorthábhachtach a bhaineann leis an óige (an chéad ghlúin eile) agus méadú ar líon na dteaghlach atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaelainn.

# Mír 2
# Sonraí na Ceanneagraíochta

## 2.1 An Cheanneagraíocht

Comhlacht pobalbhunaithe is ea Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. Roghnaíodh CFND mar Cheanneagraíocht chun plean teanga a réiteach do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) na nDéise mar thoradh ar iarratas fhoirmeálta a deineadh chun an t-aitheantas san a bhaint amach de réir Acht na Gaeltachta, 2012. Fuair CFND litreacha tacaíochta don iarratas ó mhór chuid de na cumainn, coistí, scoileanna agus institiúidí eile sa cheantar. Aontaíodh conradh le ÚnaG i mí na Samhna 2014 agus cuireadh deontas €40,000 ar fáil chun costas ullmhaithe an phlean a iompar.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm:** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Seoladh:** | Ionad Pobail na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge | | |
| **Sonraí Teaghmhála:** | **R:Phost:** cfdeise@gmail.com | **Fón:** 058 46664 / 058 46789 | |
| **Suíomh Idirlíon:** | www.deise.ie | **Uimhir Chlárithe:** | 402334 |

Is cuideachta phoiblí í seo agus, dá bhrí sin, ní mór seachtar comhalta a bheith aici ar a laghad. Má dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh, ní chailleann na comhaltaí ach an méid airgid atá tiomnaithe acu a thabhairt do shócmhainní na cuideachta – inár gcás, €1. Meán oiriúnach is ea an chuideachta seo do mhórán comhlachtaí carthanachta agus gairmiúla a dteastaíonn uathu na sochair a dhaingniú a bhaineann le pearsantacht dhlíthiúil ar leith agus dliteanas teoranta, gan a bheith orthu cistí a chruinniú ó na comhaltaí.

## 2.2 Bunú Chomhlucht Forbartha na nDéise

Bhí dhá choiste pobail deonacha ag feidhmiú i nGaeltacht na nDéise ag tús na haoise nua – Comhairle Pobail na Rinne (CPNR) sa Rinn agus Coiste Forbartha an tSean Phobail (CFSP) sa Sean Phobal. Coistí iomlán deonacha a bhí agus atá iontu seo. Dhein na coistí agus muintir na háite achainí ar Údarás na Gaeltachta post mar 'Oifigeach/Áisitheoir Pobail' a cheadú don cheantar chun tacú le cúrsaí forbartha pobail.

Tar éis roinnt idirbheartaíochta, aontaíodh post a cheadú do Ghaeltacht na nDéise ar an mbunús go dtiocfadh an dá choiste le chéile chun brat eagraíocht amháin a bhunú a bheadh ag feidhmiú ar mhaithe leis an gceantar ar fad. Ar deireadh, bunaíodh Comhlucht Forbartha na nDéise i 2005. Tá ionadaithe ó Chomhairle Pobail na Rinne agus ó Choiste Forbartha an tSean Phobail mar chomhaltaí ar bhord Chomhlucht Forbartha na nDéise ó shin i leith. Tá an Comhlucht Forbartha ag feidhmiú mar bhrat eagraíocht do Ghaeltacht na nDéise agus mar eagraíocht stiúrtha ar Áisitheoir Pobail, a fostaíodh ag tús 2005 trí scéim Mheitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG).

Chuaigh an Comhlucht Forbartha i mbun oibre láithreach bonn agus cuireadh Plean Forbartha i dtoll a chéile don tréimhse 2006 – 2008. Bhí mar fhís ag an gComhlucht "pobal Gaeltachta beo bríomhar a chothú agus buan chultúr na Gaeltachta a chosaint agus a spreagadh agus dea-chaighdeán maireachtála a bheith ann do mhuintir na háite". Sainaithníodh na réimsí is mó ina raibh dul chun cinn ag teastáil chun an ceantar a bhuanú mar Ghaeltacht agus leagadh amach roinnt spriocanna tábhachtacha ar a n-áirítear an pobal a thabhairt le chéile agus a mhealladh chun a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí pobail; deiseanna labhartha Gaelainne a chruthú; freastal ar an óige; acmhainní nádúrtha a fhorbairt, feabhas a chur ar sheirbhísí na háite, fiontraíocht i nGaelainn a chruthú agus cultúr na háite a chaomhnú agus a neartú.

Le roinnt blianta anuas, tá Bainisteoir Forbartha lánaimseartha fostaithe ag Comhlucht Forbartha na nDéise, a bhuíochas do dheontas reachtála bliantúil ó Údarás na Gaeltachta. Tá an Bainisteoir freagrach do Bhord an Chomhluchta, a fheidhmíonn go deonach.

## 2.3 Bord an Chomhluchta

Seachtar atá ar bhord Chomhlucht Forbartha na nDéise, triúr ionadaithe ó Chomhairle Pobail na Rinne, triúr ionadaithe ó Choiste Forbartha an tSean Phobail agus duine neamhspleách. Seo baill an bhoird 2016/'17:

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach:** | Tadhg Ó Maoileoin | Comhairle Pobail na Rinne |
| **Rúnaí:** | Máire Seo Breathnach | Ionadaí Neamhspleách (CCPL) |
| **Cisteoir:** | Clíona Mhic Ghiolla Chuda | Comhairle Pobail na Rinne |
| **Gnáth Bhaill:** | Ciarán Ó Gealbháin | Coiste Forbartha an tSean Phobail |
| | Úna de Paor | Coiste Forbartha an tSean Phobail |
| | Maria Mhic Craith | Comhairle Pobail na Rinne |
| | Jamie Ó Coistín | Coiste Forbartha an tSean Phobail |

Freastalaíonn Rachel Ní Riada ar chruinnithe boird go rialta mar ionadaí thar cheann Údarás na Gaeltachta.

## 2.4 Foireann

Tá duine amháin lánaimseartha, Bainisteoir Forbartha an Chomhluchta Críostóir Ó Faoláín, fostaithe ag an gComhlucht Forbartha. Is é Críostóir a chuireann plean oibre an chomhlachta i bhfeidhm. Bíonn daoine eile fostaithe ag an gComhlucht ó am go chéile chun feidhmeanna ar leith a chur i gcrích.

## 2.5 Strúchtúr an Chomhluchta

Bunaíonn an Comhlucht Forbartha fochoistí chun tograí ar leith a chur i gcrích, mar shampla Coiste na hImearlainne (a thóg mar chúram air féin an Imearlann a thógaint i mBaile na nGall sa Rinn) agus an Comhar Spóirt don pháirc uile-aimseartha sa Sean Phobal. Is tríd na coistí seo a chuirtear mórthograí an Chomhluchta i gcrích.

## 2.6 Obair an Chomhluchta


Rinne an Comhlucht Forbartha mórshuirbhé i 2007, a bhí maoinithe ag ÚnaG, chun an t-eolas a bhain leis an gceantar Gaeltachta a bhailiú le chéile mar bhunfhoinse don chéad phlean forbartha eile a bheadh le déanamh. Le cabhair ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC), tháinig staidéar cuimsitheach agus luachmhar ar an saol. Dúirt 97.7% den phobal go raibh uathu an stádas Gaeltachta a choimeád. Tháinig roinnt moltaí chun cinn chun cabhrú le neartú na teangan agus chuir an Comhlucht na moltaí seo i gcrích, agus ina measc bhí: ranganna Gaelainne sa cheantar a eagrú, scéim amhránaíochta ar an sean-nós a bhunú, seirbhís iarscoile agus campaí seoltóireachta a chur ar fáil.

Cuireadh plean forbartha eile le chéile don tréimhse 2010 – 2013 agus arís, bhí rath ar obair CFND i dtaobh baint amach a chuid spriocanna. D'éirigh leis an gComhlucht maoiniú a fháil ó chuid mhaith foinsí éagsúla chun cabhrú leis na spriocanna a bhaint amach, go háirithe Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge. Ainneoin cúlú i ngeilleagar na tíre ag an am seo, tháinig fás ar líon na seirbhísí a bhí ar fáil trí Ghaelainn i nGaeltacht na nDéise. I réimse an cheoil is na n-amhrán, cuireadh 'Húlaí' ar bun, ranganna ceoil is amhránaíochta do pháistí. Maidir le forbairt pobail is áiseanna, cuireadh dhá fhochoiste le chéile chun clós spraoi, ar a dtugtaí 'An Imearlann', agus páirc uile-aimsire a thógáil sa Ghaeltacht. Chosnaigh an dá thogra seo breis agus €300,000 agus bailíodh €60,000 sa phobal chun cur leis an maoiniú a fuarthas. Ó thaobh na fiontraíochta de, bunaíodh 'Gradam Gnó na nDéise' chun cabhrú le forbairt agus le neartú na Gaelainne i measc ghnóthaí Iarthar Phort Láirge. Bhí na tograí seo ar fad faoi choimirce an Chomhlucht Forbartha. Thug an Comhlucht faoi staidéir éagsúla thar na blianta ag fiosrú na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt na mara, na turasóireachta agus siúlóidí sa cheantar.

Bheartaigh Bord CFND an Próiseas Pleanála Teanga a stiúradh go hinmheánach seachas Meitheal Pleanála Teanga ar leith a bhunú. Tá saineolas agus taithí na mblianta ag baill an bhoird sa réimse oibre seo. Pléadh an plean teanga mar mhír go rialta ag cruinnithe míosúil CFND le linn an tréimhse ullmhúcháin. Bhí CFND i dteagmháil go leanúnach leis na páirtithe leasmhara a bhí páirteach san iarratas le linn an tréimhse seo.


# Mír 3

# An Limistéar Pleanála Teanga



# 3.1 Gaeltacht na nDéise

Is in oirdheisceart na tíre, cois mara, atá Gaeltacht na nDéise lonnaithe. Tá Dún Garbhán, atá timpeall cúig mhíle ón nGaeltacht, aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta don LPT. Tá Gaeltacht na nDéise ar cheann de na Gaeltachtaí is lú sa tír le 6,110 heicteár nó beagán os cionn 23.5 míle cearnach. Úsáidtear formhór na talún sa cheantar don fheirmeoireacht a thacaíonn le tréithe tuaithe an cheantair seo, cé go bhfuil athrú le feiscint sa mhéid is go bhfuil líon mór tithe tógtha sa dúthaigh le blianta beaga anuas.






Is iad an Rinn agus an Sean Phobal an dhá phríomh cheantar ina bhfuil dlús daonra agus seirbhísí le fáil i nGaeltacht na nDéise.

### 3.1.1 An Rinn

Ceantar cois farraige is ea an Rinn. Tá trí lonnaíocht sa Rinn, Maoil an Choirnigh, Baile na nGall agus Ceann Heilbhic. Baile iascaireachta a bhí ann go traidisiúnta agus bhí líon ard daoine ag obair ar an bhfarraige. Bíonn daoine ag iascaireacht i gcónaí ó Cheann Heilbhic, ach tá meath mór tagtha ar líon na mbád atá ag obair i nGaeltacht na nDéise. Sin ráite, le meath na hiascaireachta traidisiúnta, d’iompaigh roinnt daoine áitiúla ar fhás oisrí mar shlí beatha. Faoi láthair, tá roinnt gnó éagsúil Gaeltachta ag saothrú oisrí i gCuan Dhún Garbhán, an ceantar i mó atá ag saothrú oisrí sa tír, agus tá os cionn 100 duine fostaithe san earnáil seo, idir fhostaíocht lán agus páirtaimseartha.

Sa lá atá inniu ann tá fostaíocht ar fáil in earnálacha éagsúla. Tá fostaíocht teangabhunaithe ar fáil in earnáil an oideachais i gColáiste na Rinne (agus sna scoileanna eile áitiúla); san earnáil léirithe teilifíse i Nemeton, Red Shoe Productions agus an Corsaiceach; san earnáil déantúsaíochta i gCriostal na Rinne agus in Innealtóireacht de Paor; agus san earnáil turasóireachta i Sólás na Mara agus i dtithe lóistín éagsúla. Anuas ar sin, tá trí theach tábhairne, bialann agus siopa sa Rinn.

Maidir le hacmhainní pobail, tá roinnt seirbhísí agus infreastruchtúr ana-thábhachtach sa Rinn, ar nós Imearlann na Rinne (Clós spraoi le luascáin agus araile), Dánlann Joan Clancy, Ionad Pobail na Rinne, Páirc CLG, agus Oifig an Phoist. Tá seirbhísí eaglasta ar fáil trí Ghaelainn agus Aifreann i nGaelainn go seachtainiúil.

Tá roinnt mhaith eagraíochtaí pobail ag obair sa Rinn, ina measc:

- Comhairle Pobail na Rinne - freagrach as bainistiú Ionad Pobail na Rinne
- Coiste Maisithe na Rinne
- Cumann Staire agus Oidhreachta
- Cairde na nDéise
- An Bád Tarrthála i gCeann Heilbhic
- Coiste na hImearlainne
- Club Mara na nDéise
- An Coiste Fáilte

**Easnaimh**

Tá an Imearlann tógtha ar thalamh Údarás na Gaeltachta i mBaile na nGall. Tá thart ar thrí acra eile ag an Údarás i mBaile na nGall agus tá plé ar siúl le fada leis an Údarás maidir le forbairt a dhéanamh ar an suíomh seo. Níl aon ionad cúram leanaí sa Rinn agus níl aon lárionad cultúrtha, turasóireachta nó fiontraíochta ann. Tá bearta sa Phlean Teanga seo a dhíríonn ar na heasnaimh sin a réiteach trí Ionad Cultúrtha, ina mbeidh áiseanna turasóireachta agus aonaid forbartha fiontraíochta, chomh maith le háiseanna eile pobail a fhorbairt ar thalamh an Údaráis i mBaile na nGall.

**Oidhreacht na Rinne agus Saibhreas Cultúrtha**

Tá traidisiún láidir ceoil agus amhránaíochta sa cheantar. Reachtáiltear Tionól Niocláis Tóibín go bliantiúil i gcuimhne an tsár-amhránaí cáiliúil sean-nóis, Nioclás Tóibín ó cheantar na nDéise.Tá Craobh CCÉ Ghaeltacht na nDéise agus Húlaí ag cothú chumais agus ghrá don cheol i measc an aos óig. Tá Cór Fear na nDéise ag dul ó neart go neart agus tá traidisiúin láidir scríbhneoireachta agus filíochta sa dúthaigh leis. Sa Phlean Trí Bliana do Ghaeltacht na nDéise 2010 – 2013 moladh bearta éagsúla ó thaobh na forbartha cultúrtha de. Orthu san beartaíodh suíomh idirlín dírithe ar thraidisiún amhránaíochta an cheantair, 'Dúthaigh Geal Déise' a bhunú, ranganna ceoil a chur ar fáil do pháistí agus ceardlanna, ranganna agus léachtanna eile a chur ar siúl ó am go h-am. I measc na rudaí eile a bhíonn ar siúl sa Rinn, bíonn Daonscoil na Mumhan, Ceoldráma i Meánscoil San Nioclás agus scéim rince seite. Le cabhair ó CFND agus faoi Scéim DEIS de chuid na Comhairle Ealaíona, reáchtáileadh tograí éagsúla eile ar nós Scéim d'Amhránaí Cónaithe le Seán Mac Craith; Rinceoir Cónaithe le Seosamh Ó Neachtain agus Scríbhneoir Cónaithe le hÁine Uí Fhoghlú.

**Oideachas sa Rinn**

Cuireann Naíonra na Rinne, atá cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, seirbhís réamhscoile trí Ghaelainn ar fáil sa Rinn.Cabhraíonn an tréimhse sa Naíonra go mór leis na páistí agus iad ag dul ar aghaidh go dtí an scoil náisiúnta. Tá dhá institiúid bunscolaíochta ag feidhmiú sa Rinn; S.N na Rinne agus Scoil na Leanaí, scoil chónaithe fé chúram Choláiste na Rinne. Bhí 122 dalta ag freastal ar S.N. na Rinne agus 60 dalta ag freastal ar Scoil na Leanaí le linn scoil bhliain 2016/17. Tagann na scoileanna seo faoi scáth Dheoise Phort Láirge agus an Leasa Mhóir agus feidhmíonn na scoileanna trí mheán na Gaelainne. Tá na scoileanna náisiúnta sa Ghaeltacht fíor-thábhachtach chun an Ghaelainn a choimeád lárnach i saol na bpáistí agus i saol an phobail agus tá ard-obair ar siúl ag foirne na scoileanna seo. Tá caighdeán ard oideachais curtha ar fáil iontu agus tuiscint ar an gcultúr agus faoin oidhreacht cothaithe sna páistí. Tá meánscoil amháin ag feidhmiú i nGaeltacht na nDéise; Meánscoil San Nioclás sa Rinn. D’fhreastal 124 dalta ar Mheánscoil San Nioclás sa scoilbhliain 2016/17. Is faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (BOO) a fheidhmíonn an scoil, atá aitheanta mar scoil DEIS. Feidhmíonn an scoil trí mheán na Gaelainne.

Tá nasc láidir tríú léibhéal cruthaithe ag Gaeltacht na nDéise le hollscoileanna agus le hinstitiúidí tríú léibhéal. I gcomhpháirt le IT Phort Láirge, eagraíonn Nemeton TV Ard Dioplóma i Léiriú Teilfíse go bliaintiúil. Is cúrsa Leibhéal a hOcht atá i gceist leis an gcúrsa seo, atá ar fáil ó 2006. Tá cáil ar an gcúrsa san earnáil toisc é a bheith lonnaithe i gcomhlacht léirithe teilifíse. Anuas ar seo, tá ceangal láidir idir Choláiste na Rinne agus roinnt institiúidí tríú léibhéal. Tá nasc láidir le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus eagraítear cúrsaí éagsúla, mar aon le modúil Ghaelainne ó chláir léinn na hOllscoile i gColáiste na Rinne. Cuireann Coláiste na Rinne cúrsaí eile ar fáil do mhic léinn tríú léibhéil, go háirithe iad siúd atá ag gabháil don bhunmhúinteoireacht. Is gá do mhic léinn atá ag gabháil don bhunmhúinteoireacht tréimhsí foghlama a chaitheamh sa Ghaeltacht le linn an chúrsa céime. Tagann suas le 250 ábhar oidí ó choláistí oiliúna do Mhúinteoirí go dtí Gaeltacht na nDéise gach bliain agus is gnó luachmhar é seo don cheantar. Tá na mic léinn seo ag teacht chun na Gaeltachta ar thóir na teanga agus cultúr na háite. Léiríonn an méid seo an tábhacht a bhaineann leis an nGaeltacht agus le hoidhreacht na Gaelainne. Tá naisc le hinstitiúidí tríú léibhéal ana-thábhachtach don Ghaeltacht bheag seo agus is ceart na naisc seo a neartú sna blianta romhainn amach. Aithnítear sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 an tábhacht a bhaineann le nasc a chothú idir Gaeltachtaí agus institiúidí tríú léibhéal agus tá deiseanna ann do Ghaeltacht na nDéise san earnáil seo.

### 3.1.2 An Sean Phobal

Tá dlús daonra níos ísle sa Sean Phobal ná mar atá sa Rinn. Is iad na háiseanna is tábhachtaí sa cheantar ná an bunscoil áitiúil, an Club CLG, an seipéal, an teach tabhairne agus an halla pobail, Halla Cholmáin. Tá páirc uile aimseartha suite in aice le tailte an CLG sa Sean Phobal. Tá Coiste Forbartha an tSean Phobail

freagrach as cúrsaí forbartha pobail agus bíonn tograí fiúntacha, ar nós imeachtaí sóisialta trí Ghaelainn agus cothabháil Halla Cholmáin idir lámha acu.

Tá monarcha amháin, Fónta Teo i bpáirc ghnó ÚnaG in aice le hOifig an Údaráis sa Sean Phobal. Seachas an gnó seo, is beag fostaíochta atá ar fáil sa cheantar. Tá súil go mbeidh ceangal maith leathanbhanda ar fáil sa Sean Phobal agus sa Rinn roimh dheireadh 2017 agus buntáiste mór a bheidh ann d'iarrachtaí forbartha fiontraíochta i nGaeltacht na nDéise.

Maidir le cúrsaí oideachais, tá réamhscolaíocht ar fáil i Naíonra an tSean Phobail, a fheidhmíonn trí mheán na Gaelainne. Tá bunscolaíocht ar fáil i Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt. Bhí 69 dalta ag freastal ar S.N. Bhaile Mhic Airt le linn scoil bhliain 2016/17. Tagann an scoil seo faoi scáth Dheoise Phort Láirge agus an Leasa Mhóir agus feidhmíonn an scoil trí mheán na Gaelainne. Tá scoileanna uile Ghaeltacht na nDéise cláraithe chun aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Ghaeltachta faoin bPolasaí Oideachais Ghaeltachta.

Tá traidisiún láidir drámaíochta sa cheantar, le hAisteoirí an tSean Phobail ag dul ó neart go neart le blianta anuas. Tá togra drámaíochta curtha i gcrích i S.N. Bhaile Mhic Airt agus eagraítear ócáid sa Sean Phobal d'Oíche Chultúir gach bliain. Tá traidisiúin amhránaíochta, ceoil agus litríochta sa cheantar leis. Tá láthair thábhachtaca oidhreachta sa Sean Phobal chomh maith. Tá obair chaomhnaithe déanta ag CFSP ar sheana-Reilig Bhaile an Aicéadaigh le déanaí agus tá cairn chúirte tábhachtach, ar a dtugtar An Cailleach Bhéara, suite i mBaile na Móna.

Bíonn Aifreann i nGaelainn sa Sean Phobal uair sa mhí.

Tá roinnt eagraíochtaí pobail ag obair sa Sean Phobal, ina measc:

- Coiste Forbartha an tSean Phobail - freagrach as bainistiú Halla Cholmáin
- Coiste Cúram Leanaí an tSean Phobail (COSCURSP)
- Mná Tuaithe an Sean Phobail
- Pobal ar Aire
- 'An Ghaeltacht'(Club CLG faoi aois)
- Peil na mBan an tSean Phobail
- CLG an tSean Phobail

## Easnamh

Is é an t-easnamh is mó atá aitheanta sa Sean Phobal i láthair na huaire ná easpa spáis shóisialta. Aithníodh go bhfuil géarghá le hionad sóisialta a fhorbairt sa Sean Phobal sna blianta amach romhainn. Faoi láthair is ar éigin go bhfuil aon áit ina mbuaileann an pobal le chéile go rialta, seachas Halla Cholmáin.

Tá seana-Thigh an tSagairt sa Sean Phobal folamh le roinnt blianta anois. Tá féidearthachtaí iontacha ag an bhfoirgneamh seo, atá taobh le talamh an Údaráis, d'fhorbairt mar spás fiontraíochta agus/nó spás sóisialta pobail. Tá forbairt an fhoirgnimh seo, atá i seilbh na nDeoise, ar mhaithe leis an bpobal áitiúil ar cheann de mhianta CFSP agus CFND, agus tá na féidearthachtaí á bplé leis an Údarás faoi láthair.


### 3.1.3 Gaeltacht na nDéise i gcomhthéacs an Cheantar Máguaird

Tá Gaeltacht na nDéise buailte le Dún Garbhán, baile atá tosnaithe ar phróiseas pleanála chun aitheantas a bhaint amach mar Bhaile Seirbhísí Gaeltachta, faoi mar atá sonraithe in Acht na Gaeltachta 2012. Tá mórchuid de mhuintir na Gaeltachta ag obair i nDún Garbhán agus is minic go dtéann muintir na Gaeltachta chun cónaithe i nDún Garbhán de bharr praghas ard na dtithe sa Ghaeltacht.

Tá nasc cruthaithe ag CFND le lucht gnó i nDún Garbhán agus tá an Comhlucht páirteach i reachtáil Ghradam Gnó na nDéise, gradaim a thugann aitheantas do lucht gnó a chuireann an Ghaelainn chun cinn. Tá rogha leathan institiúidí réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus meánscolaíochta sa cheantar mórthimpeall na Gaeltachta, idir Dún Garbhán agus Eochaill. Feidhmíonn formhór na n-áiseanna seo trí Bhéarla, seachas Naíonra Garbháin agus Scoil Gharbháin i nDún Garbhán, agus An Naíonra, Gaelscoil an Choráin agus sruth na Gaelainne i bPobalscoil na Tríonóide i mBaile Eochaille. Roghnaíonn tuismitheoir Gaeltachta na seirbhísí seo uaireanta mar go mbíonn sí/sé ag obair cóngarach dóibh nó de bharr go bhfuil siad níos cóngaraí dá t(h)igh cónaithe ar an gcéad dul síos ná na scoileanna sa Ghaeltacht.

Aithníodh limistéar na Gaeltachta mar atá anois sa mbliain 1974, an uair dheireannach a d'athraíodh teorainn Ghaeltacht na nDéise (féach léarscáil thíos). Tá Gaeltacht na nDéise ag síneadh thar trí toghroinn, toghroinn iomlán amháin (Baile Mac Airt - ED 25020) agus chuid de dhá toghroinn eile (An Rinn - ED 25034 agus Aird Mhór - ED 25019). Bíonn an Chomhlucht Forbartha ag plé le gnóthaí agus áiseanna atá lonnaithe sna bailte fearainn i dToghroinn na Rinne agus na hAirde Mhóire nach bhfuil sa Ghaeltacht, ar bonn rialta. Táthar den tuairim go mbeidh sé ina bhuntáiste don nGaeltacht dá mbeadh na gnóthaí agus na áiseanna seo lonnaithe laistigh de limistéir na Gaeltachta *(féach 6.7.2.4 – Limistéar na Gaeltachta a Mhéadú).*

Gaeltacht na nDéise sa lá atá inniu ann




## 3.2 Daonra Ghaeltacht na nDéise

Tá fás suntasach tagtha ar dhaonra na Gaeltachta seo le blianta beaga anuas. Léiríonn na graif thíos go raibh daonra na Gaeltachta seasmhach go leor i rith na hochtóidí agus go dtí lár na nóchaidí. Tá fás de bhreis is ceithre chéad duine, nó os cionn 30%, tagtha ar dhaonra na Gaeltachta ó 1996. Bhí ráta fáis níos airde i nGaeltacht na nDéise ná an meán náisiúnta thar an tréimhse seo. Tugann na graif thíos léargas níos doimhne dúinn ar an athrú atá tagtha ar dhaonra na Gaeltachta le seasca bliain anuas.

| Bliain | Daonra | Athrú | % Athrú |
|---|---|---|---|
| *1956** | 948 | | |
| *1961** | 792 | -156 | -16.5% |
| *1966** | 833 | +41 | +5.2% |
| *1971** | 866 | +33 | +4% |
| *1979* | 1383 | +517 | +59.7% |
| *1981* | 1391 | +8 | +0.6% |
| *1986* | 1434 | +43 | 3.1% |
| *1991* | 1368 | -66 | -4.6% |
| *1996* | 1347 | -21 | -1.5% |
| *2002* | 1454 | +107 | +8% |
| *2006* | 1632 | +178 | +12.2% |
| *2011* | 1784 | +152 | +9.3% |
| *2016* | 1816 | +32 | +1.8% |
| *Bhí limistéar na Gaeltachta níos lú sna blianta seo, méadaíodh limistéar na Gaeltachta sa bhliain 1974 | | | |


-Torthaí an Daonáirimh

Tá fás mear tagtha ar dhaonra Ghaeltacht na nDéise ó 1996 ar aghaidh. Ardú 32.3% thar fiche bliain.





-Torthaí an Daonáirimh

Léiríonn na graif seo go bhfuil fás mear tagtha ar dhaonra na Gaeltachta le fiche bliain anuas.




-Torthaí an Daonáirimh

Léiríonn an tábla thíos gur i measc daoine san aoisghrúpa 30-60 a bhfuil an fás is mó tagtha ar dhaonra na Gaeltachta. Daoine a bhog isteach sa cheantar is mó is cúis leis an bhfás seo. Scoil na Leanaí i gColáiste na Rinne is cúis leis an spíce i measc an aoisghrúpa 10-14.



## 3.3 Staid na Teanga

Tá sé soiléir ó Dhaonáireamh 2016 go bhfuil méadú i líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne i nGaeltacht na nDéise – ardú thar aon cheantar Gaeltachta eile sa tír. Dúirt 1,286 duine go bhfuil cumas labhartha Gaelainn acu (73.9% den daonra). As an bhfigiúir sin, labhraíonn 467 duine Gaelainn lasmuigh den chóras oideachais. Labhraíonn 324 duine Gaelainn laistigh den chóras oideachais amháin agus dúirt 157 duine go labhraíonn siad Gaelainn go seachtainiúil.

| | Líon | % (bunaithe ar an daonra >3bl. d'aois) |
|---|---|---|
| Daonra Iomlán | 1,816 | |
| Daonra 3+ | 1,738 | 100% |
| Daonra 3+ le cumas labhartha Gaelainn | 1,286 | 73.9% |
| Cainteoirí Laethúla Gaelainne: | | |
| Laistigh den chóras oideachais | 324 | 18.6% |
| Lasmuigh den chóras oideachais | 313 | 18% |
| Laistigh & lasmuigh den chóras oideachais | 154 | 8.8% |
| Cainteoirí Laethúla Gaelainne: Iomlán | 467 | 26.8% |

-Daonáireamh 2016

# Mír 4
# Ullmhú an Phlean Teanga

## 4.1 Foireann Pleanála Teanga

Roghnaigh Bord CFND Mícheál Ó Drisleáin le comhordú a dhéanamh ar ullmhú Phlean Teanga na nDéise i gcomhar le bord an Chomhluchta agus bainisteoir CFND, Críostóir Ó Faoláin. Iarbhainisteoir forbartha le CFND is ea Mícheál agus tá Diplóma sa Phleanáil Teanga aige. Ina theannta san, chuaigh CFND i gcomhpháirtíocht le Caitríona Breathnach ó Choláiste Mhuire Gan Smál agus ar mhaithe le mór thaighde a dhéanamh go háitiúil. Bean áitiúil ón Sean Phobail ó dhúchas í Caitríona Breathnach agus tá céim dochtúireachta á bhaint amach aici dár teideal 'Cad a spreagann rogha laethúil teanga sa Ghaeltacht - anailís ar an rogha teanga i nGaeltacht na nDéise'. Cuireadh tús leis an gcomhoibriú seo i mí an Mheithimh 2015 agus d'oibrigh Caitríona, Mícheál agus Críostóir as lámha a chéile i mbun taighde don plean teanga. Seachas meitheal pleanála teanga ar leith a bhunú, d'aontaigh Bord CFND go dtógfadh an Bord féin ceannas ar ullmhú an phlean teanga, os rud é go bhfuil saineolas agus taithí na mblianta ag na baill a bheith ag obair i réimse na forbartha pobail agus na teanga go háitiúil. Ceadaigh ÚnaG deontas €40,000 chun an obair phleanála teanga a chur i gcrích.

## 4.2 An Taighde

D'aontaigh Bord CFND go raibh gá le cúig mhór réimse taighde:

- Anailís ar Thorthaí Daonáirimh
- Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 - suirbhé ar thithe uile Ghaeltacht na nDéise
- Grúpaí Fócais - cruinnithe poiblí le páirtithe leasmhará ó na coistí pobail, na cumainn spóirt, scoileanna srl.
- Aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara - tugadh deis dár bpáirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt dúinn le linn an próiseas ullmhúcháin.
- Suirbhé sna scoileanna - scaipeadh ceistneoir ar dhaltaí sna scoileanna áitiúla maidir lena gcumas labhartha Gaelainne agus leis na háiseanna/seirbhísí a bhí de dhíth orthu.

## 4.3 Modheolaíocht

Bunaíodh An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge i 1970 chun leibhéal tacaíochta an phobail do bheartais teanga an stáit i leith na Gaelainne a mheas. B'é toradh an taighde úd ná nach raibh úsáid teanga in Éirinn bunaithe ar réimsí ach ar líonraí .i. níor úsáideadh Gaelainn agus Béarla ar chúiseanna áirithe, nó i gcomhthéacsanna difriúla, ach gur bhraith rogha teanga daoine orthu siúd a raibh siad ag labhairt leo ag am ar leith. I gcomhthéacs na teagmhála teanga, an iompaithe teanga agus an athraithe teanga, theastaigh ón gComhlacht Forbartha na réimsí úsáide Gaelainne sa phobal Gaeltachta seo i láthair na huaire a shainaithint.

Déantar cur síos ar thaighde cáilíochtúil mar bhailiú sonraí a bhaineann le tuairimí agus le dearcthaí daoine ar ábhar ar leith ar féidir léirmhíniú a bhaint astu ach nach féidir iad a bhailíochtú ó thaobh staitisticí de. Is iad breathnóireacht, agallóireacht agus cíoradh ar dhéantúsáin (cáipéisíocht san áireamh) na modhanna is coitianta a úsáidtear i dtaighde den tsaghas seo. Anuas ar an eolas faoi réimsí úsáide teanga an phobail, ba mhian le CFND plean cuimsitheach a chur i dtoll a chéile a chinnteodh todhchaí an cheantair agus beartaíodh go mbaileofaí na sonraí cáilíochtúla a bheadh mar bhonn don phlean úd ag baint úsáide as modhanna eitneagrafaíochta cosúil le ceistneoirí/suirbhéanna, grúpaí fócais sa dá phobal, agallaimh le páirtithe leasmhara agus breathnóireacht rannpháirteach.

## 4.4 Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga sa Rinn agus sa Sean Phobal trí shuirbhé dátheangach a chruthú. Chinneamar seans a thabhairt do gach uile ball den phobal an suirbhé a chomhlánú. Dearadh an suirbhé seo mar cháipéis daonáirimh nach mór; ba shuirbhé anaithnid a bhí ann ina raibh ceisteanna faoin teaghlach, faoin nGaelainn agus faoin nGaeltacht (idir úsáid agus dearcadh), faoina seirbhisí/áiseanna stáit/pobail atá ar fáil sa cheantar agus tugadh an deis do rannpháirtithe tuairimí nó moltaí breise a thabhairt dá mba mhian leo.

Fostaíodh daoine sa Ghaeltacht chun na suirbhéanna a scaipeadh agus tugadh coicís do dhaoine iad a chomhlánú. Bailíodh 497 as 600 suirbhé; is ionann sin agus ráta freagartha de 83%, atá níos airde ná an meán d'obair allamuigh den tsaghas seo. Is é an Dr Breandán Ó Caoimh ó Roinn na Tíreolaíochta i gColáiste Mhuire gan Smál a bhí freagrach, i gcomhar leis an gComhlacht Forbartha, as anailís a dhéanamh ar na sonraí a d'eascair as na suirbhéanna. Baineadh úsáid as an mbogearra SPSS chun amhlaidh a dhéanamh agus táimid go mór faoi chomaoin ag an Dr Ó Caoimh as ucht na cabhrach agus an chúnaimh go léir a thug sé dúinn leis an obair thábhachtach seo.

Bíonn an fhaisnéis a thagann as suirbhéanna úsáideach uaireanta chun cúlra agus comhthéacs a thabhairt do na treochtaí agus don chlaonadh a léiríonn pobail ar leith ó thaobh úsáid teanga. Tá sé mar bhun aidhm ag taighdeoir ciall a bhaint as taithí daoine. Baineann sonraí cáilíochtúla a eascraíonn as grúpaí fócais agus torthaí suirbhéanna leis an domhan sóisialta mór thimpeall orainn agus leo siúd a mhaireann ann. Dá bhrí sin, bhí na suirbhéanna fíor luachmhar ó thaobh faisnéis a sholáthar, a fheidhmeoidh mar bhonn do na beartais pleanála atá sonraithe sa tuarascáil seo.

## 4.5 Grúpaí Fócais

Baineann taighdeoirí cáilíochtúla an-úsáid as grúpaí fócais agus as agallaimh chun tuairimí a fháil ó rannpháirtithe; is féidir grúpaí fócais a úsáid chun faisnéis a ghinniúint faoi chomh-dhearcthaí agus na cúiseanna a bhíonn taobh thiar de na dearcthaí úd. Bíonn siad úsáideach chomh maith chun tuiscint níos doimhne a fháil ar thaithí agus ar thuairimí na rannpháirtithe; is féidir feidhm a bhaint as agallaimh chun dearcthaí, taithí, tuairimí agus na nithe a spreagann rannpháirtithe aonair a phlé agus a chíoradh. Bunaithe ar seo, deineadh an cinneadh gur mhaith an rud é grúpaí fócais a ghairm sa Rinn agus sa Sean Phobal, ar mhaithe le sonraí agus tuairimí eile a bhailiú ó dhaoine anuas ar na cinn a bailíodh cheana óna suirbhéanna. Bhí sé i gceist ag an gComhlacht go mbainfí úsáid as an dá fhoinse faisnéise úd mar bhunús do na beartais a bheadh sa Phlean ag an deireadh. Cuireadh fógraí faoina seisiún úd sna meáin áitiúla agus ar na Meáin Shóisialta i mí na Bealtaine 2016 agus reachtáileadh seisiún amháin i Halla Colmáin sa Sean Phobal ar an gCéadaoin, 25 Bealtaine agus ceann eile in Halla Pobail na Rinne ar an Luan, 30 Bealtaine. D’fhreastail slua maith ar an dá ócáid agus tar éis cur i láthair a thabhairt ar réamh-thorthaí an tsuirbhé, briseadh na rannpháirtithe isteach i ngrúpaí eágsúla agus le cabhair ó áisitheoirí neámhspleácha éagsúla tugadh deis dóibh tuairimí a nochtadh faoina téamaí seo a leanas:

**Teaghlaigh agus Daoine Óga:** Meon, rogha teanga, tacaíocht & seirbhísí atá ag teastáil, easnaimh; dúshláin Gaelainn a roghnú mar theanga teaghlaigh, cén fáth gur deineadh an rogha sin, imeachtaí, áiseanna srl., dearcadh ar cad atá ag teastáil.

**Oideachas**: An staid reatha, cén fáth go gcuirfeá/nach gcuirfeá do pháiste ag scoil Ghaeltachta, riachtanais, dúshláin, deiseanna, féidearthachtaí; céard atá de dhíth, Sealbhú na Gaelainne sa chóras oideachais

**Cultúr agus Traidisiún:** Staid reatha, saibhriú an chultúir agus na Gaelainne, tuiscint – cad is cultúr, riachtanais don todhchaí; cá bhfuil an cultúr / traidisiún láidir agus a mhalairt, an bhfuil sé oscailte do gach duine, conas daoine a mhealladh, conas níos mó deiseanna a chruthú, conas eolas ar imeachtaí a scaipeadh níos fearr.

**Cumainn Spóirt agus Eagrais Phobail:** Staid Reatha, cad atá ar fáil faoi láthair, úsáid teanga laistigh de na heagraíochtaí, conas tacú le coistí; cad atá ag teastáil, easnaimh atá anseo, cén tacaíocht atá ag teastáil ó na grúpaí, ról na n-eagraíochtaí/na gcumann sa phobal.

**Gnó, Feirmeoireacht, Iascaireacht agus Deiseanna Fostaíochta:**Staid Reatha, easnaimh, meon daoine sna hearnálacha seo i leith na Gaelainne**,** tuiscint; cén fostaíocht /gnó atá ag teastáil sa Ghaeltacht, cén tacaíocht atá ag teastáil, scéimeanna.

**Turasóireacht:** Coiste Fáilte, deiseanna agus dúshláin, céimeanna atá le tógaint, tacaíocht atá ag teastáil

**Ár bPobal:** Gach duine a mhealladh le chéile, daoine gan Gaelainn – conas iad a bheith páirteach, tuiscint ar na dúshláin agus na féidearthachtaí.

**Seanóirí:** Staid Reatha, osradharc ar na hathruithe ar an teanga agus ar an bpobal, dearcadh  - mar a bhí agus mar atá; na seirbhísí atá ag teastáil, meon i leith an phobail.

## 4.6 Ceistneoirí sna scoileanna

Cé go raibh seans ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl sa suirbhé, cheap CFND go raibh sé tábhachtach labhairt go díreach leis an aois-ghrúpa ríthábhachtach seo agus dá bhrí sin deineadh teagmháil i nDeireadh Fómhair 2016 le príomhoidí Scoil Naisiúnta na Rinne agus Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt ag lorg a gcead ceistneoir gairid a scaipeadh i measc na ndaltaí i Ranganna a 5 agus a 6 sa dá scoil. Cuireadh ceisteanna orthu faoina n-úsáid teanga féin, faoin dearcadh atá acu ar an nGaeltacht agus faoi na háiseanna atá sa cheantair don óige. Deineadh amhlaidh le Meánscoil San Nioclás nuair a deineadh teagmháil le Príomhoide na Meánscoile ag iarraidh a chead ceistneoir a bhí ar aon dul le ceistneoir na scoileanna náisiúnta a dháileadh i measc mac léinn na hIdirbhliana. Bhíothas den tuairim go raibh sé riachtanach tuairimí agus dearcthaí aos-óg an dá phobal a aimsiú maidir leis an nGaelainn ach go háirithe, ós rud gurb í an ghlúin seo todhchaí na háite. Pléadh na nithe seo a leanas leo chomh maith:-

a) Meon na n-óige
b) Staid reatha na teanga
c) Cad atá uathu
d) Tuiscint ar úsáid teanga
e) Luach na Gaelainne dóibh
f) Dearcadh faoi thodhchaí na háite

Fuaireamar 66 ceistneoir ar fad ar ais, 28 ón Mheánscoil, 25 ó Scoil Náisiúnta Baile Mhic Airt agus 13 ó Scoil Náisiúnta na Rinne agus cuireadh na moltaí san áireamh sna beartais i leith na hóige atá leagtha amach sa Phlean Teanga seo.

Mar a deineadh ó thús an phróisis pleanála teanga trí chéile, baineadh feidhm as córas eitice Choláiste Mhuire gan Smál – is gá do thaighdeoirí amhlaidh a dhéanamh agus iad ag plé le rannpháirtithe daonna.

## 4.7 Sampláil Bhreithiúnais

Cosúil le gach ceantar Gaeltachta eile sa tír tá céatadán den daonra sa Rinn agus sa Sean Phobal nach n-úsáideann an Ghaelainn mar theanga riamh – bheadh cúiseanna éagsúla ag baint leis seo agus toisc go raibh Plean á ullmhú ag an gComhlacht Forbartha a bheadh chun leasa agus chun tairbhe gach uile duine sa Ghaeltacht beartaíodh go mba mhaith an rud é deis a thabhairt dóibh siúd nach labhrann an Ghaelainn a dtuairimí a chur in iúl agus deineadh é seo trí cheistneoirí a scaipeadh ar dhaoine áirithe.

Is é prionsabail 'Sampláil Bhreithiúnais' a bhí mar bhonn ag an gcuid seo den taighde; tugann taighdeoirí faoi shampláil bhreithiúnais nuair a roghnaítear daoine ar leith le cead uathu - bunaithe ar a gcuid saineolais ar an ábhar atá á imscrúdú – agus lorgaítear a dtuairimí faoin dteanga, faoi bhonneagar na háite, faoi sheirbhísí, faoi thodhchaí an cheantair mar cheantar tuaithe agus mar Ghaeltacht, mar aon le haon mholtaí/tuairimí eile a bheadh acu.

Mar achoimre ar an méid atá sonraithe sa chaibidil seo, baineadh úsáid as na huirlisí taighde is éifeachtaí, dar linn, chun a chinntiú go n-éireodh linn ár mbun-aidhm a bhaint amach, .i., Plean Teanga a chruthú do Ghaeltacht na nDéise atá pobal-lárnach, ina bhfuil tuairimí, moltaí agus dearcthaí an phobail mar chrann taca aige agus a bheidh chun leasa agus chun tairbhe phobal Gaeltachta na Rinne agus an tSean Phobail don tréimhse seacht bliana amach romhainn agus níos faide.


# Mír 5
# Torthaí an Taighde

Tá sé beartaithe againn sa mhír seo na fíricí sonracha agus na tuairimí a bailíodh agus an plean á ullmhú a scagadh agus anailís a dhéanamh ortha. Dheineamar taighde agus anailís ar na foinsí seo a leanas don mhír seo: Torthaí Daonáirimh, Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015, Grúpaí Fócais, Aiseolas ónár bPáirtithe Leasmhara agus Suirbhé sna Scoileanna. Leagfar amach na príomhthorthaí taighde atá bailithe again ar dtús. Tá seacht gcinn de réimsí oibre aitheanta sa phlean seo agus beidh eolas á sholáthar againn de réir na réimsí san. Beidh bearta sonracha á n-aithint againn do gach réimse. Is iad na réimsí oibre atá aitheanta sa phlean seo ná: Teaghlaigh agus an Óige, Oideachas, Cultúr agus na hEalaíona, Pobal agus Spórt, Gnó agus Fostaíocht, Turasóireacht agus Oidhreacht agus An Stát.

## 5.1 Torthaí ar Staid na Teanga


### 5.1.1 Torthaí Daonáireamh ar Staid na Teanga

Tá níos mó daoine ná riamh ag labhairt na Gaelainne go laethúil lasmuigh den chóras oideachas i nGaeltacht na nDéise de réir torthaí Daonáireamh 2016.





-Daonáireamh 2006, 2011, 2016

Mar is léir sa graf thíos, tá fás leanúnach tagtha ar dhaonra Ghaeltacht na nDéise le fiche bliain anuas. Tá fás tagtha ar líon na gcainteoirí Gaelainne leis.




-Daonáireamh 1996, 2002, 2006, 2011, 2016




Tháinig ardú leanúnach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne thar an tréimhse seo. Bhí ardú de 217 i líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne agus ardú de 66 i líon na ndaoine nár labhair Gaelainn go laethúil sa tréimhse chéanna. Dá bharr seo, bhí ráta fáis níos airde ar líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne ná ar líon na ndaoine nár labhair an Ghaelainn go laethúil.


**Cainteoirí Laethúla na Gaelainne**
Ardú 39.3%

**Daoine nár labhair an Ghaelainn go laethúil**
Ardú 7.9%

Tháinig ardú ar chéatadán chainteoirí laethúla na Gaelainne le hais céatadán na ndaoine nár labhair an Ghaelainn go laethúil le linn na tréimhse seo chomh maith.

**Céatadán de Chainteoirí Laethúla - 2002**
39.8%

**Céatadán de Cainteoirí Laethúla - 2011**
46%




Tháinig ardú ar dhaonra na Rinne agus ar dhaonra an tSean Phobail araon thar an tréimhse seo.

Idir 2002 agus 2011 tháinig ardú de 216, nó 21.1% ar dhaonra na Rinne agus 61 nó 16.9% ar dhaonra an tSean Phobail.

Tháinig ardú leanúnach ar líon chainteoirí laethúla na Gaelainne sa Rinn agus sa Sean Phobal araon thar an tréimhse seo. Bhí ardú de 156 ar líon chainteoirí laethúla na Gaelainne sa Rinn agus 61 sa Sean Phobal. Bhí ardú de 60 ar líon na ndaoine nár labhair an Ghaelainn go laethúil sa Rinn agus 6 sa Sean Phobal sa tréimhse chéanna. De thoradh seo, bhí ráta fáis níos airde ar líon chainteoirí laethúla na Gaelainne ná ar líon na ndaoine nár labhair an Ghaelainn go laethúil sa Rinn agus sa Sean Phobal.

**Ráta Fáis - Cainteoirí Laethúla na Gaelainne**


**An Rinn**
35.3%


**An Sean Phobal**
55.5%

**Ráta Fáis – Daoine nach labhrann an Ghaelainn go laethúil**

**An Rinn**
10.3%


**An Sean Phobal**
2.3%






-Daonáireamh 2016


Tá Gaelainn ag tromlach den phobal agus tá labhairt na Gaelainne lasmuigh den chóras oideachais níos láidre ná mar a bhí sa bhliain 2011. Ag an am chéanna, chuir céatadán níos airde den pobal in iúl nach raibh Gaelainne acu sa bhliain 2016 ná sa bhliain 2011.






-Daonáireamh 2011

Is léir ó thorthaí an Daonáirimh go bhfuil pobal dílis Gaelainne i nGaeltacht na nDéise agus in ainneoin na n-athruithe ar fad sa phobal le blianta beaga anuas, tá an Ghaelainn fós tábhachtach don phobal Gaeltachta seo.

Tá comharthaí sóirt an aistrithe teanga le feiceáil .i. bíonn líon na gcainteoirí laethúla níos airde i measc na n-aoisghrúpaí scoile ná mar a bhíonn in aoisghrúpaí na ndaoine fásta. Neamhchosúil le ceantair eile i gcatagóir "B", áfach, tá céatadán níos ísle de na haoisghrúpaí is sine sa cheantar seo ina gcainteoirí laethúla Gaelainne. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an Ghaelainn ag teacht chun cinn sa cheantar seo. Cé gur i gcomhthéacs scoile is mó atá sí á húsáid ag daoine óga, tá úsáid na Gaelainne mar theanga cumarsáide níos comónta i measc an óige ná na haoisghrúpaí is sine. Tá feabhas nach beag tagtha ar úsáid laethúil na Gaelainne i ngach aoisghrúpa, sna haoisghrúpaí is óige ach go háirithe.




### 5.1.2 Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 – Staid na Teanga

5.1.2.A

De réir Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015, tá 71.3% de na tithe sna Déise lonnaithe sa Rinn agus 28.7% lonnaithe sa Sean Phobal.

5.1.2.B Príomhtheanga Labhartha an Tí

| | |
|---|---|
| Béarla amháin | 28.5% |
| Béarla is mó | 37.7% |
| An dá theanga mar a chéile | 20.1% |
| Gaelainn is mó | 8.0% |
| Gaelainn amháin | 5.7% |




Tá sé rí-shoiléir gur pobal dátheangach atá i nGaeltacht na nDéise. Tá cuid mhaith daoine sa chatagóir 'Béarla amháin' agus beifear ag iarraidh cuid den ghrúpa seo a thabhairt ar aghaidh agus Gaelainn a bheith in úsáid ag chuid acu sa bhaile laistigh de shaolré an phlean, chomh maith le méadú líon na dteaghlach a bhfuil an Ghaelainn in uachtar iontu.

5.1.2.C Bunús an Phobail


**Cad as do mhuintir Ghaeltacht na nDéise (Daoine fásta)**

| **Gaeltacht na nDéise** | Port Láirge | Gaeltacht eile | Áit eile in Éirinn | An Bhreatain | An Eoraip | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **479** | 203 | 8 | 169 | 51 | 14 | 12 | 936 |

Cuireadh ceist ar phobal na háite cárbh as dóibh agus tá sé suimiúil féachaint ar dhéantús an phobail. Tagann 51.2% den phobal ón Rinn agus ón Sean Phobal ach is léir go bhfuil daonra an-mhór ann sa Ghaeltacht nach de bhunadh na háite iad ó dhúchas. Cothaíonn sé seo dúshláin ó thaobh teanga agus freastal ar an bpobal ar fad, ach tá féidearthachtaí ann chomh maith chun an pobal ar fad a tharraingt le chéile.

### 5.1.2.D Cumas Labhartha Gaelainne an Phobail (Daoine Fásta)


| | |
|---|---|
| Lag | 293 |
| Cuíosach | 117 |
| Réasúnta | 143 |
| Go Maith | 127 |
| Líofa | 249 |




Cuireadh ceist ar na daoine fásta a d'fhreagair an suirbhé a gcumas Gaelainne labhartha a mheas. Deir 56% den phobal go bhfuil Gaelainn líofa, go maith nó réasúnta acu. Beifear ag iarraidh na figiúirí seo a mhéadú sna blianta beaga atá romhainn amach.

5.1.2.E Cad as do mhuintir na Gaeltachta agus a gcumas Gaelainne Labhartha?

| | | Gaeltacht na nDéise | Eile - Port Láirge | Gaeltacht eile | Áit eile in Éirinn | An Bhreatain | An Eoraip | Lasmuigh Eoraip |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cumas Gaelainn Labharta | Lag | 13.6% | 44.3% | 0% | 42.0% | 92.2% | 92.9% | 83.3% |
| | Cuíosach | 9.4% | 22.2% | 12.5% | 15.4% | 2.0% | 7.1% | 0% |
| | Réasúnta | 15.0% | 17.2% | 12.5% | 19.5% | 3.9% | 0% | 0% |
| | Go Maith | 17.7% | 11.3% | 12.5% | 11.8% | 0% | 0% | 0% |
| | Líofa | 44.3% | 4.9% | 62.5% | 11.2% | 2.0% | 0% | 16.7% |





Tá sé soiléir go bhfuil cumas labhartha na Gaelainne i bhfad níos láidre acu siúd gurb as an Rinn agus an Sean Phobal ó dhúchas dóibh. Deir 77% de mhuintir dhúchasach Ghaeltacht na nDéise go bhfuil Gaelainn 'líofa, go maith nó réasúnta acu'. Titeann sé seo go dtí 56% nuair a cuirtear gach éinne le chéile.

5.1.2.F Cumas Labhartha na Gaelainne agus aois

**Líon Daoine agus Aois**


| | | 20 – 29 | 30 - 39 | 40 - 49 | 50 – 64 | 65+ | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cumas Labhartha Na Gaelainne** | Lag | 9 | 46 | 85 | 81 | 68 | 293 |
| | Cuíosach | 8 | 20 | 38 | 36 | 15 | 117 |
| | Réasúnta | 11 | 27 | 29 | 54 | 19 | 143 |
| | Go maith | 19 | 16 | 24 | 36 | 29 | 127 |
| | Líofa | 49 | 42 | 50 | 53 | 43 | 249 |
| | **Iomlán** | **96** | **151** | **226** | **260** | **174** | **929** |




Tá sé dearfa go bhfuil pobal óg an cheantair níos cumasaí i labhairt na teanga ná an pobal níos sine. Ábhar misnigh é seo agus pointe tosaigh maith chun tógaint air.

5.1.2.G Cumas Gaelainne (Daoine Fásta) – Labhairt, Tuiscint, Léamh agus Scríobh

| | Labhairt | Tuiscint | Léamh | Scríobh |
|---|---|---|---|---|
| **Lag** | 293 | 236 | 276 | 314 |
| **Cuíosach** | 117 | 110 | 102 | 103 |
| **Réasúnta** | 143 | 120 | 117 | 116 |
| **Go Maith** | 127 | 161 | 148 | 127 |
| **Líofa** | 249 | 273 | 243 | 224 |




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

5.1.2.H Áiteanna/comhthéacsanna ina bhfuil se dúshlánach an Ghaelainn a úsáid

Cuireadh ceist ar an bpobal céard iad na háiteanna agus na comhthéacsanna ina bhfuil sé dúshlánach chun an Ghaelainn a labhairt agus as na freagraí ar fad, seo na cinn is mó a sheas amach agus a luadh go minic:

- Ag obair
- Labhairt le comharsana nach bhfuil Gaelainn acu
- Ócáidí sóisialta
- Tithe tábhairne
- Muna n-aithním go bhfuil Gaelainn ag daoine
- Ag labhairt le daoine líofa
- Cruinnithe
- Gardaí, Comhairle Contae, BOO
- Siopa
- Ag cruinnithe ina bhfuil daoine gan Gaelainn acu
- Do not wish to exclude anyone and so in social events unless in the Gaeltacht then defer to English
- I measc daoine a bhog isteach agus nár fhoghlaim an teanga

5.1.2.I Seirbhísí / áiseanna ag teastáil


Lorg an pobal roinnt seirbhísí agus áiseanna nach bhfuil ar fáil anois agus seo na héilimh ba choitianta a tháinig ón suirbhé:

| | | |
|---|---|---|
| Córas iompair maith sa Ghaeltacht | Seirbhísí óige | ATM |
| Naíolann | Leathanbhanda | Seirbhísí d’aosaigh |
| Leabharlann | Ionad spóirt | Nuachtlitir le heolas ar imeachtaí na háite |
| Siopa sa Sean Phobal | Gardaí | |

5.1.2.J Stádas na Gaeltachta a choimeád


Ba bheag nár aontaíodh d’aon guth gur mian le pobail na Gaeltachta stádas Gaeltachta an cheantair a choimeád. Bhraith céatadán ollmhór de 96.5% den daonra i gceantar Ghaeltacht na nDéise san iomlán go mba cheart go gcoinneodh an ceantar an stádas reatha.

Tá sé le tuiscint as seo go bhfuil fonn láidir ar an bpobal stádas Gaeltachta na nDéise a choimeád agus a neartú agus go bhfuil an pobal ag tacú le lucht ceaptha beartais agus polasaithe chun féiniúlacht an cheantair seo a chaomhnú agus a neartú.





Suirbhé Ghaeltacht na nDéise, 2015

Tá na daoine is óige sa phobal ag tacú go láidir le stádas Gaeltachta a choimeád. Tá an tacaíocht san ón bpobal an-thábhachtach agus léiríonn sé an luach, meas agus tábhacht a bhraitheann pobal na háite sa Ghaeltacht seo.




| | | Gaeltacht na nDéise | Áit Eile i bPort Láirge | Áit Eile |
|---|---|---|---|---|
| 'Is rud fíor thábhachtach é stádas Gaeltachta an cheantair seo a choimeád' | Easaontaím go láidir | 20 | 2 | 8 |
| | Easaontaím | 2 | 1 | 1 |
| | Níl a fhios agam | 16 | 15 | 14 |
| | Aontaím | 115 | 60 | 81 |
| | Aontaím go láidir | 292 | 113 | 139 |




Suirbhé Ghaeltacht na nDéise, 2015

Léiríonn na graif thuas go bhfuil an stádas Gaeltachta tábhachtach fiú do dhaoine nach ón Rinn nó ón Sean Phobal ó dhúchas iad.

5.1.2.K Céard is gá a dhéanamh chun go mbeadh an Ghaeltacht beo sa Rinn agus sa Sean Phobal i gceann 20 bliain?

Seo a leanas tuairimí an phobail i leith na ceiste seo:

- Í a labhairt leis na leanaí ón gcliabhán, ranganna agus áiseanna a chur ar fáil do dhaoine a thagann chun cónaithe sa cheantar, Gaelainn a úsáid le mórtas agus meas a bheith againn ar an dteanga
- Forbairt bhreise ar an obair atá ar siúl faoi láthair
- Níor chóir go mbeadh cead ag daoine nach n-úsáidfidh Gaelainn teach a cheannach nó a thógaint, gan geallúint a thabhairt go n-úsáidfear an Ghaelainn amháin
- Cead pleanála a thabhairt do dhaoine le Gaelainn
- Seirbhísí do theaghlaigh le páistí óga (campaí samhraidh, seirbhísí iarscoile trí mheán na Gaelainne)
- Gaelainn a spreagadh san aos óg
- Tacaíocht a thabhairt do na scoileanna agus obair a chur ar bhun sa cheantar
- Níos mó postanna bunaithe sa cheantar
- Tá an-chuid daoine nua nach ón gceantar iad ina gcónaí ann. Caithfimid iad san a thabhairt linn chun a chinntiú go mbeimid mar Ghaeltacht i gceann 20 bliain
- Tábhacht ár dteanga a chur ina luí ar dhaoine
- Daonra a spreagadh a bheidh compordach í a labhairt
- Maoiniú do thionscadal pobail
- Tuismitheóirí a mhealladh chun Gaelainn a labhairt lena bpáistí
- Breis béime ar Ghaelainn in áiteanna póiblí
- Daoine óga a spreagadh chun suim a bheith acu sa teanga
- Is gá don phobal duine ar dhuine seasamh leis an teanga agus í a labhairt agus cearta teanga a éileamh. Ní oibreoidh aon scéim ná plean muna gcinneann daoine ar a bheith freagrach as an gcinneadh. Is gá do dhaoine a bheith ionraic, macánta agus bheith sásta tabhairt don teanga seachas tógaint uaithi
- Gníomh - go labhrófaí níos minicí í - misneach a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sí acu
- Forbairt na Gaelainne - cultúr na háite a choimeád - níos mó fostaíochta sa cheantar
- Ceapaim féin nach féidir Gaeltacht a choimeád beo gan an pobal a choimeád beo agus pé uirlis is féidir a úsáid chun an meon pobail a spreagadh ba chóir é a úsáid
- An Ghaelainn a neartú sna heagraíochtaí atá ar fáil sa cheantar
- Dul i ngleic le fadhbanna tithíochta agus iarracht a dhéanamh cabhrú le daoine gur mhaith leo cónaí sa Ghaeltacht.

# 5.2 Teaghlaigh agus an Óige

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde i réimse an Teaghlaigh agus an Óige de réir Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015.

## 5.2.A Páistí a thógaint le Gaelainn

Bhí tromlach mór den phobal den tuairim gur rud maith é páistí a thógaint le Gaelainn.

**'Is rud maith é páistí a thógaint le Gaelainn'**

| **Aois** | **20 – 29** | **30 - 39** | **40 – 49** | **50 – 64** | **65+** |
|---|---|---|---|---|---|
| Aontaím | 90.2% | 84.5% | 86.3% | 88.3% | 82.3% |
| **Cárbh as Duit** | **Gaeltacht na nDéise** | **Áit eile in Éirinn** | **Thar Lear** | | |
| Aontaím | 89.1% | 83.1% | 83.3% | | |


-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

**'Is rud maith é páistí a thógaint le Gaelainn' agus Cumas Labhartha na Gaelainne**

| | Cumas Labhartha na Gaelainne | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Lag | Cuíosach | Réasúnta | Go Maith | Líofa | Iomlán |
| Easaontaím go láidir | 11<br>3.9% | 8<br>6.8% | 6<br>4.3% | 7<br>5.6% | 5<br>2.1% | 37<br>4.1% |
| Easaontaím | 15<br>5.3% | 4<br>3.4% | 1<br>.7% | 1<br>.8% | 4<br>1.7% | 25<br>2.8% |
| Níl a fhios agam | 41<br>14.5% | 5<br>4.3% | 8<br>5.7% | 1<br>.8% | 5<br>2.1% | 60<br>6.6% |
| Aontaím | 125<br>44.2% | 52<br>44.4% | 54<br>38.6% | 47<br>37.9% | 31<br>12.8% | 309<br>34.1% |
| Aontaím go láidir | 91<br>32.2% | 48<br>41.0% | 71<br>50.7% | 68<br>54.8% | 197<br>81.4% | 475<br>52.4% |
| Iomlán | 283<br>100.0% | 117<br>100.0% | 140<br>100.0% | 124<br>100.0% | 242<br>100.0% | 906<br>100.0% |


-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Tá ról fíor-thábhachtach ag an dteaghlach in aon cheantar Gaeltachta chun an teanga a choimeád beo. Tá pobal Ghaeltacht na nDéise ag aontú go láidir gur rud maith é páistí a thógaint le Gaelainn. Anuas ar san, aontaíonn na daoine a bhog isteach sa cheantar go bhfuil tábhacht ag baint le páistí a thógáint le Gaelainn freisin. Arís, tá sé dearfa go bhfuil an pobal idir 20 agus 49 bliana d'aois ag tacú go láidir le tógáil páistí le Gaelainn. Mar sin féin, tá tromlach mór na ndaoine óga ina gcónaí i dtithe ina bhfuil Béarla amháin nó Béarla is mó in úsáid mar phríomhtheanga labhartha an tí.





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Aithníodh sa suirbhé seo go bhfuil coibhneas láidir idir phríomhtheanga labhartha an tí agus cumas teanga na ndaoine óga.




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Léirigh an suirbhé gurb é an Béarla is mó atá in úsáid ag tromlach na ndaoine óga sa mbaile agus ba láidre an Ghaelainn mar theanga labhartha sa bhaile i measc an óige sa Rinn ná sa Sean Phobal.





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

5.2.B Cumas Gaelainne daoine óga na nDéise

| | Lag % | Cuíosach % | Réasúnta % | Go Maith % | Líofa % |
|---|---|---|---|---|---|
| Labhairt | 11.2 | 10.7 | 12.1 | 22.7 | 43.3 |
| Tuiscint | 9.6 | 9.3 | 10.7 | 24.2 | 46.2 |
| Léamh | 9.8 | 8.9 | 10.2 | 26.8 | 44.3 |
| Scríobh | 10.8 | 8.3 | 12.7 | 26.2 | 42.0 |

-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Léirigh an suirbhé go bhfuil Gaelainn líofa nó go maith ag tromlach na ndaoine óga i nGaeltacht na nDéise. Ábhar dóchais is ea é seo. Tá cumas Gaelainne an óige cuid mhaith chun cinn ar úsáid na Gaelainne ag an aois-ghrúpa seo agus iad sa mbaile. Léiríonn an méid seo an ról thar a bheith tábhachtach atá ag an gcóras oideachais i bhforbairt na Gaelainne i measc an óige agus ardaíonn sé ceist chomh maith maidir le rogha teanga an teaghlaigh.

5.2.C Úsáid Teanga i Measc Daoine Óga

De réir thorthaí Daonáireamh 2011, is cosúil gur laistigh den chóras oideachas amháin a bhíonn tromlach na ndaoine óga ag labhairt na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise.




-Daonáireamh 2011


## 5.2.D Cá n-úsáidtear an Ghaelainn?

| | Béarla amháin | Béarla is mó | Dá theanga mar a chéile | Gaelainn is mó | Gaelainn amháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar Scoil | 11.9 | 17.2 | 9.8 | 24.3 | 36.8 |
| Cúrsaí Spóirt | 18.8 | 23.2 | 22.6 | 26.8 | 8.6 |
| Ag an Séipéal | 22.7 | 19.2 | 27.4 | 20.2 | 10.4 |
| Sa mbaile | 21.0 | 39.8 | 21.0 | 11.2 | 7.0 |
| Sa Siopa | 31.2 | 24.2 | 28.1 | 11.0 | 5.5 |
| Le gaolta | 30.4 | 33.3 | 24.1 | 8.7 | 3.5 |
| Ócáidí Sóisialta | 29.8 | 28.9 | 29.5 | 10.0 | 1.8 |
| Le Cairde | 26.3 | 28.9 | 35.4 | 7.9 | 1.5 |

-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015


## 5.2.E Caitheamh Aimsire agus Teanga

Tá éagsúlacht ag baint le húsáid na Gaelainne ag brath ar an gcaitheamh aimsire atá ar bun.




-Suirbhé sna Scoileanna

## 5.2.E Áiseanna don óige atá in easnamh




-Suirbhé sna Scoileanna

## 5.2.F Aiseolas ó na Grúpaí Fócais i dtaobh Teaghlaigh agus an Óige

**An Rinn**

I measc na nithe a bhí pléite ag muintir na Rinne i dtaobh Teaghlaigh agus an Óige, luaigh said go raibh **úsáid na Gaelainne** i measc na dteaghlach agus an aosa óig **feabhsaithe** le tamaill de bhlianta agus go raibh suim ag tuismitheoirí a dteaghlaigh a thógaint le Gaelainn. Mhol daoine go mbeidh sé tábhachtach an Ghaelainn a fheiscint agus a chloisint sa cheantar chun feasacht teanga i leith na Gaelainne a chothú agus a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Maidir le déagóirí an cheantair cuireadh in iúl gur beag atá ar fáil dóibh le déanamh um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine agus mar an chéad chéim chun an staid seo a chur ina cheart go raibh géarghá **club óige** a thosnú aríst, leis an gcoinníoll gur club trí mheán na Gaelainne a bheadh ann. Moladh chomh maith go gcuirfí **oiliúint in obair óige** ar fáil do dhaoine óga an cheantair chun go mbeidis in ann tabhairt faoin obair seo iad féin de réir a chéile.

I measc na nithe eile a moladh bhí: seoltóireacht do dhéagóirí, cadhcáil, céardaíocht láimhe, scileanna praiticiúla a fhoghlaim, cáilíocht a bhaint amach mar ghárda tarrthála an RNLI, scileanna a mhúineadh do dhéagóirí, **athbheochaint na drámaíochta** (lúibíní agus agallamh beirte) agus na hamhránaíochta, comórtaisí idir na bailte fearainn, rincí seite, agus an **géargá le seirbhísí cúraim leanaí** tré Ghaelainn. Luadh go raibh plean ag teacht le chéile chun an spás a bhí aitheanta in aice le **hImearlann na Rinne** a fhorbairt chun go mbeadh sé ar fáil do dhéagóirí agus do sheanóirí chun coirmeacha ceoil, drámaí & léirithe eile a dhéanamh sa tsamhradh.

**An Sean Phobal**

Pléadh Teaghlaigh agus Daoine Óga ag na grúpaí fócais sa Sean Phobal chomh maith. Cuireadh in iúl go raibh **spiorad iontach pobail** i bparóiste an tSean Phobail, go raibh **an-éileamh ar an CLG** agus go mbaintear an-úsáid as an bpáirc uile aimsire; luadh **láidreacht an Chumainn drámaíochta** chomh maith. Ó thaobh na n-áiseanna agus na seirbhísí atá ag teastáil ó dhaoine óga sa Seana Phobal tá club óige do dhéagóirí, **ranganna Gaelainne** ar leibhéil éagsúla do thuismitheoirí ar mhian leo a dteaghlaigh a thógaint trí mheán na Gaelainne; **cúram leanaí** do pháistí nár chuaigh ar scoil fós mar aon le **siopa** a dhíolfadh bun earraí cosúil le bainne/arán/tae.

# 5.3 Oideachas


Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde i réimse an Oideachais de réir Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015.

5.3.A Freastal ar Naíonra, Bunscoil agus Meánscoil sa Ghaeltacht

| | An Sean Phobal | An Rinn | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar naíonra sa Ghaeltacht | 9 | 19 | 28 | 75.7 |
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar naíonra lasmuigh den Ghaeltacht | 3 | 6 | 9 | 24.3 |
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar bhunscoil sa Ghaeltacht | 41 | 103 | 144 | 73.1 |
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar bhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht | 12 | 41 | 53 | 26.9 |
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar mheánscoil sa Ghaeltacht | 26 | 33 | 59 | 51.3 |
| Líon na bpáistí atá ag freastal ar mheánscoil lasmuigh den Ghaeltacht | 15 | 41 | 56 | 48.7 |


-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Léirigh na freagraí go bhfuil céatadán ard de na leanaí réamhscoile ag freastal ar an naíonra laistigh den Ghaeltacht. Tá tábhacht nach beag leis an méid seo do thodhchaí na Gaelainne sa phobal, toisc go bhfuil na naíonraí seo ag feidhmiú mar thearmainn don teanga.





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Mar is léir, is beag cailliúint atá i gceist ó thaobh líon na bpáistí a théann ó na naíonraí isteach go dtí na bunscoileanna sa Ghaeltacht.




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015


Léirigh na torthaí nach mbíonn sé chomh nádúrtha céanna dul ón scoil náisiúnta áitiúil isteach 'dtí an mheánscoil Gaeltachta. Tá níos lú na leath de dhéagóirí na Rinne ag freastal ar an meánscoil áitiúil. Níl an fhadhb chomh holc i gcás an tSean Phobail.





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Is léir go bhfuil freastal maith ar naíonraí agus bunscoileanna sa Ghaeltacht ach feictear titim nuair a thagann sé go dtí léibhéal na Meánscoile. Tá sé aitheanta sa phlean go bhfuil oideachas i nGaelainn fíor-thábhachtach do thodhchaí Ghaeltacht na nDéise agus leagfar amach spriocanna chun tacú leis na hinstitiúidí oideachais sa cheantar. Beifear ag súil thar shaolré an phlean líon na ndaltaí atá ag freastal ar na hinstitiúidí oideachais a mhéadú.

## 5.3.B Leibhéal Oideachais ag Daoine Fásta




-Daonáireamh 2011





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Tá ceangal dearfach idir an leibhéal oideachais atá bainte amach ag duine agus cumas labhartha Gaelainne an duine sin. Léiríonn an treocht seo an tábhacht a bhaineann leis an gcóras oideachais chun an Ghaelainn a chothú sa phobal.

**Cumas Labhartha na Gaelainne agus Leibhéal Oideachais**

| | Bunscoil | Teastas Sóisearach | Ardteist | Printíseacht | Teastas | Dioplóma | Céim | Iarchéim |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Lag | 45 | 41 | 59 | 11 | 30 | 31 | 51 | 15 |
| | 50.0% | 37.6% | 30.4% | 26.8% | 30.0% | 25.8% | 31.3% | 16.9% |
| Cuíosach | 11 | 12 | 24 | 5 | 13 | 17 | 19 | 15 |
| | 12.2% | 11.0% | 12.4% | 12.2% | 13.0% | 14.2% | 11.7% | 16.9% |
| Réasúnta | 10 | 24 | 27 | 6 | 18 | 16 | 23 | 14 |
| | 11.1% | 22.0% | 13.9% | 14.6% | 18.0% | 13.3% | 14.1% | 15.7% |
| Go maith | 8 | 17 | 33 | 7 | 17 | 18 | 18 | 7 |
| | 8.9% | 15.6% | 17.0% | 17.1% | 17.0% | 15.0% | 11.0% | 7.9% |
| Líofa | 16 | 15 | 51 | 12 | 22 | 38 | 52 | 38 |
| | 17.8% | 13.8% | 26.3% | 29.3% | 22.0% | 31.7% | 31.9% | 42.7% |
| Iomlán | 90 | 109 | 194 | 41 | 100 | 120 | 163 | 89 |
| | 100.0% | 100.0% | 100.0% | 100.0% | 100.0% | 100.0% | 100.0 % | 100.0% |


-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015





-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Is léir go bhfuil tionchar ag léibhéal oideachais duine ar a gcumas labhartha Gaelainne. Téann roinnt mhaith daltaí Meánscoile ar aghaidh go dtí oideachas tríú léibhéal sa cheantar agus tionchar aige seo ar na deiseanna fostaíochta a bhíonn acu ar ball.

## 5.3.C Suirbhé sna Scoileanna




-Suirbhé sna Scoileanna




-Suirbhé sna Scoileanna

Léirigh an suirbhé a deineadh sna scoileanna go dtagann íslú in úsáid na Gaelainne taobh amuigh den scoil de réir mar a théann na daltaí in aois.

5.3.D Aiseolas ó na Grúpaí Fócais i dtaobh Oideachais

**An Sean Phobal**

I measc na nithe a phléigh muintir an tSean Phobail i dtaobh cúrsaí oideachais bhí **ranganna Gaelainne** agus **ranganna Oíche**. Dúradh go raibh gá le **cúram iarscoile** nó **club obair bhaile** don Sean Phobal. D'éiligh baill an phobail go mbeadh **ócáidí ann chun labhairt na Gaelainne a spreagadh** i measc tuismitheoirí agus daoine óga. Luaigh daoine eile go bhfuil tábhacht le **feiceálacht na teangan** agus mhol siad fógraí i nGaelainn a chur in airde sa scoil agus ag áiseanna eile sa cheantar. D'iarr baill an phobail go mbeidh iarracht déanta daoine óga a spreagadh chun freastal ar imeachtaí chultúrtha ar nós Scór na nÓg agus an tOireachtas. Tháinig ceist an **leathanbhanda** aníos go minic i gcomhthéacsanna éagsúla, réimse an oideachais san áireamh. Mhol daoine gur cheart **suirbhé** a eagrú chun a fháil amach dé chúis go dtéann páistí ar scoil lasmuigh den Ghaeltacht.

**An Rinn**

I measc na nithe a bhí luaite ag muintir na Rinne i dtaobh cúrsaí oideachas bhí **ranganna Gaelainne** agus **ranganna Oíche** eile. Dúradh gur cheart go mbeadh na ranganna seo saor agus córasach. Moladh gur cheart féachaint ar **dhianchúrsa samhraidh** a eagrú. Mhol baill den phobal gur cheart **imeachtaí taitneamhacha feidhmiúla**, ar nós siúlóid, cócaireacht, ealaíon, Yoga srl, a reachtáil mar dheis foghlama do dhaoine atá ar bheagán Gaelainne. Tháinig sé aníos gur cheart **timpeallacht an oideachais a Ghaelú**. Iarradh go mbeadh na scoileanna ag feidhmiú ina dtearmainn teanga agus go mbeadh feasacht i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí gur áit Ghaelach iad na scoileanna. Braitheadh baol a bheith ann go dtabharfaí le fios do dhaoine óga gur teanga scoile amháin atá sa Ghaelainn. Dúradh gur cheart iarracht a dhéanamh sna scoileanna **daoine óga a chur go dtí comórtais an Oireachtais**.

Cuireadh an cheist cad is cúis leis an gcailliúint daltaí ó thaobh earcaíochta ó bhunscoil na Rinne go dtí Meánscoil San Nioclás. Moladh gur fiú suirbhé a dhéanamh air seo chun an scéal a thuiscint i gceart. Moladh slite a aimsiú, m.sh., cuairt, cuireadh go himeachtaí srl, chun **nasc idir an bhunscoil agus an mheánscoil a fhorbairt** ionas go mbeidh sé nadúrtha do dhaltaí dul ón mbunscoil ar aghaidh dtí an mheánscoil sa Ghaeltacht. Dúradh go bhfuil ranganna Gaelainne de dhíth ar thuismitheoirí mar go dteastaíonn uathu cabhrú lena bpáistí leis an obair bhaile.

Braitheadh gur baol é d'iompar teanga an pháiste más rud é go bhfuil easpa deiseanna seach-churaclaim ar fáil i nGaelainn. Thug máthair amháin faoi ndeara gur Gaelainn a bhíonn á labhairt ag an bpáiste sa charr ar an slí isteach go dtí ranganna *ballet* sa mbaile mór, ach de bhrí gur tré Bhéarla a bhíonn an rang gur Béarla a bhíonn acu ar an slí abhaile. Mhol daoine gur cheart na sean-traidisiúin, cosúil le fúáil/bácáil srl a mhúineadh do dhaoine óga. Moladh go dteastaíonn **oiliúint i gcúrsaí gnó** sa cheantar, gur cheart go mbeidh teacht ar mheantóirí agus d'iarr daoine go gcuirfí scéim ar bun chun scileanna a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh gnó a thosnú.

Moladh gur cheart tógaint ar an obair atá ar siúl ag Coláiste na Rinne chun a réimse táirgí foghlamtha a fhorbairt, cúrsaí do dhaoine fásta, cúrsaí do mhicléinn tríú leibhéal, coláistí oiliúna, idirbhliain, daoine sna SAM srl. Moladh féachaint ar ionad ar nós 'Oideas Gael' a fhorbairt, ag nascadh na teanga, na hoiliúna, na n-ealaíon, an cheoil, na seandálaíochta srl le chéile chun eispearas iomlán cultúrtha Gaelach a thairiscint do dhaoine. Moladh gur cheart iarracht a dhéanamh na scoláirí ITPL a bhíonn ag Nemeton a cheangal isteach níos mó sa cheantar nuair atá siad anseo. Bíonn ceoltóirí, ealaíontóirí, amhránaithe iontacha ina measc ó am go chéile- féachaint ar shlite chun a dtalainn siúd a chur ag obair sa cheantar.

# 5.4 Cultúr agus na hEalaíona

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde sa réimse Cultúr agus na hEalaíona de réir Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015.

5.4.A Gaol idir stádas Gaeltachta agus féiniúlacht

I Suirbhé Ghaeltacht na nDéise a deineadh i mí na Samhna 2015, luadh focail cosúil le *dúchas*, *oidhreacht*, *stair*, *traidisiún* agus *cultúr* mar fhreagra ar '**dé chúis go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfadh an ceantar a stádas mar Ghaeltacht?**' Chuir rannpháirtí amháin in iúl nach mbeimis '*ach leath-Ghaelach gan é*' agus gurab '*í ár gcultúr í – ní mar ualach dúinn í agus sinn bródúil aisti*'.




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Bíonn an teanga a úsaideann duine fite fuaite lena gcultúr. Tuigeann an pobal Gaeltachta seo an ghné chultúrtha agus oidhreachta seo a bhaineann leis an dteanga atá acu agus tuigeann siad an tábhacht a ghabhann le caomhnú agus le cur chun cinn na hoidhreachta sin chun í a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Tugann an teanga agus an cultúr Gaelach féiniúlacht chultúrtha ar leith do na pobail Ghaeltachta éagsúla mórthimpeall na tíre agus tá sé tábhachtach go gcuirfear gréasán imeachtaí agus ócáidí ar fáil sa Phlean Teanga a spreagfaidh agus a chuirfidh an fhéiniúlacht ar leith seo chun cinn.

## 5.4.B Aiseolas ó na Grúpaí Fócais i dtaobh cultúir & na n-ealaíon

**An Rinn**

I measc na nithe a phléigh muintir na Rinne, bhí áiseanna do dhéagóirí. Luaigh daoine, cé go raibh an-chuid rudaí dearfacha ar siúl sa cheantar, is beag atá ar fáil do dhéagóirí. Nochtadh an tuairim nach bhfuil mórán le déanamh sa cheantar ag déagóirí nach bhfuil suim acu i gcúrsaí spóirt. Mhol daoine gur cheart deiseanna, ó thaobh an cheoil, an spóirt, na drámaíochta agus na hamhránaíochta de, a fhorbairt sa cheantar. Moladh **Dánlann Joan Clancy** agus bhíothas den tuairim go raibh obair iontach ó thaobh na n-ealaíon de á dhéanamh sna scoileanna, i Meánscoil San Nioclás go háirithe. Luaigh daoine tionscadail chun nasc agus gaol a chruthú idir mhic léinn na Meánscoile agus seanóirí an cheantair.

Mhol daoine an **tionscnamh amhránaíochta *'Sean Nós Beo'*** a fhorbairt arís. Cuireadh in iúl gur cheart **seisiúin cheoil a eagrú do pháistí** ar mhaithe le deis a thabhairt do cheoltóirí óga páirt a ghlacadh i seisiúin rialta sa cheantar. Pléadh **Cultúrlann** béaloidis a thógaint chun stair an cheantair a cheiliúradh, a bheadh bunaithe ar eiseamláir Oideas Gael i nGleann Cholm Cille, a thógaint i gColáiste na Rinne ina nascfaí teanga, oiliúint, ealaín, ceol, seandálaíocht srl le chéile chun eispéaras iomlán cultúrtha Gaelach a thabhairt do dhaoine.

Moladh cór do mhná a fhorbairt mar atá déanta le Cór Fear na nDéise agus cuireadh in iúl gur gá do Chór na bhFear níos mó fógraíochta a dhéanamh chun daoine nua a mhealladh isteach. Luaigh daoine gur cheart n**a sean-thraidisiúin a mhúineadh,** ceard na hiascaireachta, fuáil, bácáil, cluichí ón gclós scoile, agus nádúr, bláthanna, crainn, luibheanna srl a mhúineadh do pháistí óga. Moladh sraith d'**oícheanta cultúrtha** a eagrú sa samhradh leis.

**An Sean Phobal**

I measc na nithe a phléigh muintir an tSean Phobail i dtaobh an chultúir agus na n-ealaíon, cuireadh in iúl go raibh spiorad iontach pobail sa Sean Phobal agus go bhfuil go leor ar siúl idir an Rinn agus An Sean Phobal chun ár gcultúr a chur chun cinn. Deineadh tagairt ar leith don obair atá ar siúl ag Bantracht na Tuaithe sa Sean Phobal, ag Cairde na nDéise, ag Aisteoirí an tSean Phobail, ag Húlaí na nDéise sa Rinn, agus ag an gcraobh áitiúil de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i measc dreamanna eile. Maidir leis na háiseanna atá ag teastáil sa Sean Phobal léiríodh an tuairim láidir go mba cheart go gcuirfí **feabhas ar Halla Naomh Colmáin** agus pléadh an fhéidearthacht a bhainfeadh le Tigh an tSagairt a athchóiriú mar **ionad sóisialta agus pobail**.

Moladh freisin go gcuirfí tús le sraith de ranganna oíche ar ábhair éagsúla, ranganna ceoil, amhránaíochta ag díriú ar an dtraidisiún amhránaíochta áitiúl agus Gaelainne, mar shampla, mar aon le club leabhar do dhaoine fásta ina ndéanfar leabhair na háite a phlé. Maidir leis an todhchaí, moladh na daoine a thógann an dualgas orthu féin na himeachtaí go léir a rith, ach cuireadh in iúl go bhfuil tacaíocht an phobail thar a bheith tábhachtach mar aon le teacht ar fhoinsí airgid chun leanúint ar aghaidh leis an dea-obair; chuige sin, mar shampla, moladh comhoibriú le muintir na Rinne chun imeachtaí cultúrtha a eagrú don cheantar.

### 5.4.C Suirbhé sna Scoileanna i dtaobh cultúir agus na n-ealaíon

Sa cheistneoir a scaipeadh ar scoileanna an cheantair ag tús an Fhómhair, 2016 cuireadh ceisteanna ar dhaltaí faoi chaitheamh aimsire móide na háiseanna nach bhfuil ar fáil don aos óg sa cheantar dar leo. Cé gur luadh gach saghas spórt mar chaitheamh aimsire na n-óg sa dá thaobh den cheantair, is léir go bhfuil suim acu i rudaí le gné cultúrtha chomh maith - rince, dramaíocht agus canadh go háirithe. Nuair a iarradh orthu sa cheistneoir céanna cad iad na háiseanna don óige atá in easnamh ón gceantar seo, luadh siúlóidí stairiúla, turasanna go ceantracha Gaeltachta eile i measc an iliomad rudaí eile.

# 5.5 Pobal agus Spórt

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde sa réimse pobail agus spóirt de réir Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015.

5.5.A Tigh a cheannach - deacrachtaí

Cuireadh an cheist an acmhainn don duine tigh a cheannach sa Ghaeltacht. Dúirt 145 duine go mbeidís ábalta tigh a cheannach agus 109 a dúirt nach mbeidís in ann tigh a cheannach. Dúirt 179 duine go mbeidís in ann tigh a thógaint agus 124 a dúirt nach mbeidís ábalta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil deacrachtaí ann ag daoine tigh a cheannach nó a thógaint sa Rinn agus sa Sean Phobal.

Astu siúd a dúirt nach mbeidís ábalta tigh a cheannach nó a thógaint, luaigh 165 duine na deacrachtaí seo:

- An praghas ró ard ar thithe
- An praghas ró-ard ar thalamh
- Deacrachtaí cead pleanála a fháil

5.5.B Aiseolas ó na Grúpaí Fócais i dtaobh pobail agus spóirt

**An Rinn**

Moladh an obair atá ar siúl ag an gCLG sa Rinn chun freastal ar an bpobal maidir le spórt. Tá obair mhaith á dhéanamh ó thaobh na Gaelainn a bheith mar chuid lárnach de na cluichí agus is gá a bheith airdeallach ar chúrsaí teanga ag dul ar aghaidh. Luadh an gá le forbairt ar áiseanna spóirt sa Rinn, go háirithe páirc uile-aimsire agus balla iománaíochta. Moladh páirc scátála a chur in aice leis an Imearlann agus go bhforbrófar áiseanna spóirt uisce sa cheantar a bheadh ina n-acmhainn don phobal agus a bheadh go maith ó thaobh na turasóireachta de. Maidir le heagrais phobail, tá freastal agus éagsúlacht an-mhaith sa Rinn agus an príomh-mholadh a tháinig chun cinn ná seirbhísí don óige.


**An Sean Phobal**

Tá ról lárnach ag an gCLG sa Sean Phobal, le Club na Gaeltachta (faoi aois), Club an tSean Phobail agus Cumann Peile na mBan. Moladh níos mó imeachtaí a bheith ar fáil agus rogha níos leithne a bheith ann, mar shampla ranganna aclaíochta, pilates, caitheamh aimsire éagsúla agus siúlóidí. Moladh teagascóirí / saineolaithe a fhostú chun na himeachtaí a eagrú as Gaelainn agus an tábhacht le dea-thoil an phobail a choimeád. Aithnítear go bhfuil traidisiún láidir sa Sean Phobal ach go bhfuil dlús an phobail ag athrú agus go bhfuil gá oidhreacht agus sprid an phobail a chur chun cinn go dearfach. Tá grúpaí ar nós Aisteoirí an tSean Phobail, Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Bantracht na Tuaithe ana-thábhachtach. Ó thaobh infreastruchtúr de, tháinig sé chun solais go bhfuil muintir an tSean Phobail ag lorg siopa agus oifig an phoist chomh maith le seirbhís bus áitiúil. Bhí tuairimí láidre maidir le seirbhísí agus áiseanna a fhorbairt don óige. Moladh breis ócáidí sóisialta a eagrú, ar nós club dinnéar, club amhránaíochta agus luadh chomh maith go bhfuil gá an fhógraíocht a dhéantar ar imeachtaí a fheabhsú.

# 5.6 Gnó agus Fostaíocht


Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde sa réimse Gnó agus Fostaíochta de réir Dhaonáirimh 2011.

5.6.A Stádas Oibre





-Daonáireamh 2011

5.6.B Cineál Fostaíochta




-Daonáireamh 2011





-Daonáireamh 2011

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde sa réimse gnó agus fostaíochta de réir Shuirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015.

5.6.C Teanga Oibre

| | |
|---|---|
| Béarla amháin | 386 (57%) |
| Béarla is mó | 147 (22%) |
| Dá theanga mar a chéile | 57 (8%) |
| Gaelainn is mó | 38 (6%) |
| Gaelainn amháin | 51 (8%) |

-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015


Is léir gur Béarla teanga oibre formhór an phobail Ghaeltachta sna Déise. Is léir nach bhfuil dóthain fostaíochta trí Ghaelainn ar fáil don bpobal.

5.6.D Áit oibre

As líon na ndaoine fásta a d'fhreagair an cheist seo sa suirbhé, fuarthas na torthaí seo a leanas maidir le háit oibre an phobail:


- An Rinn – 180
- An Sean Phobal – 65
- Dún Garbhán 182
- Cathair / baile / paróiste tuaithe eile – 89
- Port Láirge – 55
- Éire – 72
- Thar lear – 20

Is léir ar an gcéad dul síos go bhfuil fostaíocht mhaith ar fáil i nGaeltacht na nDéise agus 37% den phobal ag obair sa Ghaeltacht. Oibríonn slua mór daoine ansin i nDún Garbhán (29%). Ciallaíonn sé seo go bhfuil 66% den phobal ag obair sa Ghaeltacht nó i nDún Garbhán. Tá sé tábhachtach go bhfuil fostaíocht ar fáil go háitiúil chun an pobal a choimeád sa Ghaeltacht.




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

5.6.E Éileamh ar Fhostaíocht




-Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015

Mar is léir sa ghraif thuas, bheadh tromlach na ndaoine nach bhfuil ag obair sa cheantar faoi láthair sásta post a ghlacadh sa cheantar.

5.6.F Aiseolas ó na Grúpaí Fócais i dtaobh Gnó agus Fostaíochta

**An Rinn**

I measc na nithe a phléigh muintir na Rinne bhí **oiliúint agus traenáil** don lucht gnó luaite go minic. D'aithin an grúpa go bhfuil sé ríthábhachtach do chúrsaí gnó sa cheantar go mbeidh **leathanbhanda** ceart curtha ar fáil. Moladh scéim a chur ar fáil chun daoine atá ag iarraidh gnó a thosnú a chur i dteagmháil le saineolaithe agus meantóirí agus liosta meantóir a chur le chéile. Luadh **líonra gnó** a chur le chéile chun scileanna a roinnt faoi mhargaíocht, cuntasaíocht, cúrsaí cánach, scileanna teicneolaíochta, bainistiú gnó, bunú gnó, fostú daoine agus eile.

Luaigh daoine gur cheart **gorlann fiontraíochta** a fhorbairt sa cheantar. Moladh gur cheart liosta den lucht gnó a chur le chéile agus gur cheart nuachtlitir nó suíomh idirlíon le h-eolas mar gheall ar gach réimse de chúrsaí gnó a chur ar fáil. Luaigh an grúpa go bhfuil deis ann **bialann iasc úr** d'ard chaighdeán a bhunú sa cheantar. D'aithin an ghrúpa go mbeadh buntáiste ag baint le siopa le táirgí áitiúla a oscailt. D'áitigh daoine gur cheart féachaint ar imeachtaí bunaithe ar an mhuir ar nós turasanna báid, iascaireacht, seoltóireacht, surfáil, snorcláil agus eile. Luaigh daoine gur cheart **deireadh seachtaine cultúrtha,** mar a deineadh cheana, a chur ar siúl arís.

**An Sean Phobal**

I measc na nithe a phléigh muintir an tSean Phobail bhí **siopa pobail** sa Sean Phobal. Luaigh daoine an gá atá le soláthar **leathanbhanda** cheart sa cheantar. Mhol daoine obair an Choiste Fáilte agus d'iarr siad go ndéanfaíníos mó chun **cúrsaí turasóireachta a fhorbairt**. Mhol daoine gur cheart forbairt a dhéanamh ar áiseanna ar nós siúlóidí, Tí'n Chaillí Bhéara agus Reilig an tSléibhe. Luaigh daoine an riachtanas a bhaineann le **heolas a scaipeadh** maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil don lucht gnó agus dóibh siúd atá ag iarraidh gnó a bhunú.

# 5.7 Turasóireacht agus Oidhreacht

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde sa réimse turasóireachta agus oidhreachta de réir Shuirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015:

5.7.A Aiseolas ó na Grúpaí Fócais

**An Rinn**

I measc na nithe a phléigh muintir na Rinne bhí siúlóidí a fhorbairt sa cheantair. Mhol daoine aip don nguthán cliste a fhorbairt le gach eolas faoin gceantar air. Luaigh daoine go bhfuil gá le traenáil, oiliúint, spreagadh, tacaíocht phraiticiúil agus eile. Bhí deireadh seachtaine cultúrtha molta chomh maith.

**An Sean Phobal**

I measc na nithe a phléigh muintir an tSean Phobail bhí **siúlóidí agus suíomhanna** gur fiú iad a fhorbairt ar mhaithe le cúrsaí turasóireachta m.sh: Tí'n Chaillí Bhéarra, Reilig an tSléibhe, Reilig Bhaile an Aicéadaigh,Siúlóid an Ghorta agus na Tránna. Bhí buairt ann nach bhfuil go leor ar fáil do thurasóirí nuair a thagann said. Moladh gur cheart **suíomh idirlín** a fhorbairt chun eolas a roinnt le cuairteoirí agus turasóirí.

5.7.B Aiseolas na bPáirtithe Leasmhara

Le linn an chruinnithe leis An Coiste Fáilte, mhol baill den gcoiste gur cheart go mbeidh an Ghaelainn in úsáid i gcúrsaí gnó, iad siúd a bhíonn ag plé le turasóirí, ach go háirithe. Fiú muna bhfuil Gaelainn ag na turasóirí iad féin, is maith leo an teanga a chloisint á labhairt ag muintir na háite. Is bagairt é do bhranda turasóireachta na háite má tá an tuiscint ann nach mbíonn an Ghaelainn á labhairt sa phobal. "Níl uainn go mbeidh daoine á rá gur tháinig siad 'dtí An Rinn agus ní raibh aon Ghaelainn á labhairt". Mhol daoine gur cheart go mbeadh logainmneacha na Gaeltachta i nGaelainn ar léarscáileanna, ábhar bolscaireachta srl a bhíonn in úsáid ag turasóirí toisc gurb i nGaelainn atá siad ar na comharthaí bóithre. Tá sé tábhachtach go mbeidh leanúnachas ann agus go mbeidh branda soiléir ag an áit.

# 5.8 An Stát

Seo a leanas na príomh-thorthaí taighde i réimse An Stáit de réir Shuirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015:

5.8.A Seirbhísí Stáit

Cuireadh ceist ar aontaigh daoine leis an bprionsabal: 'Tá dualgas ar an Stát seirbhísí a chur ar fáil i nGaelainn don/sa Ghaeltacht'. Níor easaontaigh ach 5% den bpobal leis an ráiteas seo. Is léir mar sin go bhfuil súil ag pobal na Gaeltachta go mbeidh seirbhísí stáit ar fáil don Ghaeltacht trí mheán na Gaelainne. Iarradh ar dhaoine na seirbhísí atá ar fáil sa cheantar a ainmniú mar aon leis na cinn nach bhfuil ar fáil faoi láthair. Ba léir óna freagraí nach bhfuil mórán seirbhísí stát ar fáil laistigh de limistéar na Gaeltachta, gan trácht ar sheirbhísí stát trí Ghaelainn. Bíonn ar dhaoine taisteal go Dún Garbhán agus na ceantair uirbeacha eile chun teacht ar na seirbhísí seo. Tá sé tábhachtach go mbeidh seirbhísí trí Ghaelainn curtha ar fáil i nDún Garbhán, dá bharr.

# Mír 6
# Na Bearta

Tá 58 beart ar fad aitheanta sa phlean teanga seo agus ní mór foireann pleanála teanga de bheirt a fhostú go lánaimsearach chun na bearta a chur i bhfeidhm. Tá na bearta leagtha amach de réir na réimsí oibre seo a leanas, a aithníodh le linn phróiseas ullmhúcháin an phlean: Teaghlaigh agus An Óige, Oideachas, Cultúr agus na hEalaíona, Pobal agus Spórt, Gnó agus Fostaíocht, Turasóireacht agus Oidhreacht agus An Stát. Tá an Comhlucht Forbartha ag obair sna réimsí seo ó bunaíodh é agus leagfar amach an struchtúr oibre i gcomhair chur i bhfeidhm an phlean de réir na réimsí aitheanta seo.

## 6.1 Teaghlaigh agus An Óige

### 6.1.1 Fís

Córas cuimsitheach seirbhísí agus áiseanna tacaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí trí mheán na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise.

### 6.1.2 Spriocanna

6.1.2.1 Gréasán teaghlaigh ag tógaint páistí trí mheán na Gaelainne

Chun go n-aithneofar An Rinn agus an Sean Phobal mar cheantar Gaeltachta amach anseo, ní mór an Ghaelainn a bheith á seachadadh mar mháthairtheanga ó ghlúin go glúin. Ní mhaireann teangacha beo i dteaghlaigh ina n-aonar agus mar sin, tá sé riachtanach go mbunófar gréasán do theaghlaigh atá ag tógaint a bpáistí trí mheán na Gaelainne sa cheantar, chun go mbeidh tacaíocht á soláthar acu dá chéile.

6.1.2.2 Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh

Bíonn dúshlán sa bhreis ag baint le páistí a thógaint i dteanga nach mórtheanga í. Mar sin, ní mór seirbhísí a bheith ar fáil chun tacú le tuismitheoirí a bpáistí a thógaint i nGaelainn - seirbhísí oideachais, sláinte, leasa shóisialaigh, cúram leanaí agus mar sin de.

6.1.2.3 Ceart ag daoine óga an Ghaelainn a úsáid sa phobal

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an dinimic shóisialta idir an ghlúin óg agus an ghlúin fásta ag obair ar mhaithe le seachadadh na Gaelainne agus le hoidhreacht na Gaeltachta. I bhfocail eile, tá ceart folaíochta/ó dhúchais ag an nglúin óg chun an oidhreacht Ghaeltachta agus chun an Ghaelainn a shealbhú agus a labhairt ina bpobal féin agus tá ról fíor-thábhachtach ag an nglúin fásta sa chúram seo. Ba cheart go mbeadh rogha iomlán ag daoine óga an Ghaelainn a labhairt gan brú ó aon teanga eile agus tá freagracht ar an bpobal ar fad chun labhairt na Gaelainne a chosaint.

6.1.2.4 Imeachtaí agus seirbhísí don óige

Teastaíonn bonneagar seirbhísí agus imeachtaí sóisialta chun go mbeidh deiseanna ag daoine óga teacht le chéile ar bhonn sóisialta lasmuigh den chóras oideachais trí mheán na Gaelainne. Sa tslí sin, beidh sé nádúrtha dóibh an Ghaelainn a labhairt go sóisialta.

6.1.2.5 Saibhreas na Gaelainne a chothú i measc an óige

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cumas maith Gaelainne ag daoine óga chun páirt iomlán a ghlacadh i bpobal bríomhar Gaeltachta. Cuirfear tacaíocht breise ar fáil do theaghlaigh chuige seo – go háirithe teaghlaigh a bhogann isteach go dtí an Ghaeltacht.

6.1.2.6 Feabhas a chur ar áiseanna don óige sa cheantar

Léirigh an taighde a deineadh don bpróiseas pleanála teanga go bhfuil ard-éileamh ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus óige sa cheantar agus is léir go bhfuil na seirbhísí agus sna háiseanna atá ar fáil don ghlúin is óige sa cheantar easnamhach.

**6.1.2.1 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 1**

*Greasán do theaghlaigh a thógann a bpáistí trí mheán na Gaelainne*

**Beart A:** Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige

**6.1.2.1.A Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.1.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige | | |
| **Réimsí** | A, B, C, D, F, H, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 2, 3, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 19 |
| **Aidhm** | Eagraíocht a chur ar bun a chuirfidh seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus seirbhísí don óige ar fáil i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Eolas Breise** | Clárófar teaghlaigh atá ag tógáil páistí le Gaelainn leis an eagraíocht nua seo agus cuirfear seirbhísí trí Ghaelainn ar fáil dóibh. Cuirfear coiste le chéile a bheidh freagrach as obair na heagraíochta a riaradh. Meitheal oibre den gComhlucht Forbartha a bheidh ann. Beidh obair an choiste seo clúdaithe faoi árachas an Chomhluchta agus is leis an gComhlucht Forbartha a fhostófar oibrí a bheidh de dhíth chun na seirbhísí seo a chur ar fáil.<br>Beidh ar theaghlaigh ballraíocht a ghlacadh leis an eagraíocht seo chun úsáid a bhaint as na seirbhísí a chuireann an eagraíocht ar fáil. Sa tslí seo, beidh an eagraíocht in ann úsáid na Gaelainne sna teaghlaigh a mheas, dul chun cinn na dteaghlach a thomhas agus seirbhísí a thagann le riachtanais a mball a fhorbairt. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Páirtithe Leasmhara** | BOO, Spraoi, Muintearas, ÚnaG, Ógras, Foróige, Coiste na dTuismitheoirí SNnaR, Coiste na dTuismitheoirí SNBMA, Coiste na dTuismitheoirí Meánscoil San Nioclás, CNNG. | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Le fada an lá, tá seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus seirbhísí don óige i nGaeltacht na nDéise ag brath ar choistí beaga deonacha a chuireann seirbhísí ar leith ar fáil. Cé go bhfuil obair iontach déanta ag na coistí seo thar na blianta, is léir nár éirigh leis an gcur chuige seo raon leathan seirbhísí seasmhacha a sholáthar don bpobal. Is minic go raibh an fhreagracht ar fad fágtha ar ghrúpa beag daoine nó ar duine aonar. Nuair a éiríonn na daoine seo as a ndualgais, is minic nach maireann an tseirbhís. Is léir mar sin nach leor é an cur chuige traidisiúnta chun raon leathan seirbhísí seasmhacha a chur ar fáil. Is fearr go mbeadh aon eagraíocht amháin ann le freagracht as seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus óige a fhorbairt agus a chur ar fáil. | |
| **Cineál Togra** | Togra aon uaire agus seirbhís reatha | |
| **Saolré** | Is togra aon uaire é an próiseas chun an eagraíocht seo a bhunú don gcéad uair. Is seirbhís reatha é an eagraíocht féin agus tá sé i gceist go mbeidh sé ag feidhmú thar saolré an phlean teanga. | |
| | **Garspriocanna** | |
| | Tearmaí tagartha don coiste nua forbartha | Bliain 1 – Ráithe 1 |
| | Teagmháil leis na páirtithe leasmhara | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Cruinniú poiblí | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Coiste bunaithe | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Clár oibre bliain a haon aontaithe | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Clár oiliúna aontaithe | Bliain 1 – Ráithe 3 |
| | Traenáil | Bliain 1 – Ráithe 4 |
| | Seoladh na heagraíochta | Bliain 1 – Ráithe 4 |
| | Clárú teaghlaigh | Bliain 1 – Ráithe 4 |
| | Ábhar bolscaireachta curtha amach | Bliain 1 – Ráithe 4 |
| | Clár oibre bliain a dó aontaithe | Bliain 2 – Ráithe 1 |
| | Cruinnithe coiste | Bliain 2 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4 |
| | Fógraíocht ar sheirbhísí | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 3 |
| | Seirbhísí nua curtha ar fáil | Bliain 2 – Ráithe 1 |
| | Fógraíocht ar sheirbhísí nua | Bliain 3 – Ráithe 1 agus 3 |
| | Athbhreithniú ar obair na meithle | Bliain 5 – Ráithe 2 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Slat Tomhais** | Coiste curtha le chéile agus cruinnithe rialta eagraithe.<br>Traenáil in obair óige curtha ar chúigear.<br>10% de theaghlaigh a chlárú faoi dheireadh bliain a dó. (tríocha teaghlach)<br>50% de theaghlaigh a chlárú faoi dheireadh bliain a cúig (céad caoga teaghlach) | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Cruinniú Poiblí | | | | | €500 - €1,000 | |
| | Traenáil | | | | | €1,000 - €2,000 | |
| | Cruinnithe Coiste | | | | | €500 - €1,000 | |
| | Seoladh na hEagraíochta | | | | | €500 - €1,000 | |
| | Ábhar Bolscaireachta | | | | | €1,000 - €3,000 | |
| | Athbhreithniú | | | | | €500 - €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €5,000 | €4,000 | €4,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, Táille Clárúcháin. | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Teacht ar dhaoine díograsacha a bheidh sásta obair an choiste seo a bhrú ar aghaidh.<br>**Réiteach:**<br>a) Eolas a scaipeadh ar thuismitheoirí faoi bunú na Meithle, teagmháil pearsanta a dhéanamh le daoine oiriúnacha chun a bheith mar bhaill den gcoiste nua. | | | | | | |

### 6.1.2.2 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 2

*Córas cuimsitheach seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ar fáil i nGaelainn.*

**Beart A:** Oifigeach Teaghaigh agus Óige / Teanga

**Beart B:** Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh

**Beart C:** Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh

**Beart D:** Ionad Cúram Leanaí

### 6.1.2.2.A Oifigeach Teaghlaigh agus Óige/Teanga

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.2.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Oifigeach Teaghlaigh agus Óige/Teanga | | |
| **Réimsí** | B, C, D, F, H, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 2, 3, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 19 |
| **Aidhm** | Oifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga a cheapadh chun seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus seirbhísí don óige a fhorbairt agus a bhainistiú. | | |

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="7">Beidh an tOifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga ag obair go dlúth leis an Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige chun seirbhísí a fhorbairt ar mhaithe leis na teaghlaigh atá cláraithe leis an eagraíocht sin. Beidh an tOifigeach ar fáil mar phointe teagmhála do theaghlaigh atá ag tógáil páistí le Gaelainn i nGaeltacht na nDéise.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">CFND, ÚnaG, RNG, Muintearas, BOO.</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Go déimeagrafach, is pobal óg í Gaeltacht na nDéise, ach in ainneoin seo, is léir ón áiseolas atá faighte againn go bhfuil easnamh sna seirbhísí agus sna háiseanna atá ar fáil don ghlúin is óige sa cheantar. Is léir go bhfuil gá le gréasán d'áiseanna agus de sheirbhísí a sholáthar don óige, agus beidh duine ag teastáil chun tabhairt faoin obair seo agus rudaí a fhorbairt agus a threorú mar is ceart.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Post</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Tá sé i gceist go mbeidh an tOifigeach seo ag obair thar saolré an phlean teanga seo.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Téarmaí agus dualgais don phost a aontú</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Idirbheartaíocht leis na húdaráis mhaoinithe</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Próiseas Earcaíochta</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Oifigeach Teaghlaigh agus Óige a cheapadh</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Oifigeach óige agus teaghlaigh fostaithe go lánaimseartha.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cuid den strúchtúr bainistíochta a bheidh ag teastáil chun an plean teanga seo a chur i bhfeidhm ná ceapachán an Oifigigh Teaghlaigh agus Óige / Teanga.</td><td colspan="2">Buiséad Riaracháin (BR)</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>BR</td><td>BR</td><td>BR</td><td>BR</td><td>BR</td><td>BR</td><td>BR</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Cinntiú go bhfuil crann taca ceart agus maoiniú leordhóthanach in áit don phost.<br>b) Teacht ar dhuine oiriúnach agus lán-cháilithe don phost<br>Réiteach:<br>a) Foinse maoinithe a aithint agus a aimsiú.<br>b) Fógra poist a scaipeadh go forleathan, sonraíocht poist ceart a chur le chéile, bord agallaimh cumasach a thabhairt le chéile chun iarratais a mheas.</td></tr>
</table>

**6.1.2.2.B Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh**

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.1.2.2.B</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>B, C, D, H, J, K</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>2, 3, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 19</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Go mbeidh córas cuimsitheach seirbhísí tacaíochta teaghlaigh forbartha agus curtha ar fáil i nGaeltacht na nDéise.</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Beidh ról thar a bheith tábhachtach ag an Oifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga i bhforbairt agus soláthar na seirbhísí seo. Táthar de tuairim go dteastaíonn Ionad Tacaíochta Teaghlaigh sa cheantar chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do theaghlaigh i nGaeltacht na nDéise go fadtéarmach.<br>I dtosach, díreofar isteach ar Oifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga a fhostú agus roinnt seirbhísí tacaíochta teaghlaigh riachtanach a fhorbairt. Seo thíos léargas ar na seirbhísí a chuirfear ar fáil le linn saolré an phlean teanga seo. Liosta neamhchríochniúil is ea an liosta seo. Cuirfear seirbhísí eile ar fáil ag brath ar riachtanais na dteaghlach.<br><br>▪ Pacáistí Tacaíochta Teaghlaigh<br>Cuirfear pacáistí eolais do theaghlaigh le chéile, ina mbeidh ábhar atá oiriúnach do thuismitheoirí agus do pháistí (d’aoiseanna éagsúla), ábhar a léiríonn saibhreas Ghaelainn na nDéise, ach go háirithe.<br><br>▪ Deiseanna Foghlama Gaelainne do Thuismitheoirí<br>Tairisceofar deiseanna do thuismitheoirí i nGaeltacht na nDéise feabhas a chur ar a scileanna teanga. Déanfar gach iarracht ranganna, agus deiseanna eile foghlama, ar nós ciorcail chomhrá, a chur ar fáil ag amanta éagsúla in oiriúint do riachtanais na dtuismitheoirí. Forbrófar na deiseanna i dteannta leis na deiseanna aosoideachas atá leagtha amach i mBeart 6.2.2.6.A.<br><br>▪ Scéim Cuairteanna Baile<br>Beidh cainteoirí dúchais Gaelainne ón gceantar ar fáil chun cuairt a thabhairt ar thithe na dteaghlach atá páirteach sa scéim. Cuirfear plean do na cuairteanna baile le chéile, i bpáirt leis na teaghlaigh iad féin, bunaithe ar na riachtanais atá acu. Cuirfear le cumas na dteaghlach sin Gaelainn a labhairt agus í a úsáid mar theanga an bhaile agus déanfar normalú ar úsáid na Gaelainne sa bhaile.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | ▪ **Clár Cúramóirí Leanaí**<br>Tá go leor teaghlaigh ag brath ar fheighlí leanaí go minic. Tá sé tábhachtach go mbeadh cúramóirí leanaí lán oilte, le Gaelainn líofa, ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh na páistí a thógaint le Gaelainn. Cuirfear liosta cúramóirí leanaí le Gaelainn líofa, a chloíann le nósmhaireachtaí Pholasaí Cosanta Leanaí, le chéile agus scaipfear ar thuismitheoirí na Gaeltachta é. Cuirfear Cúrsa Oiliúna i gcúram leanaí ar fáil trí mheán na Gaelainne do dhaoine atá ag iarraidh bheith aitheanta ar an gclár seo.<br><br>▪ **Daoine ag Súil le Páiste**<br>Scaipfidh an tOifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil i nGaelainn do dhaoine atá ag súil le páiste. Beidh sé mar aidhm ag an oifigeach daoine atá ag súil le páiste a chur ag smaoineamh faoin teanga a bheidh ag an bpáiste agus na tuismitheoirí a spreagadh iad a thógaint le Gaelainn. Cuirfear cúrsa réamhbhreithe ar fáil chomh maith.<br><br>▪ **Ceardlanna Tógáil Páistí**<br>Reachtáilfear ceardlanna chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí nua agus iad ag tabhairt faoi pháistí a thógaint don gcéad uair. Cuirfear na ceardlanna seo i láthair trí mheán na Gaelainne.<br><br>▪ **Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí**<br>Bunófar Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí a bhualfidh le chéile faoi dhó sa seachtain, ceann ar siúl i rith an lae agus ceann eile ar siúl sa tráthnóna. Deinfear iarrracht ar leith aithreacha a mhealladh, mar gur aithníodh i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 gur lú seans go mbeidh páiste ag labhairt i nGaelainn leis an athair seachas an máthair.<br><br>Nuair a bheidh bonneagar seirbhísí tacaíochta teaghlaigh le fáil trí mheán na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise, agus greasáin teaghlaigh ag baint úsáide as na seirbhísí seo, cuirfear tús leis an bpróiseas chun ionad tacaíochta teaghlaigh le haitheantas oifigiúil a fhorbairt sa cheantar chun na seirbhísí seo a sholáthair go buan, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, RNG, Muintearas, TUSLA |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Mar aon le teaghlaigh ar fud na tíre, teastaíonn seirbhísí tacaíochta ó theaghlaigh atá ag tógáil páistí sa Ghaeltacht. Tá sé riachtanach go mbeidh na seirbhísí seo ar fáil do theaghlaigh sa Ghaeltacht i nGaelainn agus go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin teangeolaíoch ar leith a bhaineann le páiste a thógáil i miontheanga. |

<table>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="13">Saolré</td><td colspan="7">Cuirfear na Seirbhísí seo ar fáil thar saolré an plean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Oifigeach Teaghlaigh agus Óige / Teanga ceaptha</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhairlúcháin le tuismitheoirí</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Seirbhísí nua forbartha</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú ar na seirbhísí</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhairlúcháin le tuismitheoirí</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Seirbhísí nua forbartha</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhairlúcháin maidir le hionad tacaíochta teaghlaigh</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean d’ionad tacaíochta teaghlaigh forbartha</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Próiseas idirbheartaíochta le TUSLA</td><td colspan="3">Bliain 5 – Ráithe 1, 2, 3 & 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Aitheantas oifigiúil d’ionad tacaíocha teaghlaigh</td><td colspan="3">Bliain 6 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh</td><td colspan="3">Bliain 7 – Ráithe 2 agus 3</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Fiche teaghlach cláraithe i gcomhair chuairteanna baile faoi bhliain 4<br>▪ Pacáiste tacaíochta teaghlaigh curtha ar fáil do chaoga theaghlach faoi bhliain 4<br>▪ Ar a laghad cúigear cúramóirí leanbh aitheanta faoi bhliain 3<br>▪ Ranganna Gaelainne do thuismitheoirí ar fáil go rialta faoi bhliain 3<br>▪ Grúpa tuismitheoirí agus leanaí ag feidhmú ar bhonn rialta faoi bhliain 4<br>▪ Ionad tacaíochta teaghlaigh aitheanta roimh dheireadh saolré an phlean</td></tr>
<tr><td rowspan="9">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Pacáiste tacaíochta teaghlaigh</td><td colspan="2">€1,000 - €1,500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Deiseanna foghlama do thuismitheoirí</td><td colspan="2">€3,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Scéim cuairteanna baile</td><td colspan="2">€10,000 - €20,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Clár cúramóirí leanaí</td><td colspan="2">€200 - €1,500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Eolas scaipthe ar dhaoine ag súil le páiste</td><td colspan="2">€200 - €500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cúrsaí réamhbhreithe</td><td colspan="2">€1,000 - €3,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ceardlanna tógáil páistí</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Grúpa tuismitheoirí agus leanaí</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td><td>Bliain 8</td></tr>
<tr><td>€10,000</td><td>€14,000</td><td>€22,000</td><td>€26,000</td><td>€30,000</td><td>€32,000</td><td>€35,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT, RNG, BOO, ÚnaG, TUSLA.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Teaghlaigh a mhealladh chun leas a bhaint as na seirbhísí tacaíochtaí teaghlaigh<br>**Réiteach:**<br>a) Seirbhísí a fhorbairt i bpáirt le teaghlaigh chun freastal ar a riachtanais, eolas a scaipeadh go forleathan chun teaghlaigh a mhealladh chun úsáid a bhaint astu. |

### 6.1.2.2.C Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.2.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Imeachtaí Sóisialta do Theaghlaigh | | |
| **Réimsí** | B, C, D, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 2, 7, 8, 9, 10, 12, 19 |
| **Aidhm** | Go mbeidh sraith imeachtaí sóisialta do theaghlaigh curtha ar fáil i nGaelainn | | |
| **Eolas Breise** | Seo thíos léargas ar na himeachtaí sóisialta a chuirfear ar fáil le linn saolré an plean teanga seo. Liosta neamhchríochniúil is ea an liosta seo agus cuirfear imeachtaí sóisialta eile ar fáil ag brath ar riachtanais na dteaghlach.<br><br>▪ **Lá do Theaghlaigh**<br>Eagrófar lá spraoi do theaghlaigh ó am go chéile i rith na bliana. Beidh deis ag teaghlaigh agus páistí teacht le chéile agus páirt a ghlacadh in imeachtaí céardaíochta, cluichí srl. Deis thábhachtach a bheidh ann do theaghlaigh aithne a chur ar a chéile trí theacht le chéile i suíomh Gaelach.<br>▪ **Imeachtaí Bliantiúla**<br>Cuirfear tacaíocht ar fáil d'eagrú imeachtaí sóisialta a tharlaíonn go bliantiúil m.sh: Seachtain na Gaeilge, Picnic na Bealtaine, Cóisir Oíche Shamhna, Cóisir na Nollag.<br>▪ **Ceardlanna do Theaghlaigh**<br>Cuirfear ceardlanna ar fáil chun go mbeidh tuismitheoirí agus leanaí ag foghlaim le chéile, m.sh. Cocáireacht le Chéile<br>▪ **Campa Samhraidh**<br>Cuirfear achmhainní ar fáil chun campaí samhraidh a eagrú do theaghlaigh le páistí óga, campa samhraidh tuistí agus leanaí.<br><br>Beidh ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Teaghlaigh agus Óige/Teanga i bhforbairt agus soláthar na n-imeachtaí seo. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, OTÓT, Muintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tagann an beart seo le fís an Chomhluchta don phlean teanga toisc go dtacaíonn sé le teaghlaigh atá ag iarraidh páistí a thógáil le Gaelainn. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | |
| **Saolré** | Thar shaolré an phlean teanga. | |
| | **Garspriocanna** | |
| | Tacaíocht curtha ar fáil d'imeachtaí | Bliain 1 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4 |
| | Comhairlúcháin le teaghlaigh | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Sraith 'lá do theaghlaigh' forbartha | Bliain 2 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4 |
| | Tacaíocht d'imeachtaí bliantúla | Bliain 2 – Ráithe 2, 3 agus 4 |
| | Campa samhraidh | Bliain 3 – Ráithe 2 |
| | Athbhreithniú | Bliain 4 – Ráithe 1 agus 2 |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na dteaghlach ag freastal ar na himeachtaí<br>▪ Líon na n-imeachtaí do theaghlaigh a chuirfear ar fáil | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** |
| | Lá do theaghlaigh | €2,000 - €3,000 |
| | Imeachtaí bliantiúla | €1,500 - €2,000 |
| | Ceardlanna do theaghlaigh | €3,000 - €5,000 |
| | Campa samhraidh | €3,000 - €5,000 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €6,000 | €8,000 | €10,000 | €10,000 | €10,000 | €12,000 | €12,000 |

| | |
|---|---|
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, RNG, Ealaíon na Gaeltachta, Muintearas, CYPSC, Táillí |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dushlán:**<br>a) Teaghlaigh a mhealladh dtí na himeachtaí sóisialta.<br>**Réiteach:**<br>a) Imeachtaí a fhorbairt i bpáirt le teaghlaigh, eolas a scaipeadh go forleathan ar theaghlaigh chun go mbeidh a fhios acu go bhfuil imeachtaí ar fáil dóibh. |

## 6.1.2.2.D Ionad Chúram Leanaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.2.D | | |
| **Ainm an Bheirt** | Ionad Cúram Leanaí | | |
| **Réimsí** | A, B, C, D, F, H, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 2, 3, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 19 |
| **Aidhm** | Ionad chúram leanaí a fhorbairt chun go mbeidh dóthain spáis ar fáil do sheirbhísí chúram leanaí. | | |
| **Eolas Breise** | **An Rinn:**<br>Teastaíonn spás sa bhreis chun seirbhísí curam leanaí a chur ar fáil i nGaeltacht na nDeise. Táthar den tuairim gur cheart na seirbhísí seo a lonnú le chéile in aon ionad amháin. Bheadh a leithéid d'ionad in ann freastal ar na riachtanais seo a leanas: | | |

| | |
|---|---|
| | ▪ **Naíonra na Rinne**<br>Teastaíonn dhá oiread spás breise do Naíonra na Rinne mar thoradh ar an éileamh ard atá ar an tseirbhís. Tá spás oifige, spás stórála, agus spás breise riachtanach dóibh.<br>▪ **Seirbhís Iarscoile na Rinne**<br>Faoi láthair, úsáideann an tSeirbhís Iarscoile an chistin sa Halla Pobail. Tá seomra ar leith ag teastáil chun an tseirbhís seo a rith i gceart. Bíonn orthu an seomra a ghlanadh ina iomláine gach lá agus an trealamh ar fad a chur ar ais sa chófra nó a thabhairt abhaile fiú nuair a bhíonn sé in úsáid gach lá, ceal spás stórála. Bíonn ualach oibre breise ar fhoireann na hiarscoile dá bharr.<br>▪ **Naíolann**<br>Níl naíolann ar fáil sa cheantar agus mar thoradh, bíonn ar thuismitheoirí feighlí linbh a fháil dá bpáistí ar chostas mór nó na páistí a chur dtí naíolann Béarla i nDún Garbhán. Aithníodh le linn an phróisis pleanála teanga gur áis tábhachtach atá i seirbhís naíolainne don cheantar agus aontaíodh gur cheart féachaint ar a leithéid de sheirbhís a fhorbairt le linn tréimhse feidhme an phlean teanga. Níl spás oiriúnach ar fáil sa cheantar i láthair na huaire agus tá sé tábhachtach go mbeidh leanúnachas nádúrtha ón naíolann isteach dtí an naíonra agus ón naíonra ar aghaidh dtí an bunscoil. Mar sin, ba cheart go mbeadh an naíolann lonnaithe ar an láthair céanna leis an naíonra agus é cóngarach don bhunscoil chomh maith.<br>▪ **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh**<br>Séard atá i gceist leis an ionad tacaíochta teaghlaigh ná spás ina gcuirfear réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí na nDéise. Is ann a bheidh an t-Oifigeach Teaghlaigh agus Óige lonnaithe. Ba chóir go mbeadh ceardlanna, ranganna, léachtanna, teacht le chéile ag grúpaí tuismitheoirí agus lapadán á gcur ar fáil san ionad seo agus polasaí teanga a bheith i bhfeidhm.<br>▪ **Seirbhísí Óige**<br>Ba cheart féachaint ar an spás a bheadh ag teastáil chun seirbhísí don óige (ar nós Club agus Ionad Só)agus spás d’imeachtaí in aon ionad nua a fhorbrófar.<br>**An Sean Phobal:**<br>Is gá feachaint ar sheirbhísí cúram leanaí a fhorbairt in ionad cúram leanaí an tSean Phobail, Lios na Síog, le linn saolré an phlean teanga ar mhaithe le seirbhísí cúram leanaí a chur ar fáil do leanaí an tSean Phobail. Tá práinn ar leith ag baint le breis seirbhísí cúram leanaí, ar nós seirbhís iarscoile nó club obair bhaile, a chur ar fáil sna blianta beaga amach romhainn chun tacú leis an scoil náisiúnta. |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. |
| **Páirtithe Leasmhara** | MTTÓ, OTÓT, MO, CNNG, InaR, CPNR |

<table>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Idir na riachtanais do spás breise atá ag Naíonra na Rinne agus Seirbhís Iarscoile na Rinne, agus an gá atá le Naíolann sa Rinn, luíonn sé le ciall gurb é Lárionad Cúram Leanaí an tslí is éifeachtaí chun freastal ar na riachtanais éagsúla.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Togra Chaipitil agus Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhairlúcháin leis na páirtithe leasmhara</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cruinniú poiblí</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Fo-choiste curtha le chéile</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Dréachtphlean forbartha don ionad tacaíochta teaghlaigh</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Staidéar féidearthachta</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhairlúcháin poiblí</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Dearadh ailtire</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Idirbheartaíochta leis na húdaráis mhaoinithe</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Tógáil an t-ionad</td><td colspan="3">Bliain 2</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Maoiniú faighte chun an t-ionad a thógaint<br>▪ Ionad tógtha</td></tr>
<tr><td rowspan="7">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cruinniú poiblí</td><td colspan="2">€500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Obair an fho-choiste</td><td colspan="2">€1,000 - €4,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Staidear féidearthachta</td><td colspan="2">€12,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Comhairlúcháin poiblí</td><td colspan="2">€2,000 - €3,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Dearadh / ailtire</td><td colspan="2">€8,000 - €12,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Tógáil an t-ionad</td><td colspan="2">Ag brath ar an bplean a chuirfear le chéile</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€15,000</td><td>€15,000</td><td>-</td><td>-</td><td>-</td><td>-</td><td>-</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT, ÚnaG, CLPL, RNG</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dushlán:<br>a) Maoinú a fháil chun an togra a chur i gcrích<br>Réiteach:<br>a) Plean cuimsitheach a chur le chéile don togra, cás láidir a dhéanamh leis na húdaráis mhaoinithe ar son an togra.</td></tr>
</table>

**6.1.2.3 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 3**

*Ceart ag daoine óga Gaelainn a úsáid sa phobal*

**Beart A:** Polasaí Teanga d'Obair Óige

**Beart B:** Tearmainn Teanga don Óige

**6.1.2.3.A Polasaí Teanga d'Obair Óige**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Polasaí Teanga d'Obair Óige | | |
| **Réimsí** | B, C, D, F, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 6, 7, 8, 9, 12, 11, 12, 19 |
| **Aidhm** | Polasaí Teanga curtha i bhfeidhm ag grúpaí a bhíonn ag plé le daoine óga a thacaíonn lena gceart an Ghaelainn a úsáid sa phobal. | | |
| **Eolas Breise** | Forbrófar polasaí teanga eisimlárach i gcomhair na n-eagraíochtaí agus na gclubanna a bhíonn ag plé leis an óige i nGaeltacht na nDéise.<br>Tabharfar aitheantas do cheart na hóige Gaelainn a úsáid ina bpobal féin. Lárnach sa pholasaí seo, beidh sé aitheanta gur cheart go mbeadh daoine óga saor ó bhrú chun iompú ar an mBéarla le húsáid a bhaint as seirbhísí pobail nó freastal ar imeachtaí sóisialta. Aithnófar sa pholasaí go bhfuil ról tábhachtach ag na daoine fásta cosaint a thabhairt do chearta na ndaoine óga Gaelainn a úsáid sa phobal.<br>Déanfar teagmháil le grúpaí, gnó agus cumainn eile a bhíonn ag plé leis an óige i nGaeltacht na nDéise agus iarrfar orthu polasaí teanga a chur i bhfeidhm. Tabharfar deis do na grúpaí inchur a bheith acu i bhforbairt an pholasaí teanga agus cuirfear tacaíocht, traenáil agus acmhainní ar fáil dóibh chun an polasaí a chur i bhfeidhm.<br>Cuirfear cúrsaí oiliúna sa chinnireacht teanga ar fáil do dhaoine agus grúpaí a bhíonn ag plé le daoine óga agus cuirfear deiseanna foghlama Gaelainne ar fáil dóibh siúd atá ar bheagán Gaelainne (féach Beart 6.6.2.5.A).<br>Beifear i dteagmhail leis na grúpaí seo go rialta agus forbrófar breis tacaíochtaí bunaithe ar riachtanais na n-eagraíochtaí éagsúla.<br>Cuirfear feachtas feasachta teangan ar bhun chun tuiscint a chothú sa phobal go bhfuil ceart ag daoine óga Gaelainn a labhairt ina bpobal féin. Mar chuid den fheachtas seo, reáchtáilfear clár bolscaireachta sa phobal, sna scoileanna, agus i gclubanna agus i gcumainn an cheantair. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, OTÓT, Grúpaí, Gnóthaí agus Cumainn a bhíonn ag plé leis an óige. | | |

<table>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="2">Tá tromlach an phobail den tuairim go mba cheart go gcoimeádfadh an ceantar a stádas Gaeltachta amach anseo. Chun é seo a chinntiú, ní mór an Ghaelainn a bheith in úsáid mar ghnáth-theanga cumarsáide i measc an óige. Bheadh sé mar aidhm nós a chothú i measc óige an cheantair an Ghaelainn a bheith mar theanga chumarsáide sóisialta eatarthu.<br>Bíonn daoine fásta, a bhíonn ag obair mar stiúrthóirí ar sheirbhísí agus imeachtaí sóisialta don óige, freagrach as iompar na ndaoine óga a stiúradh agus airdeallach ar chearta na ndaoine óga atá faoina gcúram. I measc na bhfreagrachtaí atá ar na stiúrthóirí, tá freagracht as iompar teanga na ndaoine óga. Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí chun spás a thabhairt do dhaoine óga an Ghaelainn a úsáid ina bpobal féin.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="2">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="13">Saolré</td><td colspan="2">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="2">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td>Polasaí teanga a fhorbairt</td><td>Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Cúrsa oiliúna in obair óige</td><td>Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Ábhar bolscaireachta forbartha</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td>Ábhar bolscaireachta curtha i gcló</td><td>Bliain 2 – Ráithe 2 agus 3</td></tr>
<tr><td>Polasaí teanga curtha i bhfeidhm ag grúpaí nua bunaithe faoin bplean teanga</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú ar an bpolasaí teanga</td><td>Bliain 2 – Raithe 4</td></tr>
<tr><td>Teagmháil le ghrúpaí eile a bhíonn ag plé leis an óige</td><td>Bliain 2 – Ráithe 4</td></tr>
<tr><td>Ábhar bolscaireachta curtha ar fáil do scoileanna agus grúpaí</td><td>Bliain 2, 3, 4, 5, 6, 7 agus 8</td></tr>
<tr><td>Cúrsaí oiliúna i gcinnireacht teanga</td><td>Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú ar na tacaíochtaí atá ar fail</td><td>Bliain 4 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Polasaí teanga curtha i bhfeidhm ag grúpaí eile</td><td>Bliain 3 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="2">▪ Líon na ngrúpaí leis an bpolasaí teanga curtha i bhfeidhm<br>▪ Líon na ngrúpaí a fhreastalaíonn ar chúrsaí oiliúna<br>▪ Réimse ábhar bolscaireachta forbartha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Buiséad Bliana</td><td>Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td>Polasaí teanga a fhorbairt</td><td>€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td>Cúrsa oiliúna in obair óige</td><td>€1,500 - €2,500</td></tr>
<tr><td>Cúrsa oiliúna i gcinnireacht teanga</td><td>€1,500 - €2,500</td></tr>
<tr><td>Ábhar bolscaireachta</td><td>€1,000 - €3,000</td></tr>
<tr><td>Ábhar tacaíochta</td><td>€500 - €1,500</td></tr>
</table>

| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €4,000 | €4,500 | €4,500 | €5,500 | €6,500 | €6,500 | €6,500 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Aistriú iompar teanga daoine<br>**Réiteach:**<br>a) Feasacht agus nósmhaireacht a chothú | | | | | | |

**6.1.2.3.B Tearmainn Teanga don Óige.**

| **Beart** | 6.1.2.3.B | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Tearmainn Teanga don Óige | | |
| **Réimsí** | B, C, D, E, F, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12 |
| **Aidhm** | Cur le líon na n-ionad agus na ngrúpaí sa phobal a aithnítear mar thearmainn teanga don óige. | | |
| **Eolas Breise** | Is ionann tearmann teanga agus ionad aitheanta ina bhfuil an Ghaelainn amháin in úsáid mar theanga chumarsáide. Bíonn a fhios ag na daoine a chuireann na seirbhísí ar fáil sa ghrúpa/chumann gurb í an Ghaelainn a bheidh in úsáid acu agus iad ag plé leis an bpobal agus tá a fhios ag an bpobal gurb í an Ghaelainn teanga oibre an ionaid.<br>Nuair a bheidh an Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige ag plé le grúpaí, gnóthaí agus cumainn a bhíonn ag plé leis an óige maidir le polasaí teanga a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i mBeart 6.1.2.3.A thuas, athnófar grúpaí, gnóthaí agus cumainn a bheadh oiriúnach le bheith ag feidhmiú mar thearmainn teanga.<br>I gcás seirbhísí pobail, clubanna don óige agus cumainn spórt atá aitheanta mar thearmainn teanga, is cur chuige aonteangach a bheidh i gceist. Scéim dheonach a bheidh ann. Tabharfar cuireadh do ghrúpaí páirt a ghlacadh sa scéim seo, agus cuirfear tacaíochtaí, mar atá leagtha amach thuas, ar fáil dóibh chun go mbeadh siad in ann an stádas seo a bhaint amach. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, OTÓT | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Ní leor a rá go bhfuil freagracht orthu san atá ag cur seirbhísí ar fáil agus ar ghrúpaí a fheidhmíonn go deonach sa phobal as polasaí láidir teanga a chur i bhfeidhm. Tá cabhair agus acmhainní ag teastáil chun go mbeifí in ann an méid seo a bhaint amach. Tá dualgas ar an gCeanneagraíocht an tacaíocht seo a chur ar fáil do ghrúpaí eile chun go mbeidh siad in ann polasaí den tsaghas seo a chur i bhfeidhm. | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | | | | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Ionaid/grúpaí oiriúnacha a aithint | | | | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2 | | |
| | Cuireadh a eisiúint páirt a ghlacadh sa scéim | | | | Bliain 2 – Ráithe 3 | | |
| | Plean teanga cuí a aontú | | | | Bliain 3 – Ráithe 1 | | |
| | Tacaíocht a fhorbairt | | | | Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2 | | |
| | Oiliúint a chur ar fail | | | | Bliain 3 – Ráithe 2 | | |
| | Athbhreithniú | | | | Bliain 5 – Ráithe 1 | | |
| **Slat Tomhais** | Líon na n-ionad atá aitheanta mar thearmainn teanga don óige. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Cruinnithe | | | | | €500 - €1,000 | |
| | Treanáil | | | | | €1,000 - €1,500 | |
| | Ábhar tacaíochta | | | | | €500 - €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Polasaí teanga a chur i bhfeidhm go leanúnach<br>**Réiteach:**<br>a) Tacaíocht leanúnach curtha ar fáil i gcomhair na n-ionad | | | | | | |

### 6.1.2.4 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 4

*Imeachtaí sóisialta agus seirbhísí curtha ar fáil don óige.*

**Beart A:** Clubanna do Dhaoine Óga

**Beart B:** Campaí do Dhaoine Óga

### <u>6.1.2.4.A Clubanna do Dhaoine Óga</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.4.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Club do Dhaoine Óga | | |
| **Réimsí** | C, D, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 8, 10, 11, 12 |
| **Aidhm** | Clubanna do dhaoine óga ag teacht le chéile go rialta. | | |
| **Eolas Breise** | **An Bunchlub**<br>Beidh an bunchlub ag freastal ar pháistí ó aois 7 mbliana – 12 bhliain. Cuirfear fo-choiste den Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige ar bun chun an club a rith. | | |

| | |
|---|---|
| | Beidh an club seo ag freastal ar pháistí na Rinne agus an tSean Phobail. Leagfar amach sraith imeachtaí éagsúla don bhliain, ar nós: cluichí agus caitheamh aimsire, turasanna, spórt, siúlóidí, drámaíocht, ceardlanna, imeachtaí ealaíon, bualadh le páistí ó áiteanna eile le Gaelainn, céilithe, club leabhair agus eile.<br>**Ionad Só**<br>Bhíodh Ionad Só do dhéagóirí ag feidhmiú in Halla Pobail na Rinne, i seomra faoi leith inar dtáinig daoine óga le chéile go sóisialta. Dúnadh é ceal maoinithe, agus tá sé mar sprioc go n-osclófar an tIonad Só seo arís chun go mbeadh áit ag déagóirí bailiú le chéile agus imeachtaí eagraithe ann dóibh i nGaelainn. Fiosrófar na deiseanna atá ann ionad den tsaghas seo a oscailt sa Sean Phobal amach anseo chomh maith.<br>Leagfar amach sraith imeachtaí éagsúla don bhliain, ar nós: cluichí agus caitheamh aimsire, turasanna, spórt, siúlóidí, drámaíocht, ceardlanna, imeachtaí ealaíon, bualadh le páistí ó áiteanna eile le Gaelainn, céilithe, agus club leabhar. Cuirfear an clár TechSpace ar fáil tríd an Ionad Só chomh maith. |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige. |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND c.t.r., ÓnaG, Muintearas, Ógras, CLPL, ÚnaG, BOO |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Go déimeagrafach, is pobal óg atá i nGaeltacht na nDéise ach in ainneoin seo, is léir ón aiseolas atá faighte againn go bhfuil easnaimh sna seirbhísí agus sna háiseanna atá ar fáil don nglúin is óige. Cé go bhfuil traidisiún fada ársa ag an gCLG sa cheantar, le foirne faoi aois sa pheil, san iomáint, sa chamógaíocht agus i bPeil na mBan, is léir go bhfuil gá le gréasán d'áiseanna agus de sheirbhísí eile a sholáthar don óige.<br>Ar cheann de na mianta is mó a léiríodh bhí bunú clubanna óige trí mheán na Gaelainne - cuireann rannpháirtíocht i gclubanna agus i gcumainn le forbairt scileanna idirphearsanta an duine óig, lena dtuiscint ar a bpobal (moladh nascanna a chothú leis na Gaeltachtaí eile trí fhreastal ar ócáidí náisiúnta cosúil le Scléip na hÓige ag an Oireachtas), lena scileanna saoil ginearálta agus is mór an chabhair í an rannpháirtíocht phobail sa troid i gcoinne an iompair aimhleasta.<br>Bhí bunchlub do pháistí óga ag feidhmiú sa Rinn ach tá sé imithe ar fad anois le ceithre bliana anuas. Tháinig sé chun solais i gcuid mhór de na suirbhéanna a scaipeadh ar na tithe go raibh sé rí-thábhachtach club a bheith ann do dhéagóirí agus go mbeadh an tIonad Só ag feidmiú arís. Nuair a scaipeadh suirbhé ar dhéagóirí na háite, ba é seo an t-éileamh ba mhó a bhí acu arís.<br>Tá an t-aoisghrúpa seo criticiúil do thodhchaí na Gaelainne sa Ghaeltacht bheag seo agus má dheintear freastal ceart orthu, beidh torthaí fadtéarmacha ann ar nósmhaireacht teanga. |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha |

<table>
<tr><td rowspan="7">Saolré</td><td colspan="7">Thar seacht mbliana an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Oifigeach Teaghlaigh & Óige ceaptha don cheantar (féach Beart 6.1.2.2.A)</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Feachtas fógraíochta chun tuismitheoirí a mhealladh le bheith páirteach</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Traenáil/oiliúint ar na ceannairí</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Bunchlub/Ionad Só a ath-oscailt</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean bliana a leagadh amach, M.F. – Meitheamh</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Ionad Só ag feidhmiú i nGaeltacht na nDéise ag freastal ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí uile an cheantair.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="6">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="6">Bunchlub</td><td>€2,500 - €5,000</td></tr>
<tr><td colspan="6">Ionad Só</td><td>€3,000 - €5,000</td></tr>
<tr><td colspan="6">Trealamh</td><td>€2,000 – €3,500</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€6,000</td><td>€10,000</td><td>€10,000</td><td>€10,000</td><td>€12,000</td><td>€12,000</td><td>€12,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT, BOO, Muintearas, ÚnaG, RNG, CLPL, FnaG.</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Teacht ar thuismitheoirí a bheadh sásta am a thabhairt agus freagracht a ghlacadh chun an club/Ionad Só a reachtáil.<br>b) Teacht ar fhoinsí mhaoinithe chun an tIonad Só a choimeád oscailte.<br>Réiteach:<br>a) Bualadh le tuismitheoirí duine ar dhuine chun na buntáistí a mhíniú dóibh. Tuismitheoirí go bhfuil páistí acu ag an aois a bhainfeadh leas as na seirbhísí seo a mhealladh le bheith páirteach. Cinntigh go mbeidh traenáil curtha ar fáil agus go mbeidh maoiniú socruithe chun imeachtaí a eagrú.</td></tr>
</table>

### 6.1.2.4.B Campaí do Dhaoine Óga

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.1.2.4.B</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Campaí do Dhaoine Óga</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>C,D,J, K</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>7,8,10,11,12</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Réimse leathan de champaí samhraidh a eagrú trí mheán na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise ag freastal ar dhaoine óga na háite.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="7">Beifear ag obair leis na daoine agus le heagraíochtaí a chuireann campaí ar siúl faoi láthair chun tacú lena gcuid oibre. Beifear ag cabhrú le campaí nua a bhunú, má bhíonn éileamh ann.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">ÓnaG, Muintearas, Ógras, CLPL, ÚnaG, bunscoileanna sa Ghaeltacht, an Mhéanscoil, tuismitheoirí na háite, CFND</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Is gá cuid mhór deiseanna a bheith ann do dhaoine óga an teanga a labhairt, go háirithe lasmuigh den chóras oideachais. Chuige sin, cabhraíonn campaí samhraidh na deiseanna sin a chur ar fáil. Tá foghlaim neamhfhoirmeálta i gceist ó thaobh teanga, sé sin leathnú foclóra agus cur le saibhreas cainte, gan trácht ar an spraoi a bhainfear as na campaí.<br>Tá cuid mhaith campaí á reáchtáil i nGaeltacht na nDéise faoi láthair gach samhradh agus leanfar ag tacú leo. Tá deiseanna ann campaí a chur ar siúl um Cháisc agus deiseanna chomh maith campaí eile a chur ar siúl i rith an tsamhraidh, ag brath ar éileamh agus éagsúlacht na gcampaí seo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhísí Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Thar seacht mbliana an phlean.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Teacht le chéile le lucht eagraithe na gcampaí</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Féilire de na campaí a chur le chéile</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Féachaint ar aon champaí nua a bhfuil gá leo</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Campa seoltóireachta a eagrú go bliaintúil</td><td colspan="3">Bliain 1-7</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Réimse leathan de champaí a bheith ar fáil do pháistí agus déagóirí an cheantair a thacaíonn le cur chun cinn na Gaelainne agus a thugann deiseanna don dream óg imeachtáí taitneamhacha a dhéanamh agus scileanna nua a fhorbairt agus a fhoghlaim.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Bliana</td><td colspan="6">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="6">Campaí a reáchtáil, árachas, cíos, costas teagascóirí</td><td>€3,000 - €4,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT, Táillí, RNG</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dushlán:<br>a) Réimse leathan campaí ar fáil i nGaeltacht na nDéise.<br>Réiteach:<br>a) Tacaíocht curtha ar fáil do champaí nua atá ag iarraidh teacht chun cinn.</td></tr>
</table>

**6.1.2.5 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 5**

*Saibhreas na Gaelainne a chothú i measc an óige*

**Beart A:** Ceardlanna Foghlama Gaelainne do Dhaoine Óga

**Beart B:** Seachadha Teanga Idirghlúnach

**6.1.2.5.A Ceardlanna Foghlama Gaelainne do Dhaoine Óga**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.5.A | | | | | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ceardlanna Foghlama Gaelainne do Dhaoine Óga | | | | | | |
| **Réimsí** | B, C, D, K | | **Critéir Pleanála Teanga** | | 8,10,11,12 | | |
| **Aidhm** | Tacaíocht sa bhreis a chur ar fáil do dhaoine óga an Ghaelainn a fhoghlaim taobh amuigh den chóras oideachais. | | | | | | |
| **Eolas Breise** | Eagrófar ceardlanna agus áiseanna tacaíochta dóibh siúd nach bhfuil líofa sa Ghaelainn chun cabhrú leo líofacht a bhaint amach. | | | | | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige. | | | | | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | ÓnaG, Muintearas, CLPL, ÚnaG, bunscoileanna sa Ghaeltacht, an Mhéanscoil, tuismitheoirí na háite, CFND | | | | | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Cabhair bhreise a chur ar fáil do theaghlaigh gur mian leo a bpáistí a thógáil trí Ghaelainn ach nach bhfuil an Ghaelainn ó dhúchas acu. | | | | | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | | | | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Daoine a fháil chun na ceardlanna a rith, ábhair a bhailiú le chéile | | | | Bliain 1 – Ráithe 1 | | |
| | Ceardlanna fógartha agus tosnaithe | | | | Bliain 1 – Ráithe 3 | | |
| | Ceardlanna curtha ar fáil de réir éilimh | | | | Bliain 2 – Ráithe 1 | | |
| **Slat Tomhais** | Éileamh ar na ceardlanna agus feabhas ar chumas agus ar mhuinín labhartha na Gaelainne ag na daoine óga a ghlacann páirt. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Ceardlanna a reáchtáil chun cur le cumas Gaelainne daoine óga. Ábhair agus duine chun é a rith. | | | | | €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BOO, ÚnaG, BPT | | | | | | |

| | |
|---|---|
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine óga a mhealladh go dtí na ceardlanna agus daoine cuí, cumasacha a fháil chun iad a rith.<br>**Réiteach:**<br>a) Na ceardlanna a bheith taitneamhach agus atmaisféar foghlama a chothú go nádúrtha. |

## 6.1.2.5.B Seachadha Teanga Idirghlúnach

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.1.2.5.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Sealbhú Teanga Idirghlúnach | | |
| **Réimsí** | C, D, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 10,11,12 |
| **Aidhm** | An Ghaelainn a aistriú ó ghlúin go glúin. | | |
| **Eolas Breise** | Imeachtaí a eagrú agus deiseanna a chruthú chun cabhrú leis an sealbhú teanga idirghlúnach – sé sin daoine níos sine agus daoine óga a thabhairt le chéile chun a bheith ag comhrá as Gaeilge, ag súil go bhfoghlaimeoidh an ghlúin óg ón nglúin níos sine. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | ÓnaG, Muintearas, CLPL, ÚnaG, na bunscoileanna, an Mhéanscoil, tuismitheoirí na háite, CFND, Cairde na Gaeltachta. | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé fíor-thábhachtach saibhreas na Gaelainne a roinnt ó ghlúin go glúin. Tá obair déanta sa réimse seo cheana, le ceardlanna ríomhaireachta nuair a mhúin daltaí na meánscoileanna scileanna ríomhaireachta do sheanóirí na háite agus bhailigh na daltaí béaloideas, cluichí srl. ó na seanóirí. D'éirigh go maith leis na tionscadail sin agus súil anois tógaint orthu san. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís reatha. | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean. | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Pleanáil don togra | Bliain 1 – Ráithe 3 | |
| | Tosnú ar sheisiúin a eagrú | Bliain 2 – Ráithe 1 | |
| | Mór-thogra a phleanáil agus a thosnú | Bliain 3 – Ráithe 1 | |
| **Slat Tomhais** | Seisiúin eagraithe ina mbeidh deis ag seanóirí a gcuid Gaelainne a roinnt le daoine óga. | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** | |
| | Áisitheoir do na seisiúin | €400 - €1,000 | |
| | Ábhair a bhailiú, foilsiú srl. | €400 - €1,000 | |
| | Costais cíosa seomraí | €200 - €500 | |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €1,000 | €2,000 | €1,000 | €3,000 | €1,000 | €3,000 | €3,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | RNG, ÚnaG, Ealaíon na Gaeltachta, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dushlán:**<br>a) Am chun seanóirí agus daoine óga a fháil le chéile agus imeachtaí tarraingteacha a mheallfaidh daoine a eagrú.<br>**Réiteach:**<br>a) An scéim a eagrú i bpáirt leis an Mheánscoil le daltaí na hIdirbhliana. | | | | | | |

**6.1.2.6 Teaghlaigh agus an Óige: Sprioc 6**

*Feabhas a chur ar áiseanna sa cheantar*

**Beart A:** Feabhas ar an Imearlann sa Rinn

**<u>6.1.2.6.A Forbairt ar an Imearlann sa Rinn</u>**

| **Beart** | 6.1.2.6.A | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Forbairt ar an Imearlann | | |
| **Réimsí** | C, F, I, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 10,11,12,15 |
| **Aidhm** | Cur le háiseanna don óige sa cheantar. | | |
| **Eolas Breise** | Thóg Coiste na hImearlainne, i gcomhpháirtíocht le CFND, Imearlann sa mbliain 2013 ar thalamh ÚnaG i mBaile na nGall sa Rinn. Clós spraoi atá ann do pháistí bunscoile agus réamhscoile ina bhfuil luascáin, sleamhnáin agus araile. Níl aon áit dá leithéad dírithe ar dhéagóirí an cheantair. Tá sé i gceist forbairt bhreise a dhéanamh ar an suíomh seo chun spás lasmuigh le fearais do dhéagóirí a chruthú. Tabharfar tacaíocht do Choiste na hImearlainne chun an togra seo a thabhairt chun cinn. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | RNG, ÚnaG, CLPL, Muintearas | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Cur le seirbhísí do dhéagóirí na háite. Géarghá anois freastal ar dhaoine ag an aois seo chun go mbeadh áit ar leith go bhfaighidís cruinniú le chéile. | | |
| **Cineál Togra** | Togra Caipitil | | |
| **Saolré** | Togra Aon Uaire | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Coiste a thabhairt le chéile arís | Bliain 1 – Ráithe 1 | |
| | Pleananna a dhearadh, maoiniú a lorg | Bliain 2 agus 3 | |
| | Obair a chur i gcrích | Bliain 4 | |
| **Slat Tomhais** | Cruinnithe pleanála ar dtúis chun spriocanna an togra a leagadh amach. | | |

<table>
<tr><td rowspan="5">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Coiste a thabhairt le chéile</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Plean a dhearadh</td><td colspan="2">€5,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Gnáth chothabháil na hImearlainne</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Obair thógála</td><td colspan="2">Ag brath ar an bplean</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€5,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">CLPL, ÚnaG</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dushlán:<br>a) Pleananna a dhearadh a bheadh oiriúnach.<br>Réiteach:<br>a) Tacaíocht a thabhairt do Choiste na hImearlainne chun pleananna a dhearadh a bheidh ag teacht le riachtanais an phobail.</td></tr>
</table>

# 6.2 Oideachas

## 6.2.1 Fís

Go mbeidh oideachas Gaelach ar ardchaighdeán ar fáil don phobal ar fad, ó leibhéal na réamhscolaíochta go dtí an t-aosoideachas.

## 6.2.2 Spriocanna

6.2.2.1 Meitheal Oideachais a bhunú

Tháinig sé chun cinn i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015, ó na grúpaí fócais agus ó chruinnithe leis na páirtithe leasmhara go bhfuil córas ard-chaighdeán oideachais fíor thábhachtach don cheantar seo. Luadh go bhfuil gá le meitheal chun go mbeadh deis ag daoine comhoibriú lena chéile agus chun teagmháil rialta a chothú idir dhaoine atá ag obair sa chóras oideachais. Ag obair as lámha a chéile is féidir córas oideachais Gaelach a choimeád lárnach i saol na Gaeltachta.

6.2.2.2 Ról na Gaelainne inár gcóras oideachais a bhuanú

Ní mór teacht a bheith ar oideachas lán-Gaelainne ó leibhéil na réamhscolaíochta go dtí an tríú leibhéal ag aos óg an cheantair. Tá bunstruchtúr an chórais oideachais atá ag teastáil sa cheantar ar fáil cheana féin. Ag leibhéal na réamhscolaíochta, ag leibhéal na bunscolaíochta agus ag leibhéal na meánscolaíochta, tá institiúidí oideachais ag feidhmiú ar an talamh trí mheán na Gaelainne. Tá an láidreacht seo tábhachtach do rathúlacht an phlean teanga. Mar sin féin, níl gach páiste sa cheantar ag freastal ar scoil lán-Ghaelainne faoi láthair. Ní mór dul i ngleic leis na cúiseanna a chuireann brú ar thuismitheoirí oideachas trí mheán an Bhéarla a roghnú dá bpáistí agus gach tacaíocht is féidir a thabhairt d'institiúidí oideachais an cheantair.

6.2.2.3 Ceart ag gach uile páiste sa Ghaeltacht oideachas lán-Ghaelainne a fháil

Ní mór oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaelainne a sholáthar chun inniúlacht agus úsáid na Gaelainne a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne.

6.2.2.4 Go mbeidh an córas oideachais in ann saibhreas na Gaelainne a chothú i measc an aos óig

Tá tábhacht ar leith ag baint le tacaíochtaí saibhrithe teanga sna scoileanna, lena n-áirítear cúntóirí teanga agus ábhar saibhrithe eile agus imeachtaí seach-churaclaim. Cuireann na hinstitúidí oideachais faoi seach ábhar saibhrithe teanga agus gníomhaíochtaí seach-churaclam ar fáil de réir mar a cheadaíonn a gcuid acmhainní dóibh. Cuireann CFND gníomhaíochtaí ar fáil ar bhonn aon-uaire agus ar bhonn rialta, ag brath ar éileamh agus ar acmhainní. Is ceart struchtúr cuimsitheach a fhorbairt, i bpáirt leis na hinstitiúidí oideachais, chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal mar ba chóir ar riachtanais an aosa óig i nGaeltacht na nDéise amach anseo.

6.2.2.5 Córas tacaíochta a chur ar fáil chun daoine ar bheagán Gaelainne a thabhairt chun líofachta

Teastaíonn ranganna Gaelainne agus tacaíochtaí eile chun go mbeidh daoine ar bheagán Gaelainne in ann líofacht sa teanga a bhaint amach. Tá foghlaim na Gaelainne fadbhunaithe i nGaeltacht na nDéise. Tá soláthar maith múinteoirí ar fáil chun ranganna Gaelainne a mhúineadh ag roinnt leibhéil éagsúla agus tá ionaid oiriúnacha ar fáil sa cheantar i gcomhair ranganna. Eagraíonn CFND ranganna Gaelainne faoi dhó sa bhliain (san Earrach agus san Fhómhar) agus tá feasacht i measc an phobail go bhfuil teacht ar ranganna sa cheantar. Aithnítear, áfach, nach leor an córas reatha chun líofacht Gaelainne a chothú sa phobal. Mar atá cúrsaí faoi láthair, níl aon bhealach soiléir, céimnithe ar fáil chun líofacht a bhaint amach. Is mian leis an gComhlucht lámh chúnta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun go mbeidh siad in ann líofacht a bhaint amach.

6.2.2.6 Deiseanna aosoideachais a chur ar fáil trí mheán na Gaelainne

Aithnítear go bhfuil easnaimh faoi láthair sna deiseanna aosoideachais a chuirtear ar fáil i nGaeltacht na nDéise. Ní bhíonn ranganna in ábhair éagsúla curtha ar fáil trí mheán na Gaelainne. Tá tábhacht ag baint lena leithéid de dheiseanna foghlama toisc go gcuireann siad le scileanna saoil na bhfoghlaimeoirí agus cuireann sé feabhas ar chumas cumarsáide an té atá líofa nó beagnach líofa, rud a thugann luach breise don teanga mar mhodh chumarsáide sa phobal.

6.2.2.7 Earnáil an oideachais tríú leibhéal forbartha i nGaeltacht na nDéise.

Tá ról tábhachtach ag Coláiste na Rinne sa chúram seo. Tá naisc ag an gColáiste cheana le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le hinstitiúidí eile tríú leibhéal. Bíonn tionchar dearfach eacnamaíochta ag na naisc seo ar an gceantar trí chéile. Is fiú tógaint ar na naisc seo chun cúrsaí agus mic léinn bhreise a mhealladh chun na háite. Moltar féachaint ar naisc acadúla a fhorbairt le mic léinn fhochéime agus iarchéime i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach (lena n-áirítear Coláiste Phádraig, Dúrlas Éile) chun gréasán nó líonra láidir mac léinn a chothú. Nasc tábhachtach eile is ea an tArd Dioplóma i Léiriú Teilifíse a reachtáileann Nemeton TV i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, le tacaíocht ó ÚnaG. Is fiú go mór leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht sa chúrsa seo agus tá ról lárnach ag ÚnaG i dtodhchaí a leithéad de chúrsa. Is fiú chomh maith deiseanna oiliúna a fhorbairt dóibh siúd atá ag obair i gcomhlachtaí Gaeltachta ar mhaithe le forbairt ghairmiúil na ndaoine úd.

**6.2.2.1 Oideachas: Sprioc 1**

*Meitheal Oideachais a bhunú*

**Beart A:** Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise

**6.2.2.1.A Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.1.A | | |
| **Ainm an Bheirt** | Meitheal Oideachas Ghaeltacht na nDéise | | |
| **Réimsí** | A, B, C, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 5, 6, 7 |
| **Aidhm** | Meitheal oideachais a chur ar bun a bheidh in ann monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm na mbeart i réimse an oideachais agus aiseolas a thabhairt don Cheanneagraíocht maidir leis na tacaíochtaí atá ag teastáil chun oideachas ar ardchaighdéan a sholáthar i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear Meitheal Oideachais ar bhun chun nasc foirmeálta a fhorbairt idir institiúidí oideachais an cheantair. Cuirfear téarmaí tagartha don meitheal seo le chéile, i bpáirt lenár bpáirtithe leasmhara sna hinstitiúdí oideachais.<br>Beidh ról ag an meitheal seo, i bpáirt leis an gComhlucht Forbartha, clár imeachtaí sheach-churaclam a ullmhú, monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm na mbeart i réimse an oideachais sa phlean teanga seo agus aiseolas a thabhairt don Cheanneagraíocht maidir leis na tacaíochtaí atá de dhíth chun ardchaighdéan oideachais a sholáthar i nGaeltacht na nDéise.<br>Beidh ionadaíocht ag príomhoidí agus ag boird bhainistíochta na scoileanna, múinteoirí, stiúrthóirí naíonraí agus tuismitheoirí ar an meitheal seo. Táthar ag súil go mbeidh an meitheal seo mar thacaíocht dóibh agus iad ag déileáil leis na dúshláin teangeolaíocha atá rompu. Cabhróidh an meitheal chomh maith le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta de chuid an Roinn Oideachais agus Scileanna. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Príomhoidí agus boird bhainistíochta na scoileanna áitiúla, múinteoirí, stiúrthóirí naíonra agus tuismitheoirí, BOO, An Roinn Oideachais agus Scileanna. | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Beidh an Meitheal seo in ann spriocanna a leagadh amach, cabhair agus comhairle a thabhairt dá chéile, imeachtaí a eagrú nó a mholadh agus seasamh aontaithe a ghlacadh maidir le cur chun cinn na Gaelainne sa chóras oideachais anseo i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Le bheith curtha i bhfeidhm thar saolré an phlean teanga. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Cuireadh a scaipeadh ar na naíonraí, bunscoileanna agus meánscoil le bheith páirteach sa Mheitheal | | | | Bliain 1 – Ráithe 1 | | |
| | Céad chruinniú den Meitheal a ghlaoch agus plean oibre a leagadh síos | | | | Bliain 1 – Ráithe 2 | | |
| | Athbhreithniú | | | | Bliain 4 – Ráithe 3 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Cruinnithe eagraithe go rialta.<br>▪ Clár imeachtaí seach-churaculam ullmhaithe ag tús na scoilbhliana. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Costas cruinnithe | | | | | €500 | |
| | Aoi-chainteoirí / saineolas / freastal ar cheardlanna | | | | | €500 - €700 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €1,000 | €1,000 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Aontú a fháil ó phríomhoidí agus ó stiúrthóirí na naíonraí páirt a ghlacadh sa Mheitheal agus teacht go rialta chuig na cruinnithe.<br>**Réiteach:**<br>a) Gach iarracht a dhéanamh caidreamh dearfach oibre a chothú agus cruinnithe a eagrú ag am oiriúnach. Cathaoirleach maith a cheapadh chun na cruinnithe a riaradh. | | | | | | |

**6.2.2.2 Oideachas: Sprioc 2**

*Ról na Gaelainne inár gcóras oideachais a bhuanú*

**Beart A:** Timpeallacht Ghaelach san Oideachas

**Beart B:** Polasaí Teanga sna Scoileanna

**6.2.2.2.A Timpeallacht Ghaelach san Oideachas**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.2.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Timpeallacht Ghaelach san Oideachas | | |
| **Réimsí** | A, B, C, D, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 4, 5, 6, 7 |
| **Aidhm** | Go mbeidh an Ghaelainn le dh’aireachtaint agus le feiscint níos mó i dtimpeallacht na n-institiúidí oideachais. | | |

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td>Is faoin Meitheal Oideachais a bheidh sé moltaí a aontú maidir le Timpeallacht Gaelach a chothú sna hinstitiúdí oideachais sa cheantar. Cuirfear acmhainní ar fáil chun cabhrú le Gaelú timpeallacht an oideachais agus nósanna teanga úsáideoirí na scoileanna agus chun feachtas feasachta a eagrú chuige seo. Beidh sé mar aidhm ag an bhfeachtas seo tuiscint a chothú sa phobal gur áit Ghaelach í an scoil agus gurb í an Ghaelainn atá mar theanga oibre inti. Déanfar cumarsáid rialta leis an bpobal chun meon dearfach i leith na teangan a chothú.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td>Meitheal Oideachas Ghaeltacht na nDéise</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td>CFND, SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, NSP, NnaR</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td>Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh agus go mbraithfeadh daoine óga nach teanga ranga amháin í an Ghaelainn. Os rud é go bhfuil timpeallacht iomlán Gaelainne cruthaithe sa scoil agus thart thimpeall uirthi, cabhraíonn sé seo le nósmhaireacht teanga laistigh agus lasmuigh den scoil.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td>Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td>Saolré</td><td>Bliain 2 – tosnú ar an obair seo, feidhmiú thar saolré an phlean teanga.
<table>
<tr><th colspan="2">Garspriocanna</th></tr>
<tr><td>Pléite mar chuid de chlár oibre an Mheitheal Oideachais</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>Moltaí aontaithe ag an Meitheal</td><td>Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Moltaí an Mheitheal Oideachais a chur i bhfeidhm</td><td>Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 4 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Moltaí ón Athbhreithniú curtha i bhfeidhm</td><td>Bliain 5</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 6 – Ráithe 3</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td>▪ Moltaí an Mheitheal Oideachais curtha i bhfeidhm</td></tr>
<tr><td>Buiséad Bliana</td><td>
<table>
<tr><th>Ábhar</th><th>€</th></tr>
<tr><td>Comharthaíocht</td><td>€1,000 - €4,000</td></tr>
<tr><td>Clár fógraí</td><td>€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td>Ábhair tacaíochta eile</td><td>€500 - €2,000</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Buiséad Iomlán</td><td>
<table>
<tr><th>Bliain 1</th><th>Bliain 2</th><th>Bliain 3</th><th>Bliain 4</th><th>Bliain 5</th><th>Bliain 6</th><th>Bliain 7</th></tr>
<tr><td>-</td><td>€2,000</td><td>€3,000</td><td>€3,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td>BPT, An Roinn Oideachais agus Scileanna, ÚnaG, CLPL, RNG</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td>Dúshlán:<br>a) Obair ag baint le comharthaíocht agus scéimeanna nua a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.<br>Réiteach:<br>a) Cabhair agus maoiniú a bheith ar fáil dóibh siúd a bheidh i mbun na hoibre.</td></tr>
</table>

## 6.2.2.2.B Polasaí Teanga sna Scoileanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.2.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Polasaí Teanga sna Scoileanna | | |
| **Réimsí** | A, C, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 4, 6. 7 |
| **Aidhm** | Go mbeadh institiúidí oideachais an cheantair ina dtearmainn teanga agus go mbeidh polasaí cuimsitheach teanga atá soiléir, sonrach, éifeachtach agus leanúnach curtha i bhfeidhm iontu. | | |
| **Eolas Breise** | Beifear ag siúl go mbeidh polasaí teanga institiúidí oideachais an cheantair ag teacht leis an bPolasaí nua don Oideachais Gaeltachta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Beidh ról ag an MO cabhrú agus tacú leis na hinstitiúidí oideachas na fadhbanna agus na riachtanais atá acu maidir le polasaithe teanga a phlé agus moltaí maidir le haon chúnamh breise a bheadh ag teastáil uathu a thabhairt don Cheanneagraíocht, go háirithe maidir le hábhar, le háiseanna agus le hoiliúint foirne de. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, NSP, NnaR, An Roinn Oideachais agus Scileanna, BOO | | |
| **Réasúnaíocht agus cúlra** | Cé go bhfuil polasaithe teanga sna scoileanna / naíonraí faoi láthair, beidh gá iad a thabhairt chun dáta chun teacht leis an bPolasaí nua don Oideachas Gaeltachta. Molaimid go bpléfeadh an Meitheal Oideachais Ghaeltachta an t-ábhar seo, chun cabhrú leis na hinstitiúidí teacht ar pholasaí a bheadh comónta, soiléir agus éifeachtach idir na scoileanna, ag aithint chomh maith go mbeidh saoirse ann chun an polasaí a chur in oiriúint d'aon scoil / naíonra faoi leith.<br>Fuaireamar aiseolas ó daoine a bhíonn ag plé leis an gcóras oideachas i nGaeltacht na nDéise faoi láthair agus cuireadh na moltaí sin san áireamh sna moltaí thuas. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga. | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Polasaithe teanga a fhorbairt | Bliain 2 | |
| | Polasaithe teanga a chur i bhfeidhm | Bliain 3 | |
| | Athbhreithniú | Bliain 7 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Moltaí curtha le chéile ag an Meitheal Oideachais<br>▪ Dréachtpholasaí forbartha i ngach scoil agus naíonra<br>▪ Cur i bhfeidhm na bpolasaithe | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Cruinnithe | | | | | | €200 – €500 |
| | Saineolas / aoíchainteoirí | | | | | | €200 – €500 |
| | Freastal ar cheardlanna | | | | | | €200 – €500 |
| | Cúnamh breise a chur ar fáil de réir riachtanais na scoileanna | | | | | | €2,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €2,000 | €3,000 | €2,000 | €2,000 | €3,000 | €2,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | RNG, ÚnaG, An Roinn Oideachais agus Scileanna, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Foireann na scoile/naíonraí a spreagadh chun an polasaí a chur le chéile.<br>b) An polasaí teanga a chur i bhfeidhm go leanúnach.<br>**Réiteach:**<br>a) Cruinnithe/seisiúin plé rialta a reáchtáil leis na páirtithe leasmhara leis na buntáistí a bhaineann le polasaí maith teanga a phlé agus lena gcuid smaointe/moltaí féin a fháil.<br>b) Monataóireacht chuí déanta ag bainistíocht na scoile/naíonra agus ag Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise. | | | | | | |

### 6.2.2.3 Oideachas: Sprioc 3

*Ceart ag gach uile páiste sa Ghaeltacht oideachas lán-Ghaelainne a fháil*

**Beart A:** Leanúnachas san Oideachas Gaelach

**Beart B:** Feachtas Feasachta d'Oideachas Gaelach

### 6.2.2.3.A Leanúnachas san Oideachas Gaelach

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Leanúnachas san Oideachas Gaelach | | |
| **Réimsí** | A, B, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 5, 6, 7 |
| **Aidhm** | Go mbeidh aos óg na Gaeltachta ag freastal ar oideachas Gaelach go dtí an ardteist | | |
| **Eolas Breise** | Tá mar sprioc ag an mbeart seo go mbeidh daoine óga a fhreastalaíonn ar na naíonraí Gaeltachta ag dul ar aghaidh dtí na bunscoileanna Gaeltachta, agus go mbeidh daltaí na mbunscoileanna Gaeltachta ag dul ar aghaidh go dtí Meánscoil San Nioclás.<br>Moltar go mbeidh deiseanna curtha ar fáil do dhaltaí na naíonraí cuairt a thabhairt ar na bunscoileanna agus do dhaltaí na mbunscoileanna cuairt a thabhairt ar an Mheánscoil.<br>D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltaí freastal ar thurais, nó ar imeachtaí cultúrtha, spórt, ceardlanna eolaíochta srl. Iarrfar ar an Meitheal Oideachas moltaí a thabhairt don Cheanneagraíocht agus d'institiúidí oideachais an cheantair ina leith seo. | | |

<table>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td>Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td>SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, NSP, NnaR</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td>Léiríodh i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 agus sna grúpaí fócais, go raibh cailliúint idir líon na bpáistí a d’fhreastail ar bhunscoileanna an cheantair agus an méid acu a chuaigh ar aghaidh go dtí Meánscoil San Nioclás. Moladh slite a aimsiú chun nasc idir na bunscoileanna agus an mheánscoil a láidriú.<br>Tá sé tábhachtach go mbeidh aos óg na háite ag freastal ar naíonraí agus scoileanna sa Ghaeltacht, ní hamháin d’inmharthanacht na n-institiúidí amach anseo, ach do chumas Gaelainne an phobail chomh maith. Teastaíonn leanúnachas san oideachas Gaelach agus sruth nádúrtha ón naíonra ar aghaidh go dtí an bhunscoil agus ón mbunscoil go dtí an mheánscoil. Ba chóir go mbeadh nasc leanúnach láidir idir na scoileanna ar fad agus níos mó teagmhála acu lena chéile.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td>Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td>Saolré</td><td>Thar tréimhse seacht mbliana an phlean.
<table>
<tr><th colspan="2">Garspriocanna</th></tr>
<tr><td>Ceist curtha faoi bhráid an Mheitheal Oideachais</td><td>Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Moltaí curtha le chéile ag an MO</td><td>Bliain 3 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>Moltaí na Meithle curtha i bhfeidhm</td><td>Bliain 3, 4 agus 5</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 6 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Moltaí an Fhóraim curtha i bhfeidhm</td><td>Bliain 7 agus 8</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td>▪ Naíonraí, Bunscoileanna agus Meánscoil sásta páirt a ghlacadh<br>▪ Moltaí curtha le chéile ag an Meitheal Oideachais<br>▪ Moltaí na Meithle curtha i bhfeidhm<br>▪ Ceatadán daoine óga ag freastal ar na scoileanna Gaeltachta</td></tr>
<tr><td>Buiséad Bliana</td><td>
<table>
<tr><th>Ábhar</th><th>€</th></tr>
<tr><td>Moltaí curtha le chéile ag an Meitheal Oideachais</td><td>€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí idir na scoileanna</td><td>€1,000 - €2,000</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Buiséad Iomlán</td><td>
<table>
<tr><th>Bliain 1</th><th>Bliain 2</th><th>Bliain 3</th><th>Bliain 4</th><th>Bliain 5</th><th>Bliain 6</th><th>Bliain 7</th></tr>
<tr><td>-</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,500</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td>BPT, BOO, RNG, ÚnaG, An Roinn Oideachais agus Scileanna.</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td>Dúshlán:<br>a) Tús a chur leis an nasc idir na scoileanna.<br>Réiteach:<br>a) Duine maith i gceannas chun dul go dtí na naíonraí agus na scoileanna ar dtús agus iad a mhealladh chuig cruinnithe. Plean oibre maith curtha le chéile.</td></tr>
</table>

## 6.2.2.3.B Feachtas Feasachta d'Oideachas Gaelach

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.3.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Feachtas Feasachta d'Oideachas Gaelach | | |
| **Réimsí** | A, B, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 4, 5, 6, 7 |
| **Aidhm** | Eolas a scaipeadh ar thuismitheoirí maidir leis na buntáistí a bhaineann le hoideachas Gaeltachta | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear acmhainní ar fáil don Mheitheal Oideachais chun feachtas bolscaireachta a chur ar bun ar mhaithe le páistí a mhealladh le freastal ar na scoileanna Gaeltachta i nGaeltacht na nDéise. Bíonn líon áirithe teaghlaigh a roghnaíonn a bpáistí a chur ar scoil lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé tábhachtach go mbeadh an oiread agus is féidir de dhaoine óga an cheantair ag freastal ar scoileanna Gaeltachta ar mhaithe le todhchaí teangeolaíoch an cheantair, agus ar mhaithe le cumas teangeolaíoch na bpáistí iad féin. Ní mór gach iarracht a dhéanamh chun na teaghlaigh seo a mhealladh chun a bpáistí a chur dtí na scoileanna Gaeltachta. | | |
| **Príomhúinéir** | Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Tuismitheoirí an Cheantair, MTTÓ, Coiste na dTuismitheoirí sna scoileanna, SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, NSP, NnaR | | |
| **Réasúnaíocht** | Uaireanta bíonn sé deacair ar pháistí nach bhfreastalaíonn ar scoileanna an cheantair líofacht iomlán a bhaint amach sa Ghaelainn. Tá easpa tuisceana agus eolais ar chuid den phobal faoin tumoideachas, faoi éiteas na scolaíochta Gaeltachta agus faoi bhuntáistí an dátheangachais.<br>Bheadh sé i gceist cur le tuiscint tuismitheoirí na háite ar na buntáistí a bhaineann le hoideachas Gaeltachta trí fheachtas feasachta a eagrú chun díriú ar imní na ndaoine úd faoin oideachas Gaelainne agus chun fáth a mbuartha a fhuascailt, más féidir. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhísí Reatha | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Foinsí eolais a aimsiú | Bliain 2 – Ráithe 1 | |
| | Feachtas a phleanáil | Bliain 2 – Ráithe 2 | |
| | Ábhar bolscaireachta a dhearadh | Bliain 2 – Ráithe 3 | |
| | Feachtas feasachta a chur ar bun | Bliain 3 ar aghaidh | |
| | Athbhreithniú | Bliain 5 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Eolas scaipithe ar thuismitheoirí<br>▪ Ceatadán daoine óga ag freastal ar naonraí/scoileanna Gaeltachta | | |

| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Feachtas a dhearadh | | | | | | €500 - €1,000 |
| | Ábhar bolscaireachta | | | | | | €1,000 - €3,000 |
| | Fógraíocht | | | | | | €1,000 |
| | Ceardlanna / cruinnithe poiblí | | | | | | €1,500 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €1,000 | €3,000 | €1,500 | €3,000 | €2,000 | €2,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, BOO, An Roinn Oideachais agus Scileanna, RNG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réitreach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine a mhealladh go dtí ceardlanna / eolas a roinnt.<br>**Réiteach:**<br>a) Uaireanta is fearr dul díreach go dtí daoine nó na grúpaí ar an dtalamh a úsáid, ar nós Coiste na dTuismitheoirí srl. | | | | | | |

### 6.2.2.4 Oideachas: Sprioc 4

*Go mbeidh an córas oideachais in ann saibhreas na Gaelainne a chothú i measc an aosa óig*

**Beart A:** Clár Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim

**Beart B:** Ábhar Saibhrithe

### 6.2.2.4.A Clár Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim

| **Beart** | 6.2.2.4.A | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Clár Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim | | |
| **Réimsí** | A, C, J, K. | **Critéir Pleanála Teanga** | 6, 8, 10, 12. |
| **Aidhm** | Saibhreas Gaelainne agus stór focal an aosa óig i nGaeltacht na nDéise a chothú trí chlár ghníomhaíochtaí taithneamhacha cultúrtha agus spóirt a chur ar fáil tríd na scoileanna áitiúla. | | |
| **Eolas Breise** | ‘Se atá i gceist leis an gclár gníomhaíochtaí ná deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí freastal ar cheardlanna éagsúla i rith na scoilbhliana, m.sh., litríocht, amhranaíocht, rince, scéalaíocht, drámaíocht, spórt, snámh, cumadóireacht, díospóireacht, ceardaíocht, craoltóireacht, oidhreacht, ealaín agus ceol.<br>Ullmhófar an clár seo ag tús na bliana, i bpáirt lenár bpáirtithe leasmhara sa Mheitheal Oideachais, de réir riachtanais na ndaltaí agus cuspóirí na scoileanna.<br>Cuirfear acmhainní ar fáil do scoileanna chun ábhar, m.sh ábhar ealaíne, uirlisí ceoil srl, a cheannach ionas go mbeidh sé de chumas acu feabhas a chur ar dheiseanna seach-churaclaim sa scoil. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhúinéir** | Meitheal Oideachas Ghaeltacht na nDéise | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND,NSP, NnaR, SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, Ealaíon na Gaeltachta, ÚnaG, RNG | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Léirigh an suirbhé cuimsitheach a deineadh mar chuid den phróiseas taighde don phlean teanga gurb as áit éigin eile ó dhúchas, seachas Gaeltacht na nDéise, beagnach 50% den phobal. Níltear ag súil go mbeidh athrú suntasach ar an bpátrún seo le linn saolré an phlean teanga seo. Anuas ar sin, léirigh an taighde céanna gur lú i bhfad cumas labhartha Gaelainne an chuid sin den phobal nár thógadh iad i nGaeltacht na nDéise. Tá úsáid na Gaelainne mar theanga labhartha an phobail ag brath go mór orthu siúd arbh as an gceantar seo dóibh ó dhúchas, dá bharr.<br>Más féidir cumas an duine chun an Ghaelainn a labhairt a fhorbairt ag aois óg, is fearr an seans go mbeidh siad ina gcainteoirí gníomhacha Gaelainne i gcaitheamh a saoil. Cruthaíonn imeachtaí seach-churaclaim deis stór focal nua a chur i láthair na ndaltaí. Anuas ar sin, tacaíonn siad le buanú nós úsáidte na Gaelainne i gcomhthéacanna éagsúla.<br>Bhí an riachtanas seo aitheanta i bPlean Teanga 2008-2010 de chuid an Chomhluchta. Tháinig sé aníos i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 go raibh daoine den tuairim go dteastaíonn breis tacaíochta ó na scoileanna áitiúla. Cuireadh in iúl san aiseolas a fuarathas óna scoileanna chomh maith go dteastaíonn cabhair uathu chun na daltaí a chur ag labhairt na Gaelainne lena chéile ar scoil. | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga. | |
| | **Garspriocanna** | |
| | Clár oibre don Meitheal Oideachais a aontú | Bliain 1 – Ráithe 1 |
| | Clár gníomhaíochtaí a aontú | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Buiséad na bliana a ullmhú | Bliain 1 – Raithe 2 |
| | Maoiniú a chinntiú | Bliain 1 – Ráithe 3 |
| | Clár gníomhaíochtaí a sholáthar | Bliain 2, 3 agus 4 |
| | Athbhreithniú | Bliain 5 |
| **Slat Tomhais** | ▪ Clár gníomhaíochtaí aontaithe ag tús na scoilbhliana<br>▪ Daltaí i ngach institiúid oideachais páirteach ann<br>▪ Rannpháirtithe sásta le cur i bhfeidhm na scéime ó bhliain go bliain. | |

| Buiséad Bliana | Ábhar | € |
|---|---|---|
| | Ceardlanna litríochta | €2,000 |
| | Ealaíontóir cónaitheach<br>-Ceardlanna amhranaíochta<br>-Ceardlanna rince | 9.5.1.A |
| | Scéalaíocht | €1,000 |
| | Ceardlanna drámaíochta | €2,000 |
| | Spórt | €8,000 |
| | Ceardlanna snáimh | €2,000 |
| | Scéim ullmhúcháin don oireachtas | €3,000 |
| | Ceardlanna díospóireachta | €1,000 |
| | Ceardlanna ceardaíochta | €1,000 |
| | Ceardlanna craoltóireachta | €1,500 |
| | Ceardlanna oidhreachta | €2,000 |
| | Ealaín | €1,000 |
| | Ceol | €2,000 |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €12,000 | €17,000 | €22,000 | €24,000 | €26,000 | €26,000 | €26,000 |

| | |
|---|---|
| **Foinsí Maoinithe** | CCCPL, Ealaíon na Gaeltachta, ÚnaG, CE, RNG, BPT, CLG, BOO. |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Maoiniú a fháil chun an clár aontaithe a chur i bhfeidhm.<br>b) Plean bliantúil a aontú leis na rannpháirtithe<br>**Réiteach:**<br>a) Plean cuimsitheach a chur le chéile agus cás láidir a dhéanamh dtí na forais mhaoinithe<br>b) Obair leis na páirtithe leasmhara chun plean bliantúil a aontú |

### 6.2.2.4.B Ábhar Saibhrithe

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.4.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ábhar Saibhrithe | | |
| **Réimsí** | A, C, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 6, 8 |
| **Aidhm** | Ábhar tacaíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil d'institiúidí oideachais i nGaeltacht na nDéise chun go mbeadh siad in ann saibhreas sa chanúint áitiúil a chothú inár ndaoine óga. | | |

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="2">Is iad na hábhair thacaíochta atá i gceist anseo ná téacsleabhair, ábhar litríochta, ábhar ceoil, amhráin agus ábhar físe, atá oiriúnach d’úsáid chun saibhreas Gaelainn na nDéise a chothú i measc an óige sna scoileanna áitiúla.<br>Pléifear na heasnaimh san ábhar atá ar fáil faoi láthair lenár bpáirtithe leasmhara agus tabharfar deis dóibh moltaí a thabhairt dúinn i dtaobh an ábhair atá uathu. Cuirfear scéim ar bun chun ábhair thacaíochta atá ar fáil i nGaelainn cheana féin a chur in oiriúint do chanúint na nDéise agus tacófar le forbairt ábhair thacaíochta as an nua chomh maith.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="2">Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="2">CFND,NSP, NnaR, SNnaR, SNBMA, Meánscoil San Nioclás, COGG, Breacadh, CCCPL, Ealaíon na Gaeltachta, ÚnaG, RNG, BOO.</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="2">Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach líofacht agus cruinneas sa Ghaelainn a thabhairt do dhaoine óga, tá sé tábhachtach go mbeidh saibhreas acu ina gcanúint dhúchais féin chomh maith, ionas go mbeidh úsáid na Gaelainne ina bpobal féin nádúrtha dóibh agus go mbeidh tuiscint acu go mbaineann an teanga leo agus lena bpobal.<br>Is beag ábhair thacaíochta atá ar fáil faoi láthair chun cabhrú le múinteoirí canúint na nDéise a mhúineadh sa seomra ranga, agus is minic nach mbíonn soláthar caoi den ábhar tacaíochta atá ar fáil sna scoileanna. Ní mór acmhainní a chur ar fáil le linn saolré an phlean seo chun an réimse ábhair thacaíochta a fhorbairt.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="2">Seirbhís Reatha agus Togra Caipitil</td></tr>
<tr><td rowspan="9">Saolré</td><td colspan="2">Tá sé i gceist go mbeidh ábhar tacaíocht curtha ar fáil sna scoileanna ó bhliain go bliain. Taobh leis an tseirbhís reatha seo, forbrófar ábhar tacaíochta nua ar bhonn togra chaipitil.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td>Clár ábhair thacaíochta oiriúnacha, atá ar fáil cheana, a aithint</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>An soláthar ábhair a bheidh ag teastáil sna scoileanna a aithint</td><td>Bliain 3 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>Ábhar tacaíochta a chur ar fáil sna scoileanna</td><td>Bliain 3, 4 agus 5</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 5 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td>Ábhar nua forbartha</td><td>Bliain 5</td></tr>
<tr><td>Ábhar nua curtha ar fáil sna scoileanna</td><td>Bliain 6, 7 agus 8</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime</td><td>Bliain 8</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="2">Ábhar saibhrithe a chur ar fáil sna scoileanna</td></tr>
</table>

| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cruinnithe | | | | | | €5,00 |
| | Dearadh | | | | | | €1,000 - €2,000 |
| | Cló | | | | | | €2,000 - €12,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €2,000 | €3,000 | €3,000 | €12,000 | €2,000 | €2,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, COGG, Breacadh, RNG, ÚnaG, CCCPL, Ealaíon na Gaeltachta, CE | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Ábhar oiriúnach a aithint<br>**Réiteach:**<br>a) Aiseolas a fháil ó na scoileanna | | | | | | |

**6.2.2.5 Oideachas: Sprioc 5**
*Córas tacaíochta a chur ar fáil chun cumas Gaelainne an phobail a chothú.*

**Beart A:** Clár Líofa

**6.2.2.5.A Clár Líofa**

| **Beart** | 6.2.2.5.A | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Clár Líofa | | |
| **Réimsí** | A, C, D, E, F, J, K. | **Critéir Pleanála Teanga** | 7, 8, 10, 11, 12, 15. |
| **Aidhm** | Córas foghlama a fhorbairt chun go mbeidh daoine ar bheagán Gaelainne in ann líofacht a bhaint amach laistigh d'achar ama réasúnta. | | |
| **Eolas Breise** | Forbrófar bealach soiléir, céimnithe d'fhoghlaimeoirí chun líofacht i nGaelainn a bhaint amach. Beidh an scéim seo oscailte do dhaoine atá ina gcónaí i nGaeltacht na nDéise amháin. Déanfar cumas Gaelainne na rannpháirtithe a mheas ag tús na scéime agus cuirfear iarracht ar leith isteach le daoine a bhíonn ag plé le seirbhísí tábhachtacha sa phobal, agus le tuismitheoirí atá ar bheagán Gaelainn, a chlárú don scéim seo.<br><br>**Ranganna Gaelainne:** Cuirfear sraitheanna Ranganna Gaelainne ar fáil, ag roinnt leibhéil éagsúla, go rialta i rith na bliana.<br><br>**Ábhar Tacaíochta:** Tabharfar ábhar tacaíochta ar nós leabhair Ghaelainne d'fhoghlaimeoirí fásta, ceol i nGaelainn srl dóibh siúd atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim, ionas go mbeidh siad in ann iad féin a thumadh sa theanga. | | |

| | |
|---|---|
| | **Ceardlann i bhFoghlaim Teangacha:** Scaipfear eolas ar na rannpháirtithe maidir leis na cuir chuige atá inmholta agus dea-chleachtais i bhfoghlaim teanga ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoi fhoghlaim na Gaelainne go héifeachtach.<br><br>**Imeachtaí Sóisialta:** Cuirfear imeachtaí neamhfhoirmiúla ar siúl ina bhfuil an Ghaelainn in úsáid mar theanga chumarsáide. I measc na n-imeachtaí beidh: ciorcal comhrá, céilí, siúlóid, cócaireacht, ealaíon, yoga agus eile.<br><br>**Feachtas Feasachta:** Tabharfar faoi fheachtas feasachta chun daoine a chur ar an eolas faoin scéim, na buntáistí a bhaineann le Gaelainn a fhoghlaim agus na tacaíochtaí atá ar fáil faoin scéim. I measc na nithe a fhorbrófar le linn an fheachtais seo, beidh breis teagmháil leis na meáin, ábhar bolscaireachta, agus ambasdóirí teanga.<br><br>**Scéim Chairdis:** Earcófar roinnt daoine sa phobal le líofacht i nGaelainn chun meantóireacht a dhéanamh leo.<br><br>**Dianchúrsa Samhraidh:** Cuirfear spásanna ar dhianchúrsa samhraidh ar fáil do dhaoine atá ag glacadh páirte sa chlár seo.<br><br>**Aosoideachas trí mheán na Gaelainne:** Cuirfear deiseanna ar fáil dóibh siúd atá líofa nó beagnach líofa tabhairt faoi aosoideachas trí mheán na Gaelainne. Feach: Caibidil 8 - 8.5.6.A. |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. |
| **Páirtithe Leasmhara** | BOO, ÚnaG, Múinteoirí Gaelainne |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Léirigh an taighde atá déanta gur tháinig fás mear ar dhaonra na Gaeltachta le fiche bliain anuas agus gur lú i bhfad cumas labhartha Gaelainne an chuid sin den phobal a bhog isteach. Chun go mbeidh an Ghaelainn slán mar theanga labhartha an phobail don chéad ghlúin eile tá sé riachtanach go mbeidh córas ar fáil chun líofacht sa Ghaelainn a thabhairt dóibh siúd atá ar bheagán Gaelainne. Níor cheart go mbeadh éinne faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfuil líofacht i nGaelainn acu agus is ceart gach tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ar bheagán Gaelainn, chun go mbeidh siad in ann líofacht a bhaint amach, ar mhaithe le comhtháthú sóisialta an phobail. Cé go bhfuil ranganna Gaelainne ar fáil le fada an lá i nGaeltacht na nDéise, aithnítear nach leor é an córas reatha chun líofacht Gaelainne a chothú sa phobal. Teastaíonn infheistíocht chun córas cuimsitheach, leis na tacaíochtaí chaoi, a fhorbairt. Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga CFND 2008-2010 agus i bPlean Trí Bliana CFND 2010-2013. |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha |

<table>
<tr><td rowspan="15">Saolré</td><td colspan="7">Tá sé i gceist an togra seo a chur ar fáil ó bhliain go bliain thar saolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Feabhas curtha ar na ranganna Gaelainne</td><td colspan="3">Bliain 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ábhar tacaíochta oiriúnach aitheanta</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Tacaíocht nua curtha ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár Líofa forbartha go hiomlán</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Feachtas feasachta</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clárúcháin</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár Líofa – Tús</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Tacaíocht nua curtha ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Deiseanna aosoideachais curtha ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 3 – Raithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár Líofa curtha ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 4 agus 5</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime</td><td colspan="3">Bliain 5 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár Líofa a chur ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 6, 7 agus 8</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime</td><td colspan="3">Bliain 8 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Líofacht bainte amach acu siúd a théann tríd an gclár.<br>▪ An clár iomlán curtha i gcrích ag breis is 60% dóibh siúd a chláróidh<br>▪ An clár curtha i gcrích ag deichniúir duine roimh dheireadh saolré an phlean</td></tr>
<tr><td rowspan="9">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ranganna Gaelainne</td><td colspan="2">€10,500 - €12,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ábhar tacaíochta</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ceardlann i bhfoghlaim teangacha</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Imeachtaí sóisialta</td><td colspan="2">€2,000 - €6,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Feachtas feasachta</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Scéim cairdeas</td><td colspan="2">€1,000 - €2,500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Dianchúrsa samhraidh</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Aosoideachas</td><td colspan="2">€2,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€15,000</td><td>€20,000</td><td>€24,000</td><td>€24,000</td><td>€25,000</td><td>€26,000</td><td>€26,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BOO, ÚnaG, RNG, BPT, Táillí</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa chlár<br>b) Go leanfaidh daoine ar aghaidh ó thús go deireadh an chláir<br>Réiteach:<br>a) Clár d’ardchaighdéan a fhorbairt, clár tarraingteach ilghéitheach, réalaíoch le múinteoirí den scoth.</td></tr>
</table>

**6.2.2.6 Oideachas: Sprioc 6**

*Deiseanna aosoideachais a chur ar fáil trí mheán na Gaelainne.*

**Beart A:** Ionad Aosoideachais

**6.2.2.6.A Ionad Aosoideachais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.6.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ionad Aosoideachais | | |
| **Réimsí** | A, C, D, E, F, H, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 11, 18 |
| **Aidhm** | Ionad Aosoideachais a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise chun deiseanna aosoideachais trí mheán na Gaelainne a sholáthar don bpobal. | | |
| **Eolas Breise** | Is ar éigin go bhfuil deiseanna aosoideachais ar fáil i nGaeltacht na nDéise i láthair na huaire agus táthar den tuairim go dteastaíonn ionad aosoideachais sa cheantar chun deiseanna aosoideachais a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhonn seasmhach. Sprioc fadtéarmach é seo agus cuirfear tús leis an bpróiseas trí dheiseanna aosoideachais nua a fhorbairt sa phobal, ag obair go dlúth leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.<br>Bheadh an tIonad Aosoideachais seo ina thearmainn teanga sa phobal. Mar sin, is trí mheán na Gaelainne amháin a bheadh an t-ionad ag feidhmiú agus is í an Ghaelainn a bheadh mar theanga teagaisc na gcúrsaí a chuirfí ar fáil san ionad. Tá soláthar leordhóthanach deiseanna aosoideachais i mBéarla sa cheantar mórthimpeall agus dá bharr sin, ní dócha go mbeidh an chuid sin den phobal atá ar bheagán Gaelainne faoi mhíbhuntáiste. Toisc gur trí mheán na Gaelainne a chuirfear na deiseanna aosoideachais ar fáil san ionad seo, beidh seirbhís uathúil curtha ar fáil sa cheantar. Níl baol go mbeidh seirbhísí aosoideachais eile sa cheantar díláithrithe mar thoradh.<br>I measc na ndeiseanna aosoideachais a d'fhéadfaí a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise tá:<br>▪ **Ranganna Gaelainne**<br>▪ **Dioplóma sa Ghaelainn**<br>▪ **Cúrsaí Ríomhaireachta**<br>▪ **Cúrsaí Céardaíochta (**Iascaireacht/fuáil/cócaireacht srl)<br>▪ **Cúrsa Seoltóireachta (**i bpáirt le Club Mara na nDéise)<br>▪ **Cúrsaí Cúram Leanaí/Obair Óige**<br>▪ **Feasacht/Cinnireacht Teanga in Obair Óige**<br>▪ **Cúrsaí Garchabhrach**<br>▪ **Scileanna Gnó**<br>▪ **Feasacht/Cinniracht Teanga i ngnó**<br>▪ **Cúrsa Gnó Féin-bhunaithe**<br>▪ **Cúrsa Forbartha Gnó** | | |

<table>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">BOO, ÚnaG, RNG</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Tabharfaidh deiseanna aosoideachais trí mheán na Gaelainne luach bhreise don teanga mar mhodh chumarsáide sa phobal atá inúsáidte i ngach gné den saol. Chomh maith leis sin, tá tábhacht nach beag ag baint lena leithéid de dheiseanna foghlama toisc go gcuireann siad le scileanna saoil an fhoghlaimeora.<br>Bheadh deiseanna aosoideachais den tsaghas seo ina thacaíocht luachmhar d'fhoghlaimeoirí Gaelainne sa cheantar chomh maith agus beidh ról acu sa Chlár Líofa, mar atá leagtha amach i mír 6.2.2.5.A thuas.<br>Bhí an riachtanas seo luaite i bPlean Teanga CFND 2008 – 2010 agus ní mór an beart seo a chur i bhfeidhm thar saolré an phlean teanga chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar seo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Saolré</td><td colspan="7">Thar shaolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean a ullmhú</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cúrsaí a chur ar fáil</td><td colspan="3">Bliain 3, 4, 5, 6, 7 agus 8</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí<br>Líon na gcúrsaí a chuirtear ar fail</td></tr>
<tr><td rowspan="7">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ranganna/Diplóma sa Ghaelainn (m.sh. cúrsa TEG)</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cúrsaí ríomhaireachta</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cúrsaí garchabhrach</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cúrsaí ceardaíochta</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Scoláireachtaí</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cúrsaí Seoltóireachta</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>-</td><td>-</td><td>€6,000</td><td>€6,000</td><td>€6,000</td><td>€6,000</td><td>€6,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BOO, ÚnaG, RNG, BPT, Rannpháirtithe.</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Teagascóirí oilte sna réimsí éagsúla aosoideachais a fháil atá líofa sa Ghaelainn<br>Réiteach:<br>a) Comhoibriú le BOO, ÚnaG maidir lena seirbhísí siúd</td></tr>
</table>

**<u>6.2.2.7 Oideachas: Sprioc 7</u>**

*Earnáil an oideachais tríú leibhéal cothaithe i nGaeltacht na nDéise.*

**Beart A:** Nasc le hInstitiúidí Tríú Leibhéal

**Beart B:** Ionad Tríú Leibhéal a Fhorbairt

**<u>6.2.2.7.A Nasc le hInstitiúidí Tríú Leibhéal</u>**

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.2.2.7.A</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Nasc le hInstitiúidí Tríú Leibhéal</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>A, B, E, K</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>5, 6</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Cuir le líon agus caighdeán na gcúrsaí atá ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Nasc a chruthú / a bhuanú leis na hInstitiúidí Tríú Leibhéal</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="3">Coláiste na Rinne, Nemeton</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">Ollscoileanna agus Institiúidí Tríú Leibhéal</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="3">Tá cáil ar Ghaeltacht na nDéise as a bheith ag fáiltiú roimh scoláirí Gaelainne thar na mblianta. Tá na háiseanna ann chun freastal ar mhic léinn tríú léibhéil agus cuireann sé go mór le ceantar Gaeltachta nuair a bhíonn daoine ag teacht chun an Ghaelainn a fhoghlaim. Léiríonn sé na luachanna atá sa teanga agus sa chultúr.<br>Tá nasc cheana féin idir Ghaeltacht na nDéise agus institiúidí tríú leibhéal. Tagann ábhair oidí go dtí Coláiste na Rinne ó na coláistí oiliúna. Tagann mic léinn ó UCC agus coláistí eile tríú leibhéal go dtí an Rinn ar chúrsaí éagsúla. Eagraíonn Nemeton TV, i gcomhpháirt le hITPL, Ard Dioplóma sa Léiriú Teilfíse agus an cúrsa seo ar siúl go bliantúil.<br>Cuireann na mic léinn seo le Gaeltacht na nDéise ar léibhéil éagsúla: tugann sé ardú meanma do mhuintir na háite mic léinn a fheiscint ag teacht chun na Gaeltachta; tugann sé deiseanna fostaíochta agus deiseanna do shealbhóirí tí scoláirí a choimeád.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="3">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Saolré</td><td colspan="3">Thar shaolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="3" align="center">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="2">Nascanna a forbairt leis na hInstitúidí Tríú Leibhéal</td><td>Bliain 1 go 7</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cúrsaí a dhearadh agus scoláirí a mhealladh go dtí Gaeltachta na nDéise</td><td>Bliain 1 go 7</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="3">Méadú ar líon na mac léinn a thagann go Gaeltacht na nDéise ar chúrsaí</td></tr>
<tr><td>Buiséad</td><td colspan="3">Gnó phríobháideach - le bheith socruithe idir Choláiste na Rinne, Nemeton, Údarás na Gaeltachta agus na hInstitiúidí Tríú Leibhéal</td></tr>
</table>

| Dúshlán agus Réiteach | **Dúshlán:**<br>a) Is Gaeltacht bheag í Gaeltacht na nDéise agus bíonn mic léinn i dtaithí ar dhul dtí Gaeltachtaí eile. Is gá iad a mhealladh inár dtreo.<br>**Réiteach:**<br>a) Cúrsaí d'ardchaighdeán agus feachtas bolscaireachta a chur ar fáil agus le focal ó bhéil, meallfaidh sé seo daoine go dtí Gaeltacht na nDéise. |
|---|---|

## 6.2.2.7.B Ionad Tríú Leibhéal a Fhorbairt

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.2.2.7.B | | | | | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ionad Tríú Leibhéal a Fhorbairt | | | | | | |
| **Réimsí** | A, D, I, K | | **Critéir Pleanála Teanga** | | 5, 6 | | |
| **Aidhm** | Ionad Buan Tríú Leibhéal a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise | | | | | | |
| **Eolas Breise** | Deis a bheadh anseo leas níos fearr agus níos buaine a bhaint as na scoláirí tríú leibhéal a thagann dtí an gceantar chun freastal ar chúrsaí éagsúla. Cabhródh sé le stádas an cheantair mar cheannscríbe oideachais a ardú agus bonn seasmhach a chur faoi chúrsaí oideachais tríú leibhéal san áit. | | | | | | |
| **Príomhúinéir** | Coláiste na Rinne | | | | | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Ollscoileanna agus Institúidí Teicneolaíochta, Roinn Oideachais & Scileanna, RNG | | | | | | |
| **Réasúnaíocht** | Tá roinnt mhaith daltaí tríú leibhéal ag teacht go dtí Gaeltacht na nDéise faoi láthair. Dá mbeadh ionad aitheanta tríú leibhéal sa cheantar, cabhródh sé le breis chúrsaí agus áiseanna a sholáthar agus níos mó daoine a mhealladh go dtí an gceantar. | | | | | | |
| **Cineál Togra** | Togra Caipitil | | | | | | |
| **Saolré** | Le linn saolré an phlean teanga | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Staidéar féidearthachta don togra a ullmhú | | | | Bliain 4 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Staidéar féidearthachta a dhéanamh<br>▪ Plean curtha le chéile don Ionad | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Staidéar Féidearthachta | | | | | | €15,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | - | - | €15,000 | - | - | - |
| **Foinsí Maoinithe** | ÚnaG, RNG, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ollscoileanna. | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dushlán:** Togra an-mhór atá i gceist agus maoiniú suntasach ag teastáil.<br>**Réiteach:** Staidéar féidearthachta maith a dhéanamh agus é a thógaint céim ar chéim. | | | | | | |

# 6.3 Cultúr agus na hEalaíona

### 6.3.1 Fís

Go gcuirfear bonn faoi chultúr dúchasach Ghaeltacht na nDéise d'fhonn ár bhféiniúlacht mar phobal Gaeltachta a láidriú ionas go mbeidh ardán agus aitheantas curtha ar fáil do shaibhreas chultúrtha an cheantair.

### 6.3.2 Spriocanna

<u>6.3.2.1 Deiseanna a chur ar fáil don phobal chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha</u>

Tabharfar faoi roinnt bearta éagsúla chun rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha a spreagadh, ar nós Ealaíontóir Chónaitheach, níos mó imeachtaí cultúrtha a eagrú, nasc a chothú le tíortha eile Cheilteacha agus tacaíochtaí a thabhairt d'ealaíontóirí agus do thaibheoirí áitiúla. Táthar ag súil go mbeimid in ann forbairt leanúnach a dhéanamh ar na healaíona sa phobal sa tslí seo, go háirithe i réimsí na litríochta, na hamhránaíochta, na drámaíochta, an rince agus na hamharcealaíon.

<u>6.3.2.2 Clár bliantúil féilte a eagrú i nGaeltacht na nDéise</u>

Cuirfear tacaíocht ar fáil d'fhéilte a bhíonn ar siúl chun go mbeidh rath orthu sna blianta amach romhainn agus déanfar gach iarracht féilte nua a chruthúchun go mbeidh clár bliantúil d'fhéilte a bheidh mar bhunús seasmhach do chultúr agus do chúrsaí ealaíona na háite.

<u>6.3.2.3 Infheistíocht chaipitil a dhéanamh in infrastruchtúr cultúrtha an cheantair</u>

Go mbeidh feabhas leanúnach ar na háiseanna ealaíon agus cultúrtha atá ar fáil sa cheantar agus go mbeidh teacht níos fusa ag daoine ar an ábhar saibhir cultúrtha a bhaineann leis an gceantar.

**6.3.2.1 Cultúr agus na hEalaíona Sprioc 1**

*Deiseanna a chur ar fáil don phobal chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha*

**Beart A:** Ealaíontóir Cónaitheach

**Beart B:** Imeachtaí Chultúrtha

**Beart C:** Nasc Cultúrtha le Tír Cheilteach

**Beart D:** Scéim Ullmhúcháin

**Beart E:** Aitheantas do Shaibhreas Cultúrtha an Cheantair

**6.3.2.1.A Ealaíontóir Cónaitheach**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.1.A | | | | | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ealaíontóir Cónaitheach | | | | | | |
| **Réimsí** | C, D, J, K | | **Critéir Pleanála Teanga** | | 10, 11, 12, 19 | | |
| **Aidhm** | Go gcuirfear tréimhse chónaitheach ar fáil d'ealaíontóirí aitheanta i nGaeltacht na nDéise. | | | | | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear tréimhsí cónaitheacha ar fáil d'ealaíontóirí aitheanta, ealaíontóirí áitiúla go háirithe, chun go mbeidh deis acu a gceirdeanna a fhorbairt agus chun na healaíona a chothú sa phobal. Táthar ag súil go mbeidh tréimhse chónaitheach curtha ar fáil ar bhonn bliantúil, ag díriú isteach ar réimse difriúil de na h-ealaíona bliain ar bhliain. | | | | | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | | | | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Scoileanna an cheantair, muintir na nDéise, Ealaín na Gaeltachta, CE, Oifig Ealaíne CCCPL | | | | | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Bheadh tréimhsí cónaitheacha d'ealaíontóirí aitheanta cabhrach do chothú na n-ealaíon dúchasach agus bheadh ról tábhachtach acu i gcothú na n-ealaíon i measc an aosa óig. | | | | | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha, curtha ar fáil go bliantúil | | | | | | |
| **Saolré** | Thar Shaolré an Phlean Teanga | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Ealaíontóir oiriúnach a aithint | | | | Bliain 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 | | |
| | Iarratas ar mhaoiniú a ullmhú | | | | Bliain 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 | | |
| | An scéim a bhainistiú | | | | Bliain 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Ealaíontóir cónaitheach ceaptha go bliantúil | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Scéim Ealaíontóir Cónaitheach | | | | | | €6,000 – €14,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €14,000 | €14,000 | €14,000 | €14,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | CE, Ealaín na Gaeltachta, Oifig Ealaíne CCCPL, BPT | | | | | | |

| | |
|---|---|
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Teacht ar ealaíontóir oiriúnach gach bliain.<br>b) Maoiniú a fháil don scéim.<br>**Réiteach:**<br>a) Ealaíontóirí oiriúnacha a phlé lenár bpáirtithe leasmhara<br>b) Poiblíocht mhaith agus iarratais d'ardchaighdéan a chur isteach. Rathúlacht na scéimeanna cheana. |

**6.3.2.1.B Imeachtaí Cultúrtha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.1.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Imeachtaí Cultúrtha | | |
| **Réimsí** | C, D, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 11, 12, 19 |
| **Aidhm** | Go mbeidh réimse leathan imeachtaí cultúrtha curtha ar fáil i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Eolas Breise** | Faoin mbeart seo cuirfear tacaíocht, idir acmhainní daonna agus airgid, ar fáil d'imeachtaí cultúrtha a bhíonn eagraithe trí mheán na Gaelainne i nGaeltacht na nDéise. Sa tslí seo, beidh bunstruchtúr d'imeachtaí i nGaelainn ar fáil don phobal. Tá sé mar chuspóir againn leis an mbeart seo tacú le forbairt leanúnach ar chúrsaí amhránaíochta, litríochta, drámaíochta agus rince sa cheantar. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL, grúpaí a eagraíonn imeachtaí cultúrtha sa Ghaeltacht. | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Luaite i bPlean Forbartha 2006-2008 (lch 52) | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar Shaolré an Phlean Teanga | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Clár imeachtaí cultúrtha a aithint | Bliain 1 – Ráithe 3 | |
| | Tacú le himeachtaí cultúrtha | Bliain 1 agus 2 | |
| | Athbhreithniú ar chlár na n-imeachtaí | Bliain 3 – Ráithe 1 | |
| | Tacú le himeachtaí cultúrtha | Bliain 3 agus 4 | |
| | Athbhreithniú ar chlár na n-imeachtaí | Bliain 5 – Ráithe 1 | |
| | Tacú le himeachtaí cultúrtha | Bliain 5, 6, 7 agus 8 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na n-imeachtaí cultúrtha a bhíonn curtha ar fáil trí mheán na Gaelainne | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** | |
| | Tacaíocht d'imeachtaí cultúrtha | €4,000 – €8,000 | |
| | Bolscaireacht | €500 - €1,000 | |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €5,000 | €6,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €10,000 | €10,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Lucht éisteachta a mhealladh le freastal ar na himeachtaí<br>**Réiteach:**<br>a) Imeachtaí d'ardchaighdéan atá tarraingteach a eagrú. | | | | | | |

### 6.3.2.1.C Nasc Cultúrtha le Tír Cheilteach

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.1.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Nasc Cultúrtha le Tír Cheilteach | | |
| **Réimsí** | C, D, F, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 11, 12 |
| **Aidhm** | Go mbeidh nasc cultúrtha ag na Déise le ceantair atá cosúil leis i dtíortha eile ceilteacha | | |
| **Eolas Breise** | Tá cúpla chuairt tugtha ag Cór Fear na nDéise ar an mBreatain Bheag agus tháinig cóir ón mBreatain Bheag ar cuairt anonn mar thoradh air seo. Bhí toradh dearfach ar an malartú cultúrtha seo agus is ceart féachaint ar nasc den tsaghas seo a leathnú. Beifear ag caint le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge maidir le tacaíocht agus aitheantas oifigiúil a thabhairt don nasc seo. Déanfar teagmháil le pobail ón mBreatain Bheag agus/nó ón Albain, féachaint an mbeadh suim acu nasc a chruthú linn. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CCCPL, Cór Fear na nDéise | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga 2008-2010. Ní mór an beart seo a chur i bhfeidhm le linn shaolré an phlean teanga chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar. | | |
| **Cineál Togra** | Togra Aon Uaire | | |
| **Saolré** | Thar shaolré an phlean teanga | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Fiosruithe maidir le pobail oiriúnacha i dtíortha Ceilteacha eile | Bliain 2 – Ráithe 1 & 2 | |
| | Teagmháil leis na pobail sin chun nasc cultúrtha a phlé leo | Bliain 2 – Ráithe 3 & 4 | |
| | Teagmháil le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le haitheantas oifigiúil don nasc seo | Bliain 2 – Ráithe 3 & 4 | |
| | Clár imeachtaí chun an nasc cultúrtha a fhorbairt | Bliain 3 – Ráithe 1 & 2 | |
| | Nasc Cultúrtha a aontú go hoifigiúil | Bliain 3 – Ráithe 3 | |
| | Clár imeachtaí a chur i gcrích | Bliain 4, 5, 6, 7 agus 8 | |

<table>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Nasc cultúrtha a bheith cruthaithe<br>▪ Líon na n-imeachtaí a chuirtear ar siúl chun an nasc a dhoimhniú</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Buiséad Bliana</td><td colspan="6">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="6">Nasc a bhunú</td><td>€2,000</td></tr>
<tr><td colspan="6">Clár Imeachtaí</td><td>€1,000 - €2,500</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>-</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€3,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">Ealaín na Gaeltachta, ÚnaG, RNG, CE, CCCPL, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Dreamanna oiriúnacha ó thíortha eile a aimsiú<br>Réiteach:<br>a) Comhairle a lorg ó ghrúpaí atá tar éis nasc den tsaghas seo a fhorbairt cheana</td></tr>
</table>

## 6.3.2.1.D Scéim Ullmhúcháin do Chomórtais

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.3.2.1.D</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Scéim ullmhúcháin do chomórtais</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>C, D, J, K</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>10, 11, 12</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Go mbeidh deis ar fáil do mhuintir na háite ullmhú i dtreo chomórtais i bhféilte cultúrtha éagsúla.</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Déanfar gach iarracht daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomórtais éagsúla, daoine óga go háirithe, agus cuirfear ceardlanna ar fáil chun cabhrú leo ullmhú i dtreo chomórtais ar nós An tOireachtas. Cuirfear na tacaíochtaí cuí ar fáil chun go mbeidh siad in ann barr feabhais a chur ar a gceird. Bainfear úsáid as daoine áitiúla nuair is féidir chun na ceardlanna seo a chur i láthair chun traidisiúin dhúchasacha na nDéise a chothú agus chun níos mó deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí áitiúla.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="3">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">Ealaín na Gaeltachta, CE, MTTÓ, MO, ÓnaG, Muintearas</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="3">Tabharfar tacaíocht agus spreagadh do dhaoine, daoine óga go háirithe, chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha chun an traidisiún a choiméad beo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="3">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="5">Saolré</td><td colspan="3">Thar shaolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="3">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="2">Scéim ullmhúcháin a phleanáil</td><td>Bliain 2, 3 agus 4 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="2">Scéim ullmhúcháin a chur ar fáil</td><td>Bliain 2, 3 agus 4 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="2">Athbhreithniú</td><td>Bliain 4 – Ráithe 4</td></tr>
</table>

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na ndaoine a bhaineann leas as na ceardlanna<br>▪ Líon na ndaoine a théann ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gcomórtais | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Ceardlanna Ullmhúcháin | | | | | €1,500 - €3,000 | |
| | Bolscaireacht | | | | | €500 - €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | Ealaín na Gaeltachta, CE, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine óga a mhealladh chun páirt a ghlacadh, mar aon le tacaíocht na dtuismitheoirí.<br>**Réiteach:**<br>a) Feachtas feasachta agus cabhrach a eagrú. | | | | | | |

## 6.3.2.1.E Aitheantas do Shaibhreas Cultúrtha an Cheantair

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.1.E | | |
| **Ainm an Bhirt** | Aitheantas do Shaibhreas Cultúrtha an Cheantair | | |
| **Réimsí** | C, D, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 11, 12 |
| **Aidhm** | Go dtabharfar aitheantas do shaothar cultúrtha mhuintir na nDéise, idir óg agus aosta | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear tacaíocht ar fáil d'eagrú imeachtaí a thugann aitheantas do shaothar mhuintir na nDéise sna réimsí litríochta, drámaíochta, amhránaíochta, rince, scannánaíochta agus sna healaíona dúchasacha. Tabharfar aitheantas do shárshaothar chultúrtha na nDéise agus spreagadh do dhaoine páirt a ghlacadh sna healaíona. Cuirfear ardán ar fáil do mhuintir na nDéise chun an saibhreas cultúrtha atá le fáil sa cheantar a cheiliúradh agus a thaispeáint, trí nasc a chothú leis na féilte cultúrtha. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Ealaíontóirí na nDéise, lucht eagraithe fhéilte an cheantair, Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Chun go mbeidh daoine ag glacadh páirte in imeachtaí cultúrtha ní mór go mbeidh deis ar fáil dóibh agus tuiscint gur fiú é an iarracht a chur isteach agus cuireann sé ardán ar fáil do shaibhreas cultúrtha an cheantair. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Thar Saolré an Phlean Teanga | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Plé lenár bpáirtithe leasmhara | | | | Bliain 1 – Ráithe 3 agus 4 | | |
| | Comórtais a chur ar bun mar chuid d'fhéilte reatha | | | | Bliain 2 | | |
| | Comórtais nua a fhorbairt | | | | Bliain 2 agus 3 | | |
| | Athbhreithniú | | | | Bliain 4 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na ndaoine a bhíonn páirteach sna comórtais. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Eagrú na gcomórtas | | | | | | €500 - €2,000 |
| | Poiblíocht | | | | | | €500 - €1,000 |
| | Duaiseanna | | | | | | €1,000 - €5,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €2,000 | €3,000 | €5,000 | €6,000 | €6,000 | €8,000 | €8,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí<br>**Réiteach:**<br>a) Teagmháil a dhéanamh le daoine a bhíonn ag obair sna réimsí éagsúla chun an togra a phlé leo agus eolas a scaipeadh go forleathan faoin deis. | | | | | | |

**6.3.2.2 Cultúr agus na hEalaíona Sprioc 2**

*Clár féilte bliantúil a eagrú i nGaeltacht na nDéise*

**Beart A:** Féilte Cultúrtha a Chothú

**6.3.2.2.A Féilte Cultúrtha a Chothú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.2.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Féilte Cultúrtha a Chothú | | |
| **Réimsí** | C, D, E, F, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 11, 12 |
| **Aidhm** | Go mbeidh sraith féilte cultúrtha ar siúl i nGaeltacht na nDéise ó bhliain go bliain. | | |
| **Eolas Breise** | Is iad na príomhfhéilte a dtacófar leo ná:<br><br>***Féilte Reatha***<br>▪ **Féile Ceoil agus Amhránaíochta Nioclái Tóibín**<br>Féile a chuireann an amhránaíocht agus an ceoil traidisiúnta chun cinn. Is é seo príomhfhéile chultúrtha na nDéise faoi láthair, a reáchtáiltear gach Feabhra. | | |

| | |
|---|---|
| | ▪ **Féile na nOisrí**<br>Féile bia agus mara a bhíonn ar siúl i dTigh an Cheoil i mBaile na nGall i rith an tsamhraidh.<br>▪ **Daonscoil na Mumhan**<br>Féile oideachasúil i gColáiste na Rinne i mí Lúnasa, le léachtaí, ranganna, ceardlanna ceoil, filíochta agus eile. Tá gné idirnáisiúnta ag baint leis mar go bhfreastalaíonn lucht foghlama Gaeilge ó na Stáit Aontaithe ar imeachtaí na féile seo.<br>***Féilte Nua***<br>▪ **Féile Drámaíochta an tSean Phobail**<br>Pléifear lenár bpáirtithe leasmhara na féidearthachtaí atá ann chun féile drámaíochta nua a fhorbairt sna Déise, a bheidh ag díriú isteach ar chúrsaí drámaíochta sa cheantar.<br>▪ **Féile Fómhair an tSean Phobail**<br>Pléfar na féidearthachtaí atá ann chun an fhéile seo, a bhíodh á reachtáil roinnt blianta ó shin, a athbheochaint. Cuirfear an fhéile ar siúl i mí Mheán Fómhair. Gheobhfá é a nascadh le himeachtaí Oíche Chultúr, nó mar cheiliúradh ar Lá Phátrún an tSean Phobail, Lá Mhuire nó Lá Mhicíl.<br>▪ **Féile an Phátrúin**<br>Pléifear na féidearthachtaí atá ann chun Féile Nollag a fhorbairt sa Rinn an deireadh seachtaine is cóngaraí do Lá an Phátrúin, an 6ú Nollag. Bíonn imeachtaí pobail ar nós Aonach an Phátrúin, Daidí na Nollag agus Béile na Seanóirí curtha ar fáil an t-am seo bliana. Gheobhfá féile deireadh seachtaine a fhorbairt ag cuimsiú na n-imeachtaí seo agus imeachtaí nua a fhorbairt chun deireadh seachtaine taitneamhach a chur ar fáil.<br><br>Beifear ag súil go mbeimid in ann Clár na bhFéilte a chur le chéile ag tús na bliana agus feachtas bolscaireachta a chur ar bun chun an pobal a mhealladh 'dtí's na hócáidí cultúrtha seo. I measc na bpríomhthorthaí a mbeifear ag súil leis ná go mbeidh níos mó deiseanna ar fáil d'ógánaigh a bheith páirteach sna healaíona trí Ghaelainn. |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. |
| **Páirtithe Leasmhara** | Ealaín na Gaeltachta, CÉ |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga CFND 2008-2010 agus i bPlean Teanga 2010-2013. Ní mór an beart seo a chur i gcrích le linn shaolré an phlean seo chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo. |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha |

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | |
| | **Garspriocanna** | |
| | Na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil ó na féilte reatha a phlé leis na coistí eagraithe faoi seach. | Bliain 1 – Ráithe 1 agus 2 |
| | Clár Féilte a ullmhú do 2018 | Bliain 1 – Ráithe 2 |
| | Bolscaireacht ar na féilte a bheidh ar siúl i rith 2018 | Bliain 2 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4 |
| | Féilte nua a phlé lenár bpáirtithe leasmhara | Bliain 2 – Ráithe 2 agus 3 |
| | Féile nua a fhorbairt | Bliain 3 |
| | Féile nua a fhorbairt | Bliain 4 |
| | Athbhreithniú | Bliain 4 – Ráithe 3 |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na bhféilte a bhíonn ar fáil i nGaeltacht na nDéise<br>▪ Líon na ndaoine a bhíonn ag freastal ar na féilte ar leith a eagraítear. | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** |
| | Ábhar Bolscaireachta | €500 – €3,000 |
| | Tacaíocht d'fhéilte | Suas go €15,000 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €6,000 | €8,000 | €12,000 | €14,000 | €14,000 | €16,000 | €16,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | Ealaín na Gaeltachta, CE, BPT, CCCPL | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) An lucht éisteachta féideartha a dheighilt mar thoradh ar dhroch-sceidealú na bhféilte<br>**Réiteach:**<br>a) A bheith straitéiseach maidir le hamchlár na bhféilte chun nach mbeidh siad ag teacht salach ar a chéile, nó ar imeachtaí eile sa cheantar mórthimpeall. | | | | | | |

### 6.3.2.3 Cultúr agus na hEalaíona Sprioc 3

*Infheistíocht chaipitil a dhéanamh in infrastruchtúr agus áiseanna cultúrtha an cheantair*

**Beart A:** Sean-nós Beo

**Beart B:** Soláthar Ábhar Ealaíon agus Cultúrtha

### 6.3.2.3.A Sean-Nós Beo

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.3.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Sean-nós Beo | | |
| **Réimsí** | C, D | **Critéir Pleanála Teanga** | 11, 12 |
| **Aidhm** | Go mbeidh ábhar Sean-nós i dtraidisiún na nDéise ar fáil ar líne go buan. | | |

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="7">Tá ábhar sean-nóis ó Ghaeltacht na nDéise ar fáil ar líne ag www.seannosbeo.ie.<br>Cinnteofar go mbeidh an t-ábhar seo ar fáil go buan agus déanfar a thuilleadh forbartha ar na bailiúchán ábhar atá ar fáil saor in aisce ar an suíomh.<br>Déanfar iarracht ábhar nua a bhailiú agus cuirfear aon ábhar fuaime nua ar fáil, chomh maith ar SoundCloud agus Youtube. Cuirfear ábhar físe ar fáil ar Youtube.<br>Caomhnófar an t-ábhar ar fad ar thiomántán crua seachtrach, a lonnófar i Leabharlann Choláiste na Rinne.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">Amhránaithe an cheantair, Ealaín na Gaeltachta, CÉ</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Luaite i bplean trí bliana 2010-2013</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="8">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Taifead a dhéanamh ar ábhar nua don suíomh</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Bailiúcháin ábhar a chur ar fáil ar Youtube agus SoundCloud</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Nuashonrú ar www.seannosbeo.ie</td><td colspan="3">Bliain 2 – Raithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Bailiúcháin a chaomhnú i gColáiste na Rinne</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Taifead ar ábhar nua don suíomh</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Ábhar taifeadta ar ard chaighdeán ar fáil ar líne go buan.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Taifead</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Nuashonrú ar an suíomh</td><td colspan="2">€1,000 - €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Gnáthchothabháil an tsuímh</td><td colspan="2">€100</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€1,000</td><td>€3,000</td><td>€500</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€500</td><td>€500</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">Ealaín na Gaeltachta, CE, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Nuashonrú / forbairt leanúnach ar an suíomh.<br>Réiteach:<br>a) Na hacmhainní a chur ar fáil d'fhorbairt leanúnach an tsuímh.</td></tr>
</table>

## 6.3.2.3.B Soláthar ábhar Ealaíon agus Cultúrtha

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="7">6.3.2.3.B</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="7">Soláthar ábhar ealaíon agus cultúrtha</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td colspan="2">C, D, F, J, K</td><td colspan="2">Critéir Pleanála Teanga</td><td colspan="3">10, 11, 12</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="7">Go mbeidh feabhas leanúnach ar na háiseanna ealaíne agus cultúrtha atá ar fáil.</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="7">Cuirfear feabhas ar na háiseanna atá againn féin, mar shampla, córas fuaime, uirlisí ceoil agus eile. Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí sa cheantar atá ag iarraidh feabhas a chur ar na háiseanna a bhíonn in úsáid acu.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">Scoileanna an cheantair, Húlaí, Féilte an Cheantair, CCÉGnaD, Aisteoirí an tSean Phobail, coistí cultúrtha an cheantair, ÚnaG, RNG, Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Is minic nach mbíonn sé d'acmhainn ag grúpaí cultúrtha trealamh nó ábhar nua a fháil. Anuas air sin, is minic nach mbíonn deiseanna deontas ar fáil dóibh nó ní bhíonn sé de chumas acu cur isteach ar dheontais. Is féidir leis an gComhlucht Forbartha tacaíocht a thabhairt dóibh mar fheithicil do mhiondeontais chaipitil.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Riachtanais do mhiondeontais chaipitil a phlé le grúpaí cultúrtha i nGaeltacht na nDéise.</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Liosta ábhar oiriúnach a aithint agus iarratas ar mhaoiniú a ullmhú</td><td colspan="3">Bliain 1, 2, 3, agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Liosta ábhar oiriúnach a aithint agus iarratas ar mhaoiniú a ullmhú</td><td colspan="3">Bliain 5, 6 7 agus 8</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Líon na ngrúpaí a bhaineann leas as an dtacaíocht a chuirfear ar fáil.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Bliana</td><td colspan="6">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="6">Tacaíocht chun feabhas a chur ar áiseanna cultúrtha</td><td>€3,000 - €5,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€3,000</td><td>€5,000</td><td>€3,000</td><td>€3,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">ÚnaG, RNG, Ealaín na Gaeltachta, CE, CCCPL, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán: Foinsí maoinithe a aithint agus a aimsiú.<br>Réiteach: Teagmháil rialta leis na forais mhaoinithe chun deiseanna maoinithe a thapú.</td></tr>
</table>

# 6.4 Pobal agus Spórt

## 6.4.1 Fís

Go mbeadh pobal an cheantair inmharthanach agus go mbeidh sé inacmhainne don phobal cónaí ina gceantar dúchais. Go mbeidh pobal beo bríomhar i nGaeltacht na nDéise agus go gcuirfí na himeachtaí sóisialta agus na seirbhísí pobail chuí ar fáil trí mheán na Gaelainne.

## 6.4.2 Spriocanna

<u>6.4.2.1 Tithíocht Shóisialta a fhorbairt sa cheantar</u>

Tá sé riachtanach go mbeidh soláthar leordhóthanach de thithíochtar fáil do mhuintir Ghaeltacht na nDéise chun go mbeidh deis ag an bpobal cur fúthu ina gceantar féin. Is fadhb leanúnach í easpa soláthar tithíochta inacmhainne do phobal na Gaeltachta seo.

<u>6.4.2.2 Imeachtaí sóisialta agus seirbhísí pobail i nGaelainn a fhorbairt</u>

Ní mhaireann teangacha beo i measc daoine aonaracha, ach i bpobal. Chun go mbeidh an Ghaelainn ag feidhmiú mar theanga labhartha an phobail i nGaeltacht na nDéise, ní mór gréasáin de ghrúpaí pobail agus spóirt a bheith ag feidhmiú trí mheán na Gaelainne, ag cur imeachtaí ar siúl agus ní mór seirbhísí bunúsacha pobail a bheith ar fáil i nGaelainn.

<u>6.4.2.3 Infheistíocht in infreastruchtúr an cheantair</u>

Tá sé ana-thábhachtach go mbeadh infreastruchtúr/áiseanna fisiciúla d'ardchaighdeán ar fáil i nGaeltacht na nDéise, ionas go mbeidh caighdeán maith maireachtála ag daoine ina gceantar féin. Is gá a chinntiú go ndéanfar cothabháil cheart ar an infreastruchtúr pobail agus spóirt atá ann cheana féin agus áiseanna nua a fhorbairt de réir mar is gá.

<u>6.4.2.4 Córas poiblíochta a fhorbairt chun eolas a scaipeadh ar an bpobal</u>

Chun go mbeidh daoine páirteach sa phobal, caithfidh gréasán éifeachtach a bheith ann chun eolas ar imeachtaí agus ócáidí poiblí a scaipeadh ar mhuintir na háite.

**6.4.2.1 Pobal agus Spórt: Sprioc 1**

*Tithíocht Shóisialta a fhorbairt sa cheantar*

**Beart A:** Meitheal Tithíochta a bhunú

**6.4.2.1.A Meitheal Tithíochta a bhunú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.1.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Meitheal Tithíochta a bhunú | | |
| **Réimsí** | F, H, I, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 12, 13, 18 |
| **Aidhm** | Tithíocht a bheith ar fáil ar phraghas réasúnta do mhuintir na Gaeltachta ionas gur féidir le daoine maireachtaint sa Ghaeltacht más é sin a rogha. | | |
| **Eolas Breise** | Tá praghas na dtithe sa cheantar níos airde ná cuid mhór áiteanna eile faoin dtuath i bPort Láirge agus dá bhrí sin bíonn deacrachtaí ag daoine ón áit tigh a cheannach anseo. Moltar Meitheal Tithíochta a bhunú a mbeadh mar chúram air an cheist seo a chíoradh agus féachaint i dtreo scéim tithíochta sóisialta a bheith ar fáil.<br>Ní mór go mbeadh polasaí teanga láidir ag an gcumann seo. Is ceart go mbeadh aon tithe sóisialta a chuirfear ar fáil faoi scéim seo tugtha do dhaoine de bhunadh na háite agus/nó daoine le Gaelainn. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CCCPL, ÚnaG, CLPL, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtas Áitiúil, Respond, ABCO. | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Ní mór tithe a bheith ar fáil ar phraghas réasúnta chun deis a thabhairt do dhaoine óga fanacht sa cheantar agus tigh a cheannach go háitiúil. Ní bheadh brú ansin ar dhaoine imeacht as an áit agus bheadh seans daoine a mhealladh thar n-ais a bhog amach ón gceantar de bharr easpa tithíochta.<br>Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Forbartha an Chomhluchta 2006 – 2008, Plean Teanga 2008-2010 agus i bPlean Teanga 2010-2013. Bhí an riachtanas céanna luaite go tréan ag an bpobal i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 don phlean teanga seo. | | |
| **Cineál Togra** | Togra Aon Uaire agus Seirbhís Reatha. | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga seo. | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Taighde a dhéanamh ar an struchtúr chun Meitheal Tithíochta a bhunú | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2 | |
| | Téarmaí tagartha a leagaint amach agus coiste stiúrtha a chur le chéile | Bliain 2 – Ráithe 4 | |
| | Staidéar féidearthachta ar thithíocht sa cheantar | Bliain 3 | |
| | Moltaí ón staidéar féidearthachta a chur i bhfeidhm | Bliain 4– 7 | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Slat Tomhais** | ▪ Meitheal Tithíochta a bhunú.<br>▪ Staidéar féidearthachta a chur i gcrích.<br>▪ Tithíocht Sóisialta a chur ar fáil. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Cruinnithe, taighde ar Mheitheal Tithíochta a bhunú. | | | | | | €1,000 |
| | Staidéar Féidearthachta | | | | | | €15,000 |
| | Costais cruinnithe srl. | | | | | | €1,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €2,000 | €15,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtas Áitiúil, ÚnaG, CLPL, CCCPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Beidh sé dúshlánach teacht ar dhaoine le suí ar choiste a bheadh sásta a bheith páirteach san obair seo ar feadh tréimhse roinnt bliana.<br>b) Braitheann an togra ar mhaoiniú chun tithe a cheannach / a thógaint.<br>c) Beidh bainistiú le déanamh ar aon tithe a bheadh tógtha mar chuid den scéim.<br>**Réiteach:**<br>a) Daoine oiriúnacha a aithint trí theagmháil agus plé lenár bpáirtithe leasmhara.<br>b) Plean cuimsitheach a chur le chéie i gcomhair an togra agus cás láidir a dhéanamh leis na húdaráis mhaoinithe.<br>c) Plean gnó / bainistíochta cuimsitheach a chur le chéile. | | | | | | |

### 6.4.2.2 Pobal agus Spórt: Sprioc 2

*Imeachtaí sóisialta agus seirbhísí pobail i nGaelainn a fhorbairt*

**Beart A:** Polasaí Teanga

**Beart B:** Imeachtaí Sóisialta

**Beart C:** Pacáiste Fáilte

**Beart D:** Sábháilteacht an Phobail

### <u>6.4.2.2.A Polasaí Teanga</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.2.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Polasaí Teanga | | |
| **Réimsí** | C, F, H, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3,4,10,12,15,18 |
| **Aidhm** | Go mbeadh polasaí teanga aontaithe le grúpaí pobail agus spóirt i nGaeltacht na nDéise. | | |

<table>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="2">Forbrófar polasaí teanga eiseamláireach do ghrúpaí pobail agus spóirt i nGaeltacht na nDéise. Tabharfar deis do na grúpaí seo inchur a bheith acu i bhforbairt an pholasaí seo agus iarrfar orthu a bpolasaithe teanga féin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>Mar chuid den pholasaí teanga, leagfar amach céimeanna agus slite chun dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh úsáid na Gaelainne. Cuirfear tacaíochtaí agus acmhainní ar fáil do na grúpaí polasaí teanga a fhorbairt. Déanfar gach iarracht daoine nach bhfuil an Ghaelainn ar a dtoil acu a choimeád lán páirteach sa phróiseas agus tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh an Ghaelainn a fhoghlaim nó a bheith báúil ina leith.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="2">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="2">Grúpaí Pobail agus Cumainn spóirt i nGaeltacht na nDéise, RNG, ÚnaG</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="2">Chun go mbeidh an Ghaelainn in úsáid mar theanga labhartha an phobail, ní mór go mbeidh baill den phobal in ann Gaelainn a úsáid i ngach gné den saol. Tá sé ana-thábhachtach, más ea, go mbeidh na himeachtaí a bhíonn á reáchtáil sa cheantar i nGaelainn, agus cabhróidh polasaí teanga ag na grúpaí éagsúla chun an sprioc seo a bhaint amach. Tá réimse leathan de ghrúpaí pobail, cumainn spóirt agus cúrsaí eaglasta i gceist sa bheart seo.<br>Aithnímid go bhfuil polasaí teanga ag cuid mhaith de na grúpaí seo cheana féin agus gur féidir breis tacaíochta a thabhairt dóibh chun an sprioc a bhaint amach agus a neartú. Aithníodh an sprioc seo cheana, bhí sé luaite i bPlean Teanga CFND 2008-2010. Ní mór an beart seo a chur i bhfeidhm le linn saolré an phlean teanga seo chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="2">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="7">Saolré</td><td colspan="2">Thar saolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td>Polasaí teanga a fhorbairt</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td>Bualadh le grúpaí aonair chun a gcás féin a phlé agus aontú a fháil uathu polasaí teanga dá gcuid féin a ullmhú</td><td>Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Tacaíochtaí a fhorbairt de réir riachtanais na ngrúpaí a ghlacann le polasaí teanga</td><td>Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Polasaithe teanga a cheapadh nó a thabhairt suas chun dáta do na grúpaí pobail, spóirt agus eaglasta</td><td>Bliain 3</td></tr>
<tr><td>Cur i bhfeidhm na bpleananna éagsúla</td><td>Bliain 4 – 7</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="2">▪ Méadú ar líon na ngrúpaí / gcoistí a chuireann plean teanga aontaithe i bhfeidhm.<br>▪ Meon dearfach i leith na Gaelainne agus imeachtaí i nGaelainn a spreagadh.</td></tr>
</table>

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Seisiúin oiliúna do choistí | | | | | | €1,000 |
| | Feasacht teanga, ábhair agus ceardlanna | | | | | | €1,000 |
| | Costais cruinnithe agus comhairleachta | | | | | | €500 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, RNG, CLPL, CCCPL | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Beidh cuid mhaith ama i gceist chun dul go dtí gach grúpa pobail, eaglasta agus cumainn spóirt chun an polasaí teanga a phlé leo agus a aontú.<br>**Réiteach:**<br>a) Clár oibre a leagaint amach thar tréimhse ama chun an obair ar fad a chur i gcrích. | | | | | | |

## 6.4.2.2.B Imeachtaí Sóisialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.2.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Imeachtaí Sóisialta | | |
| **Réimsí** | C, F, H, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3,6,10,12 |
| **Aidhm** | Go mbeidh imeachtaí sóisialta eagraithe trí mheán na Gaelainne don phobal ar fad | | |
| **Eolas Breise** | Eagrófar imeachtaí sóisialta agus cuirfear tacaíocht ar fáil d'eagrú imeachtaí sóisialta i nGaeltacht na nDéise. Tá sé tábhachtach go mbeadh dea-atmaisféar agus sprid an phobail le brath sa Ghaeltacht. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Grúpaí pobail agus coistí áitiúla, RNG, ÚnaG, CCCPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé soiléir ón suirbhé a deineadh go bhfuil suas le 50% den daonra sa Ghaeltacht ag freagairt do dhaoine nár tógadh sa Rinn ná sa Sean Phobal. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cuid mhaith daoine ag bogadh isteach san áit gan cur amach acu ar an dteanga nó ar luachanna na Gaeltachta. Tá sé ana-thábhachtach go mbeadh an pobal ar fad le chéile agus má bhíonn imeachtaí eagraithe sa phobal trí Ghaelainn, go mbeidh siad oscailte do gach éinne. Is gá atmaisféar dearfach a chruthú agus fáilte a chur roimh dhaoine ar bheagán Gaelainn 'dtí na hócáidí seo agus iad a mhealladh isteach sa phobal. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean. | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Plean agus amchlár gníomhaíochtaí don bhliain a chur le chéile | Bliain 2 – Ráithe 2 | |

| | | |
|---|---|---|
| | Réimse leathan imeachtaí a chur ar siúl le fógraíocht déanta roimh ré agus iad eagraithe ar chaighdeán ard. | Bliain 2 – 7 |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na n-imeachtaí pobail eagraithe sa cheantar.<br>▪ Líon na ndaoine ag freastal ar imeachtaí. | |

| | | |
|---|---|---|
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** |
| | Imeachtaí éagsúla a eagrú, m.sh. cóisir oíche Shamhna, cóisir na Nollag, céilithe, BBQ srl.. | €500 - €4,000 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €2,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 |

| | |
|---|---|
| **Foinsí Maoinithe** | RNG, ÚnaG, CCCPL, BPT |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dushlán:**<br>a) An pobal ar fad a tharraingt le chéile. Tógfaidh sé am chun é seo a dhéanamh agus plean maith d'imeachtaí a chur le chéile a bheidh mealltach agus a bheidh oscailte agus fáilteach do gach éinne.<br>**Réiteach:**<br>a) Caidreamh díreach le gach coiste/grúpa pobail chun teacht ar chomhaontú leo. |

### 6.4.2.2.C Pacáiste Fáilte

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.2.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Pacáiste Fáilte | | |
| **Réimsí** | C, F, H, I, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 3,10, 15, 18, 19 |
| **Aidhm** | Eolas a scaipeadh orthu siúd a bhogann chun cónaithe sa Ghaeltacht maidir le comhthéacs teanga na háite. | | |
| **Eolas Breise** | Obair le daoine a bhogann isteach sa cheantar, seisiúin eolais agus feasachta, agus cabhair a ofráil dóibh. Eolas faoin gceantar a scaipeadh ar na daoine nua, maidir leis na seirbhísí atá ar fáil srl. Is féidir na daoine seo a aithint trí theagmháil a dhéanamh leis na ceantálaithe srl. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CTDG, Ceantálaithe, CCCPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Aithníodh go bhfuil gá eolas a chur ar fáil do dhaoine a bhogann isteach go dtí an gceantar maidir le stádas teangeolaíoch na háite. Ní mór teagmháil a dhéanamh leo chun go mbeidh said ar an eolas faoin gceantar, faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh agus chun iad a mhealladh nasc a dhéanamh leis an bpobal agus teanga an phobail a fhoghlaim. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha. | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Thar seacht mbliana feidhme an phlean. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Teagmháil le ceantálaithe sa cheantar | | | | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2 | | |
| | Pacáiste Fáilte a fhorbairt | | | | Bliain 2 – Ráithe 3 | | |
| | Pacáiste Fáilte a chur i gcló | | | | Bliain 2 – Ráithe 4 | | |
| | Pacáiste Fáilte a scaipeadh ar dhaoine a bhogann 'dtí Gaeltacht na nDéise | | | | Bliain 3– 7 | | |
| **Slat Tomhais** | Líon na bPacáistí a scaipfear | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Pacáiste Fáilte a dhearadh | | | | | | €500 |
| | Pacáiste Fáilte a chur i gcló | | | | | | €1,000 - €1,500 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €2,000 | - | - | €1,000 | - | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, ÚnaG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Caidreamh a chothú le daoine nua a bhogann isteach sa cheantar.<br>**Réiteach:**<br>a) Teagmháil phearsanta, tuisceanach - ní mor múnla comhoibríoch a chur i bhfeidhm. | | | | | | |

## 6.4.2.2.D Sábháilteacht an Phobail

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.2.D | | |
| **Ainm an Bhirt** | Sábháilteacht an Phobail | | |
| **Réimsí** | C, F, H, I, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 3,10, 15, 18, 19 |
| **Aidhm** | Seisiúin eolais agus ceardlanna a eagrú ar mhaithe le sábháilteacht mhuintir na háite. | | |
| **Eolas Breise** | **Pobal ar Aire**<br>Cuirfear tacaíocht ar fáil don ngrúpa Pobal ar Aire Ghaeltacht na nDéise.<br>**Scéim Foláireamh do Sheanóirí**<br>Déanfar riaradh don Scéim Foláireamh do Sheanóirí i nGaeltacht na nDéise. Tacófar le daoine aosta iarratas a chur isteach 'dtí Pobal chun an trealamh seo a fháil.<br>**Foláireamh Téacs**<br>Cuirfear tacaíocht ar fáil d'obair an ghrúpa foláireamh téacs i nGaeltacht na nDéise i bpáirt leis an Ghrúpa Pobal ar Aire agus na Gardaí.<br>**Líonra Sábháilteachta Pobail** | | |

<table>
<tr><td></td><td colspan="7">Coiste Pobail a chur le chéile a bheidh bainteach leis an Líonra Sábháilteachta Pobail i bPort Láirge. Cur chuige nua atá anseo, atá á eagrú ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána.<br>Is líonra é chun eolas a roinnt ar an bpobal faoi shábháilteacht i gcoitinne agus feachtais éagsúla a rith ar mhaithe leis an bpobal. Deis atá anseo an pobal a tharraingt le chéile agus seisiúin eolais agus ceardlanna a eagrú ar mhaithe le sábháilteacht mhuintir na háite mar aon le feachtas sábháilteachta a chur ar siúl i measc ghrúpaí éagsúla sa cheantar.<br>Dífhibrileoirí<br>Tacófar le cothú na ndífhibrileoirí pobail i nGaeltacht na nDéise.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">An Garda Síochána, PPN, JPC, CCCPL</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Toisc go bhfuil an Ghaeltacht seo lonnaithe i gceantar tuaithe, bíonn dúshláin ag baint leis seo uaireanta chun go mbraithfidh an pobal sábháilte.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha.</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Thar seacht mbliana feidhme an phlean.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="5">Clárú le líonra pobail an chontae</td><td colspan="2">Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="5">Coiste áitiúil a chur le chéile</td><td colspan="2">Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="5">Imeachtaí / ceardlanna a eagrú</td><td colspan="2">Bliain 2 – 7</td></tr>
<tr><td colspan="5">Eolas a scaipeadh ar an bpobal, bileoga, leabhráin srl.</td><td colspan="2">Bliain 2 – 7</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Coiste nua áitiúil curtha le chéile agus cláraithe le líonra pobail an chontae. Imeachtaí eagraithe don phobal agus eolas scaipthe a bheadh úsáideach. Plean oibre curtha le chéile.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cruinnithe a reáchtáil</td><td colspan="2">€500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cothú Dífhibrileoirí</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ceardlanna agus seisiúin eolas a reáchtáil</td><td colspan="2">€500</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>-</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€3,000</td><td>€3,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">CCCPL, CLPL, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dushlán:<br>a) Ionadaithe ón bpobal a fháil a bheidh sásta a bheith páirteach.<br>Réiteach:</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | a) Tá daoine ag plé leis na ceisteanna seo sa phobal cheana féin agus má labhraítear leo agus an coincheap a mhíniú, gach seans go mbeidh siad sásta a bheith páirteach. |

**6.4.2.3 Pobal agus Spórt: Sprioc 3**

*Infheistíocht in infreastruchtúr an cheantair*

**Beart A:** Ionad Cultúrtha a fhorbairt i mBaile na nGall

**Beart B:** Ionad Sóisialta/Ilfheidhmeach an tSean Phobail

**Beart C:** Áiseanna Poiblí

**Beart D:** Taighde ar riachtanais d'áiseanna caipitil spóirt

**6.4.2.3.A Ionad Cultúrtha a fhorbairt i mBaile na nGall**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Ionad Cultúrtha a fhorbairt i mBaile na nGall | | |
| **Réimsí** | C, D, E, F, H, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 10, 11, 12, 13, 17, 18 |
| **Aidhm** | Ionad ilúsáideach a fhorbairt sa Rinn a bheidh mar lárionad cultúrtha do mhuintir na háite agus do chuairteoirí | | |
| **Eolas Breise** | Forbrófar ionad ilúsáideach ar shuíomh ÚnaG i mBaile na nGall. Tá éileamh ar lár-ionad ina mbeadh seirbhísí turasóireachta, fiontraíochta, cultúrtha agus áiseanna pobail. Tá easnamh an-mhór ann faoi láthair gan ionad mar seo a bheith sa cheantar. Ag éirí as na staidéir atá déanta ag an gComhlucht, agus cruinnithe le bainistíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge agus Údarás na Gaeltachta, is léir go bhfuil glacadh go forleathan leis gur chun tairbhe an cheantair a bheadh a leithéid d'ionad. Beidh ar an gComhlucht taighde cuimsitheach a dhéanamh maidir le cad go díreach a bheadh san Ionad nua seo. Beidh staidéar féidearthachta le déanamh agus an t-ionad a fhorbairt agus a dhearadh i gceart. I measc na seirbhísí a gheobhadh a bheith san Ionad seo, tá:<br>**Áis Turasóireachta**<br>Tá sé aitheanta ag gach coiste, go mórmhór An Coiste Fáilte, go bhfuil éileamh ar leith ann d'ionad turasóireachta i nGaeltacht na nDéise. Is é ceann de na heasnaimh is mó sa cheantar seo ná easpa ionaid inar féidir le turasóirí cúltúr na háite a bhlaiseadh agus teagmháil a dhéanamh le muintir na háite. Beidh sé i gceist go mbeadh an t-ionad nua mar lárphointe eolais nó Oifig Fáilte don cheantar.<br>**Áis Fiontraíochta**<br>Teastaíonn Aonaid Ghorlann Ghnó sa cheantar. Ní mór go mbeadh an spás seo oiriúnach d'úsáid mar oifigí, spás miondíola, ceardaíocht nó déantúsaíocht.Is cóir | | |

| | | |
|---|---|---|
| | féachaint arís ar fhís an Údaráis maidir le hIonad Fiontraíochta a lonnú ar a thalamh i mBaile na nGall sa Rinn. Beidh mar aidhm leis na haonaid seo breis tionscail teanga-bhunaithe a chothú sa cheantar.<br>**Áis Ealaíon**<br>Teastaíonn ionad, nó spás ealaíon chun cúrsaí ealaíona sa cheantar a chur chun cinn. Beidh mar aidhm leis an ionad seo ardán a thabhairt do shaothar ealaíona an cheantair - ceoltóirí, ealaíontóirí agus lucht ceirde na háite. | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | |
| **Páirtithe Leasmhara** | ÚnaG, CF, RNG, CLPL, CCCPL | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Is beag spáis atá ar fáil i nGaeltacht na nDéise i láthair na huaire do ghnóthaí beaga atá ag iarraidh tosnú amach nó dóibh siúd atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh. Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Forbartha Comhlucht Forbartha na nDéise CFND 2006-2008 agus i bPlean Teanga CFND 2008-2010.<br>De réir Shuirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 agus na grúpaí fócais, tá gá le hionad lárnach a bhunú chun oidhreacht an cheantair a chaomhnú, an Ghaelainn a chur chun cinn, cúrsaí turasóireachta a spreagadh agus cúrsaí ealaína a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá dhá mhór staidéar féidearthachta déanta ag an gComhlucht Forbartha le blianta beaga anuas ar acmhainní mara agus ar thionscadal na turasóireachta sa cheantar a thacaíonn go láidir le hionad mar seo. | |
| **Cineál Togra** | Togra Caipitil | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean teanga. | |
| | **Garspriocanna** | |
| | Fís an chomhlachta don ionad a fhorbairt | Bliain 1 |
| | Téarmaí tagartha don staidéar féidearthachta a leagadh amach | Bliain 1 |
| | Comhlacht a roghnú chun staidéar féidearthachta a dhéanamh | Bliain 2 |
| | Staidéar féidearthachta | Bliain 2 |
| | Plean gnó curtha le chéile | Bliain 2 |
| | Plean bainistíochta curtha le chéile | Bliain 3 |
| | Ionad tógtha | Bliain 4 agus 5 |
| **Slat Tomhais** | ▪ Téarmaí Tagartha don Staidéar Féidearthachta leagtha síos<br>▪ Staidéar cuimsitheach curtha i gcrích<br>▪ Plean oibre don Ionad nua curtha le chéile<br>▪ Ionad nua tógtha | |

| BuiséadBliana | Ábhar | | | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Staidéar Féidearthachta | | | | | | €15,000 |
| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
| | - | €15,000 | - | - | - | - | - |
| Foinsí Maoinithe | ÚnaG, RNG, CCCPL, CLPL, CÉ, BPT | | | | | | |
| Dúshlán agus Réiteach | **Dushlán:**<br>a) Dearadh críochnúil a chur le chéile don togra.<br>b) Maoiniú a fháil don togra.<br>**Réiteach:**<br>a) Staidéar féidearthachta agus fís aontaithe don togra a fhorbairt leis an Údarás.<br>b) Cás láidir a dhéanamh leis na húdaráis mhaoinithe | | | | | | |

## 6.4.2.3.B Ionad Sóisialta/Ilfheidhmeach an tSean Phobail

| Beart | 6.4.2.3.B | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an Bhirt | Ionad Sóisialta/Ilfheidhmeach an tSean Phobail | | |
| Réimsí | C, D, E, F, H, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 10, 11, 12, 13, 15, 18 |
| Aidhm | Forbairt ar spás sóisialta sa Sean Phobal. | | |
| Eolas Breise | Déanfar staidéar féidearthachta ar ionad sóisialta a fhorbairt sa Sean Phobal. Ionad buail isteach a bheadh i gceist, ina mbeadh siopa beag pobail, caifé agus áiseanna eile ar fáil. Tá láithreacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach i gcomhair ionaid dá leithéid, ina measc Tigh an tSagairt, atá taobh le talamh an Údaráis sa Sean Phobal agus pléifear na féidearthachtaí le hÚnaG maidir le forbairt ar mhaithe leis an bpobal. I measc na láithreacha eile a bheadh san áireamh don ionad sóisialta, tá Halla Cholmáin. Sé Halla Cholmáin an lárionad pobail sa Sean Phobal. Tacófar le Coiste an Halla le haon iarratas ar mhaoiniú chun barr feabhais a chur ar na háiseanna (mar shampla áiseanna drámaíochta - soilse, córas fuaime srl.). Fiosrófar na féidearthachtaí an Halla a úsáid mar láthair d'ionad sóisialta agus siopa pobail sa Sean Phobal, ar bhonn píolótach. | | |
| Príomhúinéir | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| Páirtithe Leasmhara | CFSP, Coistí agus cumainn spóirt sa Sean Phobal, ÚnaG, CLPL, Ealaín na Gaeltachta, Deoise Phort Láirge & An Leasa Mhóir | | |
| Réasúnaíocht agus Cúlra | Bhí am ann nuair a bhí réimse leathan de sheirbhísí agus d'áiseanna ar nós oifig an phoist, dhá shiopa, stáisiún peitril agus eile sa Sean Phobal. Tá laghdú suntasach tar éis teacht ar líon na seirbhísí atá ar fáil anois, cé go bhfuil fás tar éis teacht ar líon na dtithe sa cheantar. Tháinig sé aníos go minic i Suirbhé Ghaeltacht na nDéise 2015 go bhfuil | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | gá le hionad sa Sean Phobal gur féidir le daoine bualadh isteach ann ar maidin i gcomhair tae/caifé agus comhluadar agus go bhfuil gá le siopa pobail. | | | | | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís caipitil | | | | | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean seo. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Plean forbartha don halla a aontú | Bliain 2 | | | | | |
| | Gníomhú ar na moltaí sa phlean | Bliain 2 – Ráithe 3 | | | | | |
| **Slat Tomhais** | Barr feabhais ar an halla ó thaobh trealaimh de. An halla fós mar chroílár an phobail. Deiseanna forbartha nua don halla bainte amach. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** | | | | | |
| | Staidéar féidearthachta ar ionad sóisialta | €15,000 | | | | | |
| | Braitheann buiséad an chuid eile den bheart seo ar thorthaí an staidéair féidearthachta | | | | | | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | - | - | €15,000 | - | - | - |
| **Foinsí Maoinithe** | ÚnaG, RNG, CCCPL, CLPL, CE, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dushlán:**<br>a) Dearadh chríochnúil a chur le chéile don togra<br>b) Maoiniú a fháil don togra<br>**Réiteach:**<br>a) Staidéar féidearthachta agus fís aontaithe don togra a fhorbairt leis an Údarás<br>b) Cás láidir a dhéanamh leis na húdaráis mhaoinithe | | | | | | |

## 6.4.2.3.C Áiseanna Poiblí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.3.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Áiseanna Poiblí | | |
| **Réimsí** | C, D, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 8, 11 |
| **Aidhm** | Feabhas a chur ar áiseanna poiblí an cheantair. | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear maoiniú ar fáil chun feabhas a chur ar áiseanna poiblí an cheantair, de réir mar a aithnítear riachtanais sa phobal.<br>**Leabharlann**<br>Cuirfear leabharlanna beaga ar fáil sa Rinn agus sa Sean Phobal, de réir múnla 'The Little Library', ina mbeidh teacht ar réimse leabhair do dhaoine óga agus fásta. Beidh an áis seo cabhrach chun cur le scileanna léitheoireachta na ndaoine óga, chun leabhair a chur ar fáil do mhuintir na háite, agus chun deiseanna léitheoireachta a sholáthar don phobal. Rachfar i gcomhairle le daltaí na scoileanna áitiúla maidir le | | |

<table>
<tr><td></td><td colspan="7">dearadh agus cruthú na leabharlanna seo. Féachfar ar leabharlann pobail a fhorbairt amach anseo.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">Meánscoil San Nioclás, S.N. na Rinne, S.N. Baile Mhic Airt, CCCPL, CLPL, ÚnaG, RNG, CPnaR, CFSP</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Tá se fíor-thábhachtach go mbeadh teacht fuirist ag daoine ar ábhar léitheoireachta i nGaelainn. Chuige sin, cabhródh seirbhís leabharlainne áitiúil chun an sprioc seo a bhaint amach.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="8">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean a ullmhú don togra</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Leabharlann a chruthú</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Leabharlann a chur in airde</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cothabháil na Leabharlanna</td><td colspan="3">Bliain 3, 4, 5, 6, 7, 8</td></tr>
<tr><td colspan="4">Fiosraigh Leabharlann Pobail a fhorbairt</td><td colspan="3">Bliain 6</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Leabharlann Beag a bheith ar fáil sa Rinn agus sa Sean Phobal</td></tr>
<tr><td rowspan="5">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cruthú na Leabharlanna</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cur in airde na leabharlanna</td><td colspan="2">€200</td></tr>
<tr><td colspan="5">Leabhair a cheannach</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Gnáth-chothabháil</td><td colspan="2">€500 - €1,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€5,000</td><td>€2,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">BPT, CLPL, ÚnaG, RNG, CCCPL, FLAGS</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dushlán:<br>a) Cead a fháil na leabharlanna a chur in airde agus daoine a ghríosadh agus a oiliúint chun iad a úsáid<br>Réiteach:<br>a) Obair leis na páirtithe leasmhara chuí chun cead a fháil na leabharlanna a chur in airde agus daoine a mhealladh chun iad a úsáid.</td></tr>
</table>

## 6.4.2.3.C Taighde ar riachtanais d’áiseanna caipitil spóirt

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.4.2.3.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Taighde ar riachtanais d’áiseanna caipitil spóirt sa cheantar | | |
| **Réimsí** | C, D, E, F, H, I, J, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 10, 11, 12, 13, 15, 18 |
| **Aidhm** | Áiseanna spóirt d’ard chaighdeán a bheith ar fáil i nGaeltacht na nDéise | | |
| **Eolas Breise** | Aithnítear go bhfuil spórt agus caitheamh aimsire thar a bheith tábhachtach i saol an lae inniu agus tá ról an-mhór ag na cumainn spóirt i nGaeltacht na nDéise. Is ceart taighde a dhéanamh ar na riachtanais atá ann ó thaobh áiseanna spóirt sa cheantar chun a chinntiú go mbeidh na háiseanna is fearr agus is oiriúnaí do mhuintir na Gaeltachta ar fáil sna Déise. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Cumainn spórt sa Rinn agus sa Sean Phobal, ÚnaG, RGPTG, Spórt Éireann, CLPL, CSPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá seirbhísí maithe ar fáil sa cheantar faoi láthair, lena n-áirítear páirceanna imeartha, páirc uile aimseartha, Imearlann, áiseanna mara srl. Tá roinnt mhaith moltaí tagtha chun cinn sa taighde a deineadh, chun barr feabhais a chur ar an méid atá ar fáil. I measc na moltaí sin tá: linn snámha, ionad scátála do dhéagóirí, páirc uile aimsire sa Rinn, breis áiseanna do spóirt uisce, halla spóirt sa Rinn agus sa Sean Phobal. Is gá na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le forbairt áiseanna spóirt agus plean oibre a leagadh amach chun dul chun cinn a dhéanamh agus cur leis na háiseanna sa cheantar. Tá taithí ag an gComhlucht Forbartha cheana féin ar áiseanna áirithe a soláthar don cheantar tríd an bpáirc uile aimsire agus Imearlann a thógaint. | | |
| **Cineál Togra** | Togra Caipitil | | |
| **Saolré** | Thar seacht mbliana an phlean | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Coiste a cheapadh chun tabhairt faoi staidéar áitiúil ar na háiseanna atá i nGaeltacht na nDéise<br>Comhairliúcháin poiblí a dhéanamh | Bliain 2 – Ráithe 2 | |
| | Aon easpa áiseanna a aithint | Bliain 2 – Ráithe 3 | |
| | Plean oibre a chur le chéile maidir le haon áiseanna nua a bheadh ag teastáil | Bliain 3 – Ráithe 1 | |
| **Slat Tomhais** | Staidéar déanta a luann na háiseanna ar fad sa cheantar mar aon leis na ganntanais. Moltaí chun tabhairt faoi easpa áiseanna agus conas teacht ar fhoinsí maoinithe agus dul i mbun áiseanna nua a fháil don cheantar. | | |

| Buiséad Bliana | Ábhar | | | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Staidéar cuimsitheach ar na háiseanna spóirt atá de dhíth sa cheantar. | | | | | | €4,000 |
| | Beidh buiséad an chuid eile den bheart seo ag brath ar thorthaí an staidéir. | | | | | | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | - | - | €4,000 | - | - | - |
| **Foinsí Maoinithe** | ÚnaG, RNG, CCCPL, CLPL, CE, An Crannchur Náisiúnta, Spórt Éireann, CSPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Beidh gá teagmháil a dhéanamh le cuid mhaith páirtithe leasmhara chun an cheist seo a fhorbairt. Beidh staidéar le déanamh maidir le háiseanna in áiteanna eile sa chontae agus ar na deiseanna maoinithe atá ann. Caithfear a chinntiú go bhfuil riachtanais an phobail i nGaeltacht na nDéise comhlíonta le haon mholtaí a thiocfaidh chun cinn.<br>**Réiteach:**<br>a) Próiseas comhairlúcháin a chur i gcrích chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt | | | | | | |

**6.4.2.4 Pobal agus Spórt: Sprioc 4**

*Córas poiblíochta a fhorbairt chun eolas a scaipeadh ar an bpobal*

**Beart A:** Córas Bolscaireachta a Fhorbairt

**6.4.2.4.A Córas Bolscaireachta a Fhorbairt**

| **Beart** | 6.4.2.4.A | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Córas Bolscaireachta a Fhorbairt | | |
| **Réimsí** | F, G, H, I | **Critéir Pleanála Teanga** | 3,10,11,12,15,16 |
| **Aidhm** | Gréasáin agus córais a bhunú agus a bhainistiú chun eolas ar imeachtaí an phobail a scaipeadh ar an bpobal ar fad. | | |
| **Eolas Breise** | Chun go mbeidh daoine páirteach sa phobal, caithfidh gréasán éifeachtach a bheith ann chun eolas ar imeachtaí agus ócáidí poiblí a scaipeadh ar mhuintir na háite. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Grúpaí pobail agus cumainn spóirt sa cheantar, scoileanna, gnóthaí agus meáin áitiúla. | | |

<table>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Léirigh an taighde go raibh géargá le Nuachtlitir, Suíomh Idirlíon, leathanach Facebook srl. chun eolas a scaipeadh go héifeachtach ar an bpobal chun go mbeadh fios ag daoine céard atá ar siúl nó ar fáil sa cheantar. Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga CFND 2008-2010 agus i bPlean Forbartha CFND 2006-2008. Ba cheart clár fógraí a chur in airde in áit phoiblí sa Rinn agus sa Sean Phobal chun eolas a roinnt. B’fhiú Féilire Imeachtaí don bhliain ar fad a chur le chéile agus a bheith ar fáil ar an idirlíon agus in áiteanna poiblí.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="8">Saolré</td><td colspan="7">Thar seacht mbliana an phlean.</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean fógraíochta a chur le chéile</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Suíomh idirlíon agus leathanach Facebook a fhorbairt</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Meastachán a fháil ar chostas na gclár</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Láithreacha oiriúnacha a aithint</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cead pleanála a lorg</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cláir fógraí a chur in airde</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Feabhas ar sheachadadh eolais sa cheantar. Fógraíocht faoi imeachtaí eagraithe níos fearr agus níos feiceálaí.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Suíomh Idirlíon</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Clár Fógraí</td><td colspan="2">€4,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Nuachtlitir</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€2,000</td><td>€6,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td><td>€2,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">ÚnaG, RNG, CCCPL, CLPL, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) An t-eolas a bhailiú le chéile agus a scaipeadh go leanúnach<br>Réiteach:<br>a) Córas maith bailithe eolais a chur ar bun i gcomhar leis na heagraíochtaí ar fad</td></tr>
</table>

# 6.5 Gnó agus Fostaíocht

## 6.5.1 Fís

Go mbeidh gnó teangabhunaithe ag feidhmiú go rathúil i nGaeltacht na nDéise, le níos mó gnóthaí ag feidhmiú agus níos mó daoine fostaithe. Go mbeidh aitheantas chuí tugtha d'úsáid na Gaelainne i gcúrsaí gnó agus tacaíocht ar fáil dóibh atá ag iarraidh fostaíocht a aimsiú.

## 6.5.2 Spriocanna

### 6.5.2.1 Seirbhísí gnó curtha ar fáil trí mheán na Gaelainne

Chun go mbeidh an Ghaelainn in úsáid mar theanga labhartha an phobail, ní mór daoine a bheith in ann leas a bhaint as gnáth sheirbhísí trí mheán na Gaelainne ina bpobal féin. Tá roinnt gnóthaí i nGaeltacht na nDéise in ann seirbhís trí mheán na Gaelainn a chur ar fáil. Mar sin féin, bíonn éiginnteacht ann maidir le seirbhís Ghaelainn a bheith ar fáil ó am go chéile, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dul i muinín an Bhéarla. Ní mór chur chuige chuimsitheach maidir leis na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil don phobal.

### 6.5.2.2 Tacaíochtaí forbartha fiontraíochta curtha ar fáil i nGaeltacht na nDéise

Teastaíonn uainn gaol níos láidre a fhorbairt idir an Comhlucht Forbartha agus lucht gnó an cheantair. Cuirfear cúrsaí oiliúna ar fáil trí mheán na Gaelainne don lucht gnó, ag tabhairt feidhm phraiticiúil don teanga agus ag cabhrú le cruthú fostaíochta teangabhunaithe.

### 6.5.2.3 Aitheantas agus bolscaireacht d'úsáid na Gaelainne i gcúrsaí gnó

Ní mór buntáiste a bheith ag baint le húsáid na Gaelainne i gcúrsaí gnó. Is gá an buntáiste sin a chruthú go coincréiteach don lucht gnó chun go mbeidh sé ciallmhar dóibh seirbhísí i nGaelainn a fhorbairt agus a chur ar fáil. Tá sé tábhachtach an lucht gnó a mhealladh agus a spreagadh chun seirbhísí i nGaelainn a chur ar fáil agus an t-aitheantas chuí a thabhairt dóibh siúd a chuireann scoth na seirbhíse ar fáil i nGaelainn.

Chun go mbeidh daoine in ann an Ghaelainn a úsáid i ngach gné den saol, tá sé riachtanach go mbeidh deiseanna fostaíochta ina bhfuil an Ghaelainn in úsáid mar theanga oibre ar fáil don phobal. Faoi láthair, is gnó teangabhunaithe iad an dá fhostóir is mó i nGaeltacht na nDéise, Coláiste na Rinne agus Nemeton TV. Tá sé tábhachtach go mbeadh níos mó gnóthaí teangabhunaithe ag feidhmiú sa Ghaeltacht sna blianta amach romhainn chun go mbeidh réimse leathan fostaíochta ar fáil trí mheán na Gaelainne.

### 6.5.2.4 Tacaíocht curtha ar fáil do dhaoine dífhostaithe

Ní mór deiseanna a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe sa cheantar chun cur lena scileanna oibre agus chun teacht ar fhostaíocht. Ní mór deiseanna fostaíochta a bheith ar fáil chun an pobal a choimeád le chéile agus chun an Ghaelainn a choimeád mar theanga an phobail.

**6.5.2.1 Gnó agus Fostaíocht: Sprioc 1**

*Seirbhísí gnó curtha ar fáil trí mheán na Gaelainne*

**Beart A:** Polasaí Teanga

**6.5.2.1.A – Polasaí Teanga**

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.5.2.1.A</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Polasaí Teanga</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>E, K</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>13, 14</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Go mbeidh polasaí teanga aontaithe le gnóthaí i nGaeltacht na nDéise.</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Forbrófar polasaí teanga eiseamláireach i gcomhair gnóthaí i nGaeltacht na nDéise. Tabharfar deis ansan do ghnóthaí a bpolasaithe teanga féin a fhorbairt, bunaithe ar an bpolasaí eiseamláireach agus tabharfar comhairle agus tacaíocht dóibh maidir le cur i bhfeidhm na bpolasaithe ina ngnóthaí féin.<ul><li>Cúrsa Oiliúna i gCinnireacht/Feasacht Teanga<br>Forbrófar cúrsa oiliúna maidir le húsáid na Gaelainne i gcúrsaí gnó, ina mbeidh cúrsa Gaelainne do dhaoine atá i mbun gnó, cúram custaiméirí i nGaelainn, feasacht teanga do dhaoine atá ag plé le cúrsaí gnó, conas úsáid na Gaelainne a éascú agus mar sin de.</li><li>Deiseanna Foghlama Gaelainne<br>Cuirfear acmhainní ar fáil chun deiseanna foghlama Gaelainne a thabhairt do dhaoine ar bheagán Gaelainn a bhíonn ag plé le cúrsaí gnó, chun go mbeidh teacht níos fusa ar sheirbhísí gnó trí mheán na Gaelainne.</li><li>Ábhar Tacaíochta<br>Cuirfear acmhainní ar fáil chun ábhar comharthaíochta agus eile a aistriú go Gaelainn agus a chur ar fáil.</li></ul>Beifear i dteagmháil leis na gnólachtaí go rialta agus tabharfar deis dóibh aiseolas a thabhairt dúinn maidir leis na tacaíochtaí atá ag teastáil chun polasaí teanga láidir a chur i bhfeidhm. Forbrófar breis tacaíochtaí bunaithe ar riachtanais na n-eagraíochtaí agus na ndaoine atá ag plé le cúrsaí gnó sa cheantar.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="3">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">Lucht Gnó an Cheantair</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="3">Chun go mbeidh an Ghaelainn in úsáid mar theanga labhartha an phobal, ní mór go mbeidh baill den phobal in ann Gaelainn a úsáid i ngach gné den saol. Aithníodh an sprioc seo cheana i bPlean Teanga CFND 2008-2010.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="3">Seirbhís Reatha</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga. |

| **Garspriocanna** | |
|---|---|
| Polasaí teanga a fhorbairt | Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4 |
| Cuireadh do ghnóthaí an cheantair polasaí teanga a chur i bhfeidhm | Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2 |
| Tacaíocht curtha ar fáil do ghnóthaí polasaí teanga a fhorbairt | Bliain 3 – Raithe 2 agus 3 |
| Obair leis an lucht gnó chun plean gníomhaíochta a fhorbairt | Bliain 3 – Ráithe 2 agus 3 |
| Deiseanna foghlama Gaelainne curtha ar fáil | Bliain 3 – Ráithe 3 agus 4 |
| Athbhreithniú ar na tacaíochtaí a theastaíonn | Bliain 4 – Ráithe 1 agus 2 |
| Ábhar tacaíochta curtha ar fáil | Bliain 4 – Ráithe 1 |
| Cúrsa oiliúna i gcinnireacht / feasacht teanga | Bliain 4 – Ráithe 3 agus 4 |
| Tacaíochtaí curtha ar fáil don lucht gnó | Bliain 4 – Ráithe 3 agus 4 |
| Athbhreithniú ar fheidhmiú na bpolasaithe teanga | Bliain 5 – Ráithe 3 agus 4 |
| Tacaíocht do ghnóthaí dul chun cinn a dhéanamh | Bliain 6 – Ráithe 1, 2, 3 agus 4 |

**Slat Tomhais**

- Líon na ngnóthaí a chuireann plean teanga aontaithe i bhfeidhm
- Dul chun cinn atá déanta ag gnóthaí a chuireann plean teanga i bhfeidhm.
- Líon na bhfostaithe a bhaineann úsáid as na deiseanna foghlama Gaelainne

**Buiséad Bliana**

| **Ábhar** | **€** |
|---|---|
| Cúrsa Oiliúna i gCinnireacht/Feasacht Teanga | €1,000 - €1,500 |
| Deiseanna Foghlama Gaelainne | €100 - €1,000 |
| Ábhar Tacaíochta | €500 - €1,000 |
| Plé le Gnóthaí | €500 |

**Buiséad Iomlán**

| **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| - | €1,000 | €1,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |

| | |
|---|---|
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, FnaG |

**Dúshlán agus Réiteach**

**Dúshlán:**

a) Dul i bhfeidhm ar na gnóthaí, go háirithe iad siúd nach bhfeidhmíonn trí mheán na Gaelainne de gnáth.

**Réiteach:**

a) Cur chuige meáite tuisceannach – caidreamh pearsanta a fhorbairt.

**6.5.2.2 Gnó agus Fostaíocht: Sprioc 2**

*Tacaíochtaí forbartha fiontraíochta curtha ar fáil i nGaeltacht na nDéise*

**Beart A:** Cúrsaí Oiliúna Gnó

**Beart B:** Líonra Gnó

### 6.5.2.2.A Cúrsaí Oiliúna Gnó

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.5.2.2.A</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bheirt</td><td colspan="3">Cúrsaí Oiliúna Gnó</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>E</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>11, 13, 14</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Go mbeidh oiliúint curtha ar fáil don lucht gnó i nGaeltacht na nDéise</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Cuirfear cúrsaí oiliúna ar fáil don lucht gnó, agus dóibh siúd atá ag iarraidh gnó a thosnú, agus bronnfar scoláireachtaí ar dhaoine aonair chun freastal ar chúrsaí traenálá, ag brath ar éileamh. Pléifear na cúrsaí a bheidh oiriúnach le lucht gnó an cheantair agus cuirfear cúrsaí ar fáil de réir riachtanais an phobail. Seo thíos liosta neamhchríochnúil de na cúrsaí a d'fhéadfaí a chur ar fáil thar saolré an phlean teanga seo:<br>▪ Scileanna Gnó<br>▪ Cúrsa Oiliúna i gCinnireacht/Feasacht Teanga<br>▪ Cúrsa Gnó Féin-Bhunaithe<br>Cúrsa do dhaoine atá ag iarraidh a ngnó féin a bhunú.<br>▪ Cúrsa Forbartha Gnó<br>Traenáil don lucht gnó agus chun daoine atá ag iarraidh gnó a thosnú a chur i dteagmháil le meantóir.<br>Tá a thuilleadh eolais maidir le cúrsaí aosoideachais i mBeart 6.2.2.6.A.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="3">Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">Lucht Gnó Ghaeltacht na nDéise, BOO, Enterprise Ireland,</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="3">Aithníodh an riachtanas seo chomh fada siar le 2006 i bPlean Forbartha CFND 2006 – 2008. Bhí an riachtanas céanna aitheanta i bPlean Teanga CFND 2008 – 2010 agus i bPlean Trí Bhliain Ghaeltacht na nDéise 2010 – 2013.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="3">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="3">Thar Saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="3">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="2">Riachtanais an lucht gnó a phlé</td><td>Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="2">Clár oiliúna a fhorbairt</td><td>Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cúrsaí Oiliúna curtha ar fáil</td><td>Bliain 3 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td colspan="2">Athbhreithniú</td><td>Bliain 5 – Ráithe 1</td></tr>
</table>

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil<br>▪ Líon na rannphártithe ag freastal ar na cúrsaí<br>▪ Líon na ngnóthaí a bhaineann leas as na cúrsaí | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Cúrsaí Oiliúna Gnó | | | | | | €1,500 - €4,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €1,000 | €2,000 | €2,000 | €3,000 | €2,000 | €4,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, BOO, ÚnaG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Cúrsaí oiriúnacha a aithint agus a chur ar fáil. Go leor daoine a bheith ar fáil, idir theagascóirí agus lucht freastail, chun cúrsaí a reachtáil.<br>**Réiteach:**<br>a) Tacaíocht ón BOO agus ón Údarás. | | | | | | |

## 6.5.2.2.B Líonra Gnó

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.5.2.2.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Líonra Gnó | | |
| **Réimsí** | E, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 13 |
| **Aidhm** | Naisc neamhfhoirmiúil a chothú i measc lucht gnó na Gaeltachta. | | |
| **Eolas Breise** | Cruthófar deiseanna don lucht gnó teacht le chéile chun aithne níos fearr a chur ar a chéile, na deiseanna atá ann do chúrsaí gnó sa cheantar a phlé agus na dúshláin chomónta atá acu a aithint. Eagrófar ócáidí líonrú gnó neamhfhoirmiúla don lucht gnó de réir a mianta féin.<br>Beidh seans acu moltaí agus comhairle a thabhairt dá chéile maidir le cur i bhfeidhm an phlean teanga. Tabharfar cuireadh do ghrúpaí eile teacht dtí na hócáidí seo, ó am go chéile, chun cur i láthair a dhéanamh ar ábhair spéise do lucht gnó an cheantair. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Lucht Gnó Ghaeltacht na nDéise, CTDG | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá a leithéid de nasc neamhfhoirmiúil i measc lucht gnó an cheantair tábhachtach do rathúlacht an cheantair agus do chaidreamh an Chomhlucht Forbartha le lucht gnó an cheantair. Beidh an lucht gnó in ann comhairle a thabhairt don gComhlucht Forbartha maidir le cur i bhfeidhm an phlean teanga agus na riachtanais atá acu mar ghnóthaí Gaeltachta. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Tá sé i gceist an togra seo a chur ar fáil thar saolré an phlean seo. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Cur i bhfeidhm an bhirt a phlé leis an lucht gnó | | | | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2 | | |
| | Clár ócáidí líonrú gnó a chur le chéile | | | | Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4 | | |
| | Sraith ócáidí líonrú gnó a reachtáil | | | | Bliain 3, 4 agus 5 | | |
| | Athbhreithniú | | | | Bliain 5 – Ráithe 4 | | |
| | Sraith ócáidí líonrú gnó a reachtáil | | | | Bliain 6, 7 agus 8 | | |
| | Athbhreithniú | | | | Bliain 7 – Ráithe 4 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon gnóthaí a bhaineann leas as na hócáidí líonrú gnó<br>▪ Breith na rannpháirtithe ar na hócáidí líonrú gnó | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Ócáidí líonrú gnó | | | | | €800 - €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, ÚnaG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Suim na ngnóthaí éagsúla a mhúscailt chun a bheith páirteach sa líonra.<br>**Réiteach:**<br>a) Cabhair agus tacaíocht ón Údarás agus ón gCumann Tráchtála | | | | | | |

**6.5.2.3 Gnó agus Fostaíocht: Sprioc 3**

*Aitheantas agus bolscaireacht d'úsáid na Gaelainne i gcúrsaí gnó*

**Beart A:** Gradam Gnó

**Beart B:** Gairm le Gaelainn

**Beart C:** Eolaire Gnó

**6.5.2.3.A Gradam Gnó**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.5.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Gradam Gnó | | |
| **Réimsí** | E, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 13 |
| **Aidhm** | Gnóthaí a ghríosadh chun an Ghaelainn a úsáid mar uirlis mhargaíochta agus ghnó. | | |
| **Eolas Breise** | Tugann Cumann Tráchtála Dhún Garbhán & Iarthar Phort Láirge aitheantas do lucht ghnó in iarthar an Chontae gach bliain tríd na gradaim a bhronntar ar ghnóthaí a léiríonn sár-seirbhís agus araile. Sa bhliain 2016, don chéad uair bhí Gradam Gaelainn i measc na nGradam seo. | | |

<table>
<tr><td></td><td>Beifear ag obair leis an gCumann Tráchtála chun go mbeidh an Gradam Gaelainn curtha ar fáil go bliantúil, chun aitheantas a thabhairt do ghnóthaí i nGaeltacht na nDéise agus in iarthar Phort Láirge trí chéile, a bhaineann úsáid as an nGaelainn mar chuid dá ngnó.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td>CFND, CCCPL, GnaG</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td>Gnóthaí a bhíonn páirteach sa ghradam, Cumann Tráchtála Dún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge, Cumann Tráchtála Phort Láirge, Údarás na Gaeltachta, na hurraitheoirí, Foras na Gaeilge.</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td>Tugann tograí mar seo spreagadh don lucht gnó feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaelainn mar go dtugtar aitheantas dóibh dá bharr. Aithníodh an beart seo i bPlean Trí Bhliain Ghaeltacht na nDéise 2010 – 2013 agus eagraíodh an tionscadal ‘Gradam Gnó na nDéise’ (comhfhiontar idir CFND agus Oifigeach Gaeilge CCCPL) dá réir. Ghlac comhlachtaí Gaeltachta páirt i nGradam Gnó na nDéise síos tríd na blianta agus ní mór chur leis an dea-obair seo le linn saolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td>Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td>Saolré</td><td>Thar Saolré an phlean teanga
<table>
<tr><th colspan="2">Garspriocanna</th></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Cruinniú le Cumann Tráchtála chun an beart seo a phlé</td><td>Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Teagmháil le Foras na Gaeilge chun tacaíocht a lorg</td><td>Bliain 1 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Plean do Ghradam 2018 forbartha</td><td>Bliain 1 – Ráithe 4</td></tr>
<tr><td>Gradam Gnó bliaintúil curtha ar fáil</td><td>Bliain 2, 3, 4 agus 5</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 5 – Ráithe 3</td></tr>
<tr><td>Gradam Gnó bliantúil curtha ar fáil</td><td>Bliain 6, 7 agus 8</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú</td><td>Bliain 7, Ráithe 3</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td>▪ Gradam Gaelainn curtha ar fáil go bliantúil<br>▪ Líon na nGnóthaí Rannpháirteach<br>▪ Luach na nDuaiseanna</td></tr>
<tr><td>Buiséad Bliana</td><td><table>
<tr><th>Ábhar</th><th>€</th></tr>
<tr><td>Moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm</td><td>€500</td></tr>
<tr><td>Gradam Gnó a chur ar fáil</td><td>€300 - €500</td></tr>
<tr><td>Duaiseanna</td><td>€2,000</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>Buiséad Iomlán</td><td><table>
<tr><th>Bliain 1</th><th>Bliain 2</th><th>Bliain 3</th><th>Bliain 4</th><th>Bliain 5</th><th>Bliain 6</th><th>Bliain 7</th></tr>
<tr><td>€2,000</td><td>€3,000</td><td>€3,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td></tr>
</table></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, CCCPL, ÚnaG, Urraitheoirí. |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Suim na ngnóthaí a spreagadh sa Ghradam<br>**Réiteach:**<br>a) Teagmháil a dhéanamh leis na gnóthaí chun an scéim a dhíol leo, buntáiste na scéime a chruthú dóibh. |

### 6.5.2.3.B Gairm le Gaelainn

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.5.2.3.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Gairm le Gaelainn | | |
| **Réimsí** | A, C, E, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 13, 14 |
| **Aidhm** | Feasacht maidir le deiseanna oideachais agus fostaíocht i nGaelainn a chothú. | | |
| **Eolas Breise** | Scaipfear eolais ar dhaltaí na meánscoile maidir leis na deiseanna oideachais tríú leibhéal agus na deiseanna fostaíochta atá ar fáil i nGaelainn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. San áireamh anseo, eagrófar **ceardlanna feasachta, turais scoile** agus **ábhar bolscaireachta** chun na deiseanna oideachais tríú leibhéal agus na deiseanna fostaíochta i nGaelainn a chur ar shúile na ndaltaí. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Meánscoil San Nioclás, FnaG, ÚnaG, GnaG | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé tábhachtach do shláinte na teanga sa Ghaeltacht go mbeidh gnóthaí teangabhunaithe ag feidhmiú go rathúil agus go mbeidh an Ghaelainn in úsáid go forleathan sa saol oibre. Ní mór spreagadh a bheith ann do dhaoine óga i nGaeltacht na nDéise smaoineamh ar na deiseanna atá ar fáil dóibh maidir le gairmeacha le Gaelainn. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga seo | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Ábhar bolscaireachta forbartha | Bliain 2 – Ráithe 2 agus 3 | |
| | Ceardlanna feasachta curtha ar fáil | Bliain 3 – Ráithe 3 | |
| | Athbhreithniú ar an mbeart | Bliain 4 – Ráithe 4 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na ndaltaí a ghlacann páirt sna ceardlanna feasachta<br>▪ Líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar ócáidí | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** | |
| | Ceardlanna feasachta | €500 - €1,000 | |
| | Turais | €500 - €1,000 | |
| | Ábhar bolscaireachta | €500 | |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, FnaG, ÚnaG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine cumasacha a aithint agus a fháil chun ceardlanna a chur ar fáil go háitiúil.<br>**Réiteach:**<br>a) Comhairle a lorg ónár bpáirtithe leasmhara chun daoine oiriúnacha a aithint. | | | | | | |

**6.5.2.3.C Eolaire Gnó**

| **Beart** | 6.5.2.3.C | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Eolaire Gnó | | |
| **Réimsí** | E | **Critéir Pleanála Teanga** | 13 |
| **Aidhm** | Eolaire a chur amach le sonraí teagmhála gnóthaí an cheantair. | | |
| **Eolas Breise** | Leabhrán eolais a chur i gcló le sonraí teagmhála ghnóthaí an cheantair.<br>Cuireadh leabhrán den tsaghas seo amach sa bhliain 2012 agus bheadh sé i gceist an múnla seo a úsáid arís chun leabhrán nua, suas chun dáta a chur ar fáil. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Lucht gnó an cheantair | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Chun go mbeidh pobal an cheantair ar an eolas maidir leis na seirbhísí gnó atá ar fáil dóibh ina bpobal féin. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga seo | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Bunachar sonraí a chur le chéile | Bliain 2 – Ráithe 2 agus 3 | |
| | Dréacht den leabhrán | Bliain 2 – Ráithe 4 | |
| | Leabhrán curtha i gcló | Bliain 3 – Ráithe 2 | |
| | Leabhrán scaipthe sa phobal | Bliain 3 – Ráithe 3 | |
| | Athbhreithniú | Bliain 5 – Ráithe 4 | |
| | Leabhrán nua curtha i gcló | Bliain 6 – Ráithe 1 | |
| | Leabhrán nua scaipthe sa phobal | Bliain 6 – Ráithe 2 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon gnó san eolaire<br>▪ Líon na n-eolairí atá scaipthe | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | **€** | |
| | Foilsiú an leabhráin | €2,000 - €3,000 | |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - | - | €2,500 | - | - | €3,000 | - |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT, ÚnaG | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Eolas cuimsitheach, suas chun dáta a bhailiú ó na gnóthaí go rialta.<br>**Réiteach:**<br>a) Teagmháil leanúnach a dhéanamh le lucht gnó an cheantair. | | | | | | |

**6.5.2.4 Gnó agus Fostaíocht: Sprioc 4**

*Tacaíocht curtha ar fáil do dhaoine dífhostaithe*

**Beart A:** Síog na bPost

**Beart B:** Scéimeanna Fostaíochta

**6.5.2.4.A Síog na bPost**

| **Beart** | 6.5.2.4.A | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Bhirt** | Síog na bPost | | |
| **Réimsí** | C, E | **Critéir Pleanála Teanga** | 13, 14 |
| **Aidhm** | Eolas maidir le deiseanna fostaíochta a scaipeadh ar phobal na Gaeltachta. | | |
| **Eolas Breise** | Bainfear úsáid as an gcóras bolscaireachta a fhorbrófar i mbeart 6.4.2.4.A chun eolas maidir le deiseanna fostaíochta, deiseanna fostaíochta i nGaelainn go háirithe, a scaipeadh ar phobal na Gaeltachta. Bainfear úsáid as an haischlib #SíogNabPost ar na meáin sóisialta chun an t-eolas seo a scaipeadh. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | Na Meáin Áitiúla, Lucht Gnó an Cheantair | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tacaíonn an beart seo le daoine dífhostaithe agus le húsáid na Gaelainne san ionad oibre. Ní mór an lucht gnó áitiúil a bheith in ann teacht ar an té is fearr don bpost agus chuige sin, is ceart eolas mar gheall ar phoist i nGaelainn a scaipeadh go héifeachtach. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Teagmháil a dhéanamh le gnóthaí chun an tseirbhís nua seo a phlé leo. | Bliain 1 – Ráithe 1 | |
| | Eolas faoi dheiseanna fostaíochta a scaipeadh | Leanúnach thar saolré an plean | |
| | Athbhreithniú | Bliain 6 – Ráithe 1 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na bpost a bhíonn fógartha | | |

| Buiséad Bliana | Ábhar | | | | | € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bolscaireacht | | | | | €500 |

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Daoine a chur ar an eolas faoin bhfeachtas agus iad a chlárú leis an tseirbhís.<br>**Réiteach:**<br>a) Feachtas maith bolscaireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | | | | | | |

## 6.5.2.4.B Scéimeanna Fostaíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.5.2.4.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Scéimeanna Fostaíochta | | |
| **Réimsí** | C, E, F | **Critéir Pleanála Teanga** | 13, 14 |
| **Aidhm** | Go mbeidh deiseanna ar fáil do dhaoine dífhostaithe bheith ag obair sa phobal agus cur lena scileanna oibre. | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear deiseanna oibre ar fáil do dhaoine dífhostaithe tríd an Scéim Tús agus scéimeanna fostaíochta eile de réir agus is féidir linn. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | ÚnaG | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé riachtanach go mbeidh deiseanna fostaíochta agus deiseanna feabhas a chur le scileanna ar fáil inGaeltacht na nDéise. Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Trí Bliain Ghaeltacht na nDéise 2010 – 2013. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Athbhreithniú ar an Scéim Tús | Bliain 1 – Ráithe 3 | |
| | Daoine a earcú isteach sa scéim | Leanúnach thar na blianta | |
| | Athbhreithniú | Bliain 5 – Ráithe 2 | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na ndaoine rannpháirteach i scéimeanna fostaíochta | | |
| **Buiséad** | Is faoin bhfeidhmeannas stáit chuí a bheidh sé na híocaíochtaí a dhéanamh de réir coinneálacha na scéime fostaíochta. | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:** Daoine oiriúnacha a aithint i gcomhair na róil a bheidh le líonadh.<br>**Réiteach:** Obair as lámha a chéile le saoiste na scéime chun daoine oiriúnacha a aithint. Agallamh a chur ar na daoine atá i dteideal cur isteach ar na poist seo. | | |

# 6.6 Turasóireacht agus Oidhreacht

## 6.6.1 Fís

Go mbeidh forbairt ar earnáil na turasóireachta chultúrtha i nGaeltacht na nDéise agus go mbeidh na Déise aitheanta mar cheann scríbe tarraingteach, le háiseanna agus oidhreacht an cheantair ar thaispeáint do thurasóirí atá ag iarraidh an cultúr Gaelach a bhlaiseadh.

## 6.6.2 Spriocanna

6.6.2.1 Earnáil na turasóireachta cultúrtha a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise

Is áis fíor-luachmhar í an turasóireacht cultúrtha don Ghaeltacht agus is fiú go mór í a fhorbairt, ar mhaithe le muintir na háite agus d'iarthar Phort Láirge trí chéile.

6.6.2.2 Áiseanna turasóireachta a fhorbairt sa cheantar

Aithníodh le fada go bhfuil gá le lárphointe eolais do thurasóirí sa cheantar. Bheadh sé ina bhuntáiste mór don cheantar dá má rud é go raibh oifig fáilte, nó pointe eolais sa cheantair chun eolas faoi imeachtaí chultúrtha, láithreacha stáiriúla agus oidhreachta an cheantair, chomh maith le lóistín, gníomhaíochtaí fóillíochta agus siamsaíochta a scaipeadh orthu siúd a thagann go dtí Gaeltacht na nDéise agus chun daoine a mhealladh anseo.

6.6.2.3 Oidhreacht an cheantair a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal

Tá oidhreacht shaibhir ag ceantar Ghaeltachta na nDéise, oidhreacht atá mar chroílár mothú sainiúlachta agus aitheantais mhuintir na háite agus is gá í a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta atá romhainn.

### 6.6.2.1 Turasóireacht agus Oidhreacht: Sprioc 1

*Earnáil na turasóireachta chultúrtha a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise*

**Beart A:** Oiliúint
**Beart B:** Feachtas bolscaireachta
**Beart C:** Imeachtaí do thurasóirí
**Beart D:** Acmhainneacht na mara

**6.6.2.1.A Oiliúint**

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="7">6.6.2.1.A</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="7">Oiliúint</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td colspan="2">C, D, E</td><td colspan="3">Critéir Pleanála Teanga</td><td colspan="2">13, 19</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="7">Go gcuirfear traenáil ar fáil d’earnáil na turasóireachta de réir na riachtanais atá acu.</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="7">Cuirfear acmhainní ar fáil chun oiliúint a chur ar dhaoine atá ag obair in earnáil na turasóireachta. Tríd an traenáil seo, beifear in ann nasc níos láidre a chothú leis an earnáil seo agus tuiscint a fháil ar a gcuid riachtanais siúd.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="7">CFND</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">Gnóthaí turasóireachta áitiúla, Coiste Fáilte, Fáilte Éireann, ÚnaG</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine an buntáiste atá ag an gceantar ó thaobh an saibhris chultúrtha agus theangeolaíoch atá le fáil anseo agus go dtuigfidis conas an leas is fearr a bhaint as.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Riachtanais traenála a phlé leis an gCoiste Fáilte.</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár Traenála a ullmhú bunaithe ar riachtanais na hearnála.</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Seisiúin Traenála a chur ar fáil, de réir na riachtanais a aithníodh.</td><td colspan="3">Bliain 2, 5 agus 8</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú</td><td colspan="3">Bliain 4 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Líon na ngnóthaí a bhaineann úsáid as an traenáil a chuirtear ar fáil</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Bliana</td><td colspan="6">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="6">Clár Traenála</td><td>€3,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>-</td><td>€3,000</td><td>-</td><td>-</td><td>€3,000</td><td>-</td><td>€3,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">ÚnaG, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Na soláthróirí san earnáil turasóireachta a mhealladh chun glacadh le deiseanna oiliúna.<br>Réiteach:<br>a) Úsáid a bhaint as an ngréasán láidir atá forbartha ag an gCoiste Fáilte.</td></tr>
</table>

## 6.6.2.1.B Feachtas Bolscaireachta

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="4">6.6.2.1.B</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="4">Feachtas Bolscaireachta</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>C, E, G</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td colspan="2">16, 19</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="4">Go mbeidh ábhar bolscaireachta faoi Ghaeltacht na nDéise scaipthe go forleathan</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="4">Cuirfear ábhar bolscaireachta le chéile maidir le Gaeltacht na nDéise agus scaipfear an t-eolas seo go forleathan. Cuirfear ábhar ar nós léarscáileanna, eolas faoi na láithreacha spéise agus íomhánna ar ardchaighdeán le chéile i bpacáiste gur féidir leis na táirgeoirí áitiúla úsáid a bhaint astu ina bhfeachtais mhargaíochta féin.<br>Bainfear úsáid as an ábhar céanna i bhfeachtas margaíochta don cheantar féin. Cuirfear leabhrán eolais, bileoga agus suíomh idirlíon turasóireachta le chéile chun Gaeltacht na nDéise a dhíol mar cheann scríbe tarraingteach.<br>Cuirfear an t-ábhar seo ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus d'Fháilte Éireann agus iarrfar orthu margaíocht speisialta a dhéanamh leis an nGaelainn mar fhócas na turasóireachta sa cheantar. Déanfar iarracht ar leith an leas is fearr a bhaint as Sean-Oirthear na hÉireann agus Rian Glas na nDéise chun an ceantar a chur chun cinn.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="4">An Coiste Fáilte</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="4">CFND, CCCPL, Fáilte Éireann, ÚnaG.</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="4">Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Forbartha an Chomhluchta 2006-2008 agus tá sé tábhachtach buanna agus áilleacht Ghaeltacht na nDéise a chur ina luí ar an bpobal mór chun go mbeidh daoine ar an eolas faoin méid atá againn anseo ar mhaithe le gnóthaí turasóireachta an cheantair a fhorbairt amach anseo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="4">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="4">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="4">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="2">Pléifear an t-ábhar bolscaireachta ar fad atá de dhíth i bpáirt lenár bpáirtithe leasmhara</td><td colspan="2">Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="2">Forbrófar pacáiste bolscaireachta</td><td colspan="2">Bliain 2 agus 3</td></tr>
<tr><td colspan="2">Scaipfear an t-ábhar bolscaireachta go forleathan</td><td colspan="2">Bliain 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="2">Athbhreithniú ar an bpacáiste bolscaireachta</td><td colspan="2">Bliain 5</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="4">▪ Líon na n-ábhar bolscaireachta a scaipfear</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Buiséad Bliana</td><td colspan="3">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="3">Dearadh Ábhar Bolscaireachta</td><td>€1,000 - €3,000</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cló</td><td>€500 - €2,000</td></tr>
</table>

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - | €4,000 | €5,000 | €1,000 | €2,000 | €3,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | CLPL, ÚnaG, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Ábhar d'ardchaighdéan a fhorbairt agus a scaipeadh go forleathan ar na spriocghrúpaí éagsúla.<br>**Réiteach:**<br>a) Tacaíocht ó eagraíochtaí eile ar nós Fáilte Éireann, CCCPL agus ÚnaG | | | | | | |

## 6.6.2.1.C Imeachtaí do Thurasóirí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.1.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Imeachtaí do Thurasóirí | | |
| **Réimsí** | C, E, F, G, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 10, 13 |
| **Aidhm** | Go mbeidh turasóirí ag freastal ar imeachtaí cultúrtha atá ar siúl i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear acmhainní ar fáil chun turasóirí a mhealladh chun freastal ar imeachtaí atá ar siúl sa Ghaeltacht. Déanfar cinnte go bhfuil gach éinne ag obair as lámha a chéile chun imeachtaí a eagrú agus a fhógairt go forleathan agus go mbeidh nasc idir na himeachtaí a bhíonn ar siúl agus lucht lóistín an cheantair. | | |
| **Príomhúinéir** | An Coiste Fáilte | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, Lucht Lóistín, Lucht Eagraithe Imeachtaí. | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga CFND 2010-2013. Ní mór an Ghaelainn a bheith in úsáid sa phobal trí chéile chun go mbeidh branda iontaofa ag na Déise mar cheantar Gaeltachta. Tugann imeachtaí eagraithe seans do thurasóirí teanga agus cultúr na Gaeltachta a bhlaiseadh i slí tarraingteach, taitneamhach. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | | |
| | **Garspriocanna** | | |
| | Imeachtaí / féilte oiriúnacha a aithint | Bliain 1 – Ráithe 2 | |
| | Cruinniú a eagrú le lucht eagraithe imeachtaí | Bliain 2 – Ráithe 3 | |
| | Cruinniú a eagrú idir lucht eagraithe imeachtaí sa Ghaeltacht agus lucht an lóistín. | Bliain 2 – Ráithe 4 | |
| | Cur chuige aontaithe a fhorbairt maidir le turasóiri a mhealladh dtí imeachtaí sa Ghaeltacht agus chun fanacht i lóistín sa Ghaeltacht fad is atá siad anseo. | Bliain 3 – Ráithe 1 | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na n-imeachtaí a eagraítear<br>▪ Líon na ndaoine a fhanann sa Ghaeltacht agus iad ag freastal ar na himeachtaí seo. | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Cruinnithe | | | | | €500 | |
| | Chur chuige aontaithe a chur i bhfeidhm | | | | | €1,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) An scéal a scaipeadh chun daoine a mhealladh dtí na himeachtaí.<br>**Réiteach:**<br>a) Comhoibriú le Fáilte Éireann agus soláthróirí áitiúla. | | | | | | |

## 6.6.2.1.D Acmhainneacht na Mara

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.1.D | | |
| **Ainm an Bhirt** | Acmhainneacht na Mara | | |
| **Réimsí** | E, I | **Critéir Pleanála Teanga** | 12, 17 |
| **Aidhm** | Leas níos fearr a bhaint as an bhfarraige mar áis thurasóireachta | | |
| **Eolas Breise** | Glacfar na céimeanna cuí chun moltaí an staidéar féidearthachta dar teideal *"Athbhreithniú ar Acmhainneacht na Mara*" (Westbic, 2013) a chur i bhfeidhm. Aithníodh neart féidearthachtaí chun gníomhaíochtaí mara a fhorbairt sa staidéar seo.<br>**Caitheamh Aimsire**<br>-Éan bhreathnú<br>-Slatiascaireacht Farraige<br>-Faire Deilfeanna agus Míolta Móra<br>-Tumadóireacht<br>-Cadhcáil<br>Déanfar fiosruithe faoi na háiseanna / infrastruchtúr a bheidh de dhíth chun go mbeidh an Ghaeltacht ina láthair tarraingteach i gcomhair na ngníomhaíochtaí seo. Cuirfear plean forbartha le chéile bunaithe ar an aiseolas seo.<br>**Margaíocht**<br>Cuirfear plean le chéile chun margaíocht níos fearr a dhéanamh ar an ngné mara de na féidearthachtaí turasóireachta i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Príomhúinéir** | An Coiste Fáilte | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND | | |

<table>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Forbartha CFND 2006-2008 agus i bPlean Teanga CFND 2010-2013. Bíonn an-tóir ag turasóirí ar imeachtaí mara agus tá an t-éileamh seo ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Is fiú do Ghaeltacht na nDéise an deis seo a thapú agus ár n-acmhainní mara a úsáid chun leasa an cheantair.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Seirbhís Reatha</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Saolré</td><td colspan="7">Thar saolré an phlean teanga</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Fiosruithe faoi na háiseanna/infrastruchtúr a bheidh de dhíth</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Fiosruithe maidir le seirbhísí nua a lonnú i gCé Heilbhic</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Straitéis mhargaíochta a fhorbairt</td><td colspan="3">Bliain 3 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú</td><td colspan="3">Bliain 4</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">Forbairt déanta ar na háiseanna atá ar fáil i gcomhair na ngníomhaíochtaí<br>Feachtas margaíochta curtha i gcrích</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cruinnithe</td><td colspan="2">€500</td></tr>
<tr><td colspan="5">Straitéis mhargaíochta</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Áiseanna a Fhorbairt</td><td colspan="2">Le Deimhniú</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>-</td><td>-</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td><td>€1,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">CLPL, ÚnaG, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Infheistíocht a mhealladh chun na forbairtí chuí a chur i gcrích.<br>Réiteach:<br>a) Teagmháil leanúnach a dhéanamh leis na forais mhaoinithe chun deiseanna maoinithe a thapú.</td></tr>
</table>

### 6.6.2.2 Turasóireacht agus Oidhreacht: Sprioc 2

*Áiseanna turasóireachta a fhorbairt sa cheantar*

**Beart A:** Áiseanna Turasóireachta

**Beart B:** Comharthaíocht

**Beart C:** Timpeallacht Ghlan a Chaomhnú

### 6.6.2.2.A Áiseanna Turasóireachta

<table>
<tr><td>Beart</td><td colspan="3">6.6.2.2.A</td></tr>
<tr><td>Ainm an Bhirt</td><td colspan="3">Áiseanna Turasóireachta</td></tr>
<tr><td>Réimsí</td><td>E, I, J</td><td>Critéir Pleanála Teanga</td><td>17</td></tr>
<tr><td>Aidhm</td><td colspan="3">Áiseanna turasóireachta a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise</td></tr>
<tr><td>Eolas Breise</td><td colspan="3">Deineadh staidéar féidearthachta ar shiúlóidí a fhorbairt sa cheantar agus tá sé i gceist dul ar aghaidh le forbairt na siúlóidí seo le linn saolré an phlean teanga.<br>Déanfar staidéar féidearthachta nua ar dheiseanna eile chun áiseanna turasóireachta a fhorbairt le linn saolré an phlean teanga.</td></tr>
<tr><td>Príomhúinéir</td><td colspan="3">An Coiste Fáilte</td></tr>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">CFND</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="3">Tá deiseanna chun cur leis an ofráil turasóireachta sa cheantar chun níos mó áiseanna a chur ar fáil do thurasóirí a thagann go dtí Gaeltacht na nDéise agus chun a thuilleadh turasóirí a mhealladh. Chomh maith le lárionad turasóireachta a fhorbairt (Féach Beart 6.4.2.3.A Ionad Cultúrtha a fhorbairt i mBaile na nGall), tá forbairt siúlóidí agus acmhainní mara an cheantair mar spriocanna faoin bplean seo.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="3">Tograí Caipitil</td></tr>
<tr><td rowspan="5">Saolré</td><td colspan="3">Le linn saolré an phlean.</td></tr>
<tr><td colspan="3">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="2">Plean oibre d’fhorbairt na siúlóidí</td><td>Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="2">Siúlóidí a fhorbairt</td><td>Bliain 3, 4, 5 agus 6</td></tr>
<tr><td colspan="2">Staidéar ar áiseanna nua gur cheart a fhorbairt</td><td>Bliain 7 – Ráithe 1 agus 2</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="3">Siúlóidí a bheith forbartha<br>Staidéar ar áiseanna eile a bheith déanta</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Buiséad Bliana</td><td colspan="2">Ábhar</td><td>€</td></tr>
<tr><td colspan="2">Plean oibre</td><td>€1,000 – €2,000</td></tr>
<tr><td colspan="2">Obair thógála</td><td>€10,000 - €15,000</td></tr>
<tr><td colspan="2">Staidear féidearthachta</td><td>€3,000</td></tr>
</table>

| Buiséad Iomlán | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - | - | €12,000 | €15,000 | €15,000 | €15,000 | €3,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | CLPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Comhaontú ó úinéirí talún.<br>**Réiteach:**<br>a) Teagmháil phearsanta a dhéanamh leo chun na tograí a phlé agus comhthuiscint a fhorbairt. | | | | | | |

## 6.6.2.2.B Comharthaíocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.2.B | | |
| **Ainm an Bhirt** | Comharthaíocht | | |
| **Réimsí** | E, K | **Critéir Pleanála Teanga** | 12 |
| **Aidhm** | Comharthaí a chur in airde timpeall na Gaeltachta chun taithí an chuairteora a fheabhsú. | | |
| **Eolas Breise** | **Comharthaí Eolais**<br>Cuirfear comharthaí eolais in airde ag na láithreacha turasóireachta agus oidhreachta chun eolas a roinnt le cuairteoirí maidir leis an áit. Bainfear úsáid as na hacmhainní ar nós léarscáileanna agus eile atá forbartha faoi Bheart 6.6.2.1.B thuas.<br>**Comharthaí Treo**<br>Cuirfear comharthaí treo in airde chun daoine a threorú go dtí láithreacha spéise oidhreachta agus turasóireachta.<br>**Comharthaí Margaíochta**<br>Cuirfear comharthaí móra in airde le hais an N25 chun Gaeltacht na nDéise a fhógairt mar cheann scríbe turasóireachta do dhaoine a bhíonn ag taisteal ar an bpríomh-bhóthar. | | |
| **Príomhúinéir** | An Coiste Fáilte | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | CFND, CCCPL, ÚnaG, CLPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Teanga CFND 2008-2010 agus arís i bPlean Teanga CFND 2010-2013. Is gá branda aitheanta a fhorbairt do Ghaeltacht na nDéise chun go mbeidh a fhios ag daoine gur contae Gaeltachta é Phort Láirge agus, nuair a thagann siad chomh fada leis an nGaeltacht go mbeidh eolas mar gheall ar áiseanna agus oidhreacht an cheantair ar fáil dóibh. | | |
| **Cineál Togra** | Togra Caipitil | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Stratéis chomharthaíochta a ullmhú | | | | Bliain 1 | | |
| | Clár oibre bliana a aontú | | | | Bliain 2, 3, 4 – Ráithe 1 | | |
| | Clár oibre a chur i gcrích | | | | Bliain 2, 3, 4 – Ráithe 2, 3, 4 | | |
| | Athbhreithniú ar an stratéis chomharthaíochta | | | | Bliain 4 – Ráithe 4 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na gcomharthaí atá curtha in airde | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | | **€** |
| | Stratéis comharthaíochta a ullmhú | | | | | | €2,000 |
| | Comharthaíocht curtha in airde | | | | | | €1,000 - €3,000 |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | - | €5,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | CLPL, ÚnaG, CCCPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Maoiniú a fháil i gcomhair na gcomharthaí<br>**Réiteach:**<br>a) Comhoibriú le CCCPL agus ÚnaG. | | | | | | |

### 6.6.2.2.C Timpeallacht Ghlan a Chaomhnú

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.2.C | | |
| **Ainm an Bhirt** | Timpeallacht Ghlan a Chaomhnú | | |
| **Réimsí** | C, E, F, H, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 12, 17 |
| **Aidhm** | Timpeallacht ghlan a chaomhnú i nGaeltacht na nDéise. | | |
| **Eolas Breise** | Cuirfear acmhainní agus tacaíocht ar fáil d'iarrachtaí chun timpeallacht ghlan a chaomhnú, ar nós glanadh na dtránna agus na mbóithre ar bhonn bliantúil. Déanfar bolscaireacht ar na himeachtaí seo chomh maith. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | BIM, CF, Coiste Maisithe na Rinne, CFSP, CCCPL | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé tábhachtach go mbeidh timpeallacht ghlan sa cheantar ar mhaithe na gcuairteoirí a thagann 'dtí Ghaeltacht na nDéise agus ar mhaithe leis an bpobal áitiúil chomh maith. Aithníodh an riachtanas seo i bPlean Forbartha an Chomhluchta 2006-2008. | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Teagmháil le páirtithe leasmhara chun imeachtaí ghlantacháin a phlé agus clár oibre a ullmhú | | | | Bliain 1 – Ráithe 1 | | |
| | Clár imeachtaí forbartha | | | | Bliain 2 – Ráithe 2 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Líon na n-imeachtaí chun an ceantar a ghlanadh | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Ábhar | | | | | €700 | |
| | Bolscaireacht | | | | | €300 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | BIM, CCCPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh.<br>**Réiteach:**<br>a) Comhoibriú le Coiste Maisithe na Rinne agus grúpaí pobail eile. | | | | | | |

### 6.6.2.3 Turasóireacht agus Oidhreacht: Sprioc 3

*Oidhreacht an cheantair a chaomhnú agus a chur ar fáil don bpobal*

**Beart A:** Láithreacha Oidhreachta a Chaomhnú

**Beart B:** Oidhreacht Chultúrtha a Chaomhnú

### 6.6.2.3.A Láithreacha Oidhreachta a Chaomhnú

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.3.A | | |
| **Ainm an Bhirt** | Láithreacha Oidhreachta a Chaomhnú | | |
| **Réimsí** | C, F, I, J | **Critéir Pleanála Teanga** | 12, 17 |
| **Aidhm** | Plean caomhnaithe a fhorbairt do láithreacha oidhreachta Ghaeltacht na nDéise | | |
| **Eolas Breise** | Déanfar taighde ar láithreacha oidhreachta na Gaeltachta agus cuirfear plean bainistíochta agus clár oibre caomhnaithe le chéile, bunaithe ar mholtaí ó sheandálaí cáilithe.<br>Cuirfear acmhainní ar fáil chun obair chaomhnaithe ar láithreacha oidhreachta a chur i gcrích, de réir moltaí an phlean caomhnaithe. Leagfar amach clár oibre bliana ag tús gach bliain chun moltaí an phlean a chur i bhfeidhm, de réir mar a cheadaíonn acmhainní an Chomhluchta. | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | |

<table>
<tr><td>Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="7">An Chomhairle Oidhreachta, CCCPL, Cumann Staire agus Oidhreachta Ghaeltacht na nDéise, CFSP</td></tr>
<tr><td>Réasúnaíocht agus Cúlra</td><td colspan="7">Tá sé tábhachtach oidhreacht an cheantair a chaomhnú, ní hamháin do thurasóirí, ach do mhuintir na háite féin.</td></tr>
<tr><td>Cineál Togra</td><td colspan="7">Togra Aon Uaire</td></tr>
<tr><td rowspan="9">Saolré</td><td colspan="7">Bliain a dó</td></tr>
<tr><td colspan="7">Garspriocanna</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean a chur le chéile</td><td colspan="3">Bliain 1 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Iarratas a chur isteach go dtí An Chomhairle Oidhreachta</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 2</td></tr>
<tr><td colspan="4">Plean caomhnaithe a ullmhú</td><td colspan="3">Bliain 2 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár oibre bliana a ullmhú</td><td colspan="3">Bliain 3, 4, 5 – Ráithe 1</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár oibre bliana a chur i gcrích</td><td colspan="3">Bliain 3, 4, 5 – Ráithe 2, 3, 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Athbhreithniú</td><td colspan="3">Bliain 5 – Ráithe 3 agus 4</td></tr>
<tr><td colspan="4">Clár oibre bliana a chur i gcrích</td><td colspan="3">Bliain 6, 7 8 – Ráithe 2, 3, 4</td></tr>
<tr><td>Slat Tomhais</td><td colspan="7">▪ Plean caomhnaithe do láithreacha oidhreachta curtha le chéile<br>▪ Obair chaomhnaithe déanta</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Buiséad Bliana</td><td colspan="5">Ábhar</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="5">Próiseas ullmhúcháin</td><td colspan="2">€1,000</td></tr>
<tr><td colspan="5">Plean caomhnaithe</td><td colspan="2">€3,000 - €5,000</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Buiséad Iomlán</td><td>Bliain 1</td><td>Bliain 2</td><td>Bliain 3</td><td>Bliain 4</td><td>Bliain 5</td><td>Bliain 6</td><td>Bliain 7</td></tr>
<tr><td>€4,000</td><td>€6,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td><td>€4,000</td></tr>
<tr><td>Foinsí Maoinithe</td><td colspan="7">An Chomhairle Oidhreachta, CCCPL, BPT</td></tr>
<tr><td>Dúshlán agus Réiteach</td><td colspan="7">Dúshlán:<br>a) Cloí le dea-chleachtais caomhnaithe.<br>Réiteach:<br>a) Teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Oidhreachta CCCPL, Oifig na nOibreacha Poiblí srl, chun a chunntiú go bhfuil an obair atá beartaithe ag teacht le dea-chleachtais chaomhnaithe.</td></tr>
</table>

## 6.6.2.3.B Oidhreacht Chultúrtha a Chaomhnú

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | 6.6.2.3.B | | | | | | |
| **Ainm an Bhirt** | Oidhreacht Chultúrtha a Chaomhnú | | | | | | |
| **Réimsí** | C, D, K | | | **Critéir Pleanála Teanga** | 11 | | |
| **Aidhm** | Caomhnú ar oidhreacht chultúrtha Ghaeltacht na nDéise. | | | | | | |
| **Eolas Breise** | Tá neart ábhar ar fáil sa phobal, idir ábhar bhéaloideasa, ábhar litríochta agus eile. Is gá an t-ábhar seo a chaomhnú chun go mbeidh teacht air ag an bpobal amach anseo. Déanfar digitiú ar an ábhar seo ionas go mbeidh sé ar fáil don phobal agus do thaighdeoirí. | | | | | | |
| **Príomhúinéir** | Comhlucht Forbartha na nDéise c.t.r. | | | | | | |
| **Páirtithe Leasmhara** | An Chomhairle Oidhreachta, An tOifigeach Oidhreachta agus Cartlannaí CCCPL,Coláiste na Rinne, Ollscoil Chorcaí, bailitheóirí príomháideacha. | | | | | | |
| **Réasúnaíocht agus Cúlra** | Tá sé tábhachtach go mbeidh oidhreacht chultúrtha an cheantair caomhnaithe agus ar fáil do na glúinte amach romhainn. | | | | | | |
| **Cineál Togra** | Seirbhís Reatha | | | | | | |
| **Saolré** | Thar saolré an phlean teanga. | | | | | | |
| | **Garspriocanna** | | | | | | |
| | Straitéis chaomhnaithe a phlé lenár bpáirtithe leasmhara | | | | Bliain 1 – Ráithe 2 agus 3 | | |
| | Scéim Chaomhnaithe a chur ar bhun | | | | Bliain 2 – Ráithe 1 agus 2 | | |
| **Slat Tomhais** | ▪ Méid an ábhair atá caomhnaithe | | | | | | |
| **Buiséad Bliana** | **Ábhar** | | | | | **€** | |
| | Ábhar a fháil agus a chaomhnú | | | | | €2,000 - €3,000 | |
| **Buiséad Iomlán** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| | €2,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| **Foinsí Maoinithe** | An Chomhairle Oidhreachta, CCCPL, BPT | | | | | | |
| **Dúshlán agus Réiteach** | **Dúshlán:**<br>a) An t-ábhar a aithint agus a chur in oiriúint do rochtain pobail.<br>**Réiteach:**<br>a) Tacaíocht agus comhoibriú a fháil ó shaineolaithe m.sh. Cartlannaí an Chontae, Leabharlannaí Choláiste na Rinne srl. | | | | | | |

# 6.7 An Stát

## 6.7.1 Fís

Go dtacóidh an Stát le riachtanais theangeolaíoch an LPT agus go mbeidh pé seirbhísí stáit atá ar fáil do phobal na Gaeltachta á gcur ar fáil trí mheán na Gaelainne.

## 6.7.2 Moltaí

### 6.7.2.1 Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga

Beidh Comhlucht Forbartha na nDéise agus pobal na Gaeltachta ag brath go mór ar thacaíocht an Stáit chun na spriocanna atá sa Phlean Teanga seo a bhaint amach. Iarraimid ar na comhlachtaí poiblí a bhíonn ag plé le muintir na Gaeltachta cabhrú linn agus sinn i mbun oibre chun an plean teanga seo a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le pobal na Gaeltachta.

### 6.7.2.2 Seirbhísí Stáit

Ní mór na seirbhísí stáit atá ag freastal ar phobal na Gaeltachta a bheith ar fáil trí mheán na Gaelainne. Moltar go mbeadh dualgas reáchtúil ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaelainne le freastal a dhéanamh ar phobal na Gaeltachta.

Tá an státchóras ag iarraidh ar phobail na Gaeltachta pleananna teanga a réiteach mar iarracht an teanga a chaomhnú agus a neartú sa Ghaeltacht. Ag an am céanna, tá mórán seirbhísí stáit á soláthar do phobal na Gaeltachta i mBéarla amháin. Muna bhfuil an Stát ag soláthar seirbhísí i nGaelainn do phobal na Gaeltachta, ní bhíonn de rogha ag an bpobal úd ach iompú ar an mBéarla le seirbhísí an Stáit a úsáid, rud a thagann salach ar chuspóir an phróisis pleanála teanga. Gach uair a dhiúltaítear an deis don phobal a dteanga dhúchais a úsáid agus iad i mbun gnó leis an státchóras, is buille breise é sin do sheasamh na Gaelainne mar theanga phobail.

Ba cheart go mbeadh daoine a bhíonn ag soláthar seirbhísí stáit sa Ghaeltacht, nó don Ghaeltacht, lán-inniúil ar dhéileáil le cainteoirí líofa Gaelainne. Mar sin, teastaíonn **córas earcaíochta nua** chun leordhóthain foirne le líofacht sa Ghaelainn a sholáthar do chomhlachtaí poiblí a bhíonn ag plé le muintir na Gaeltachta go rialta. Tá an cheist seo ardaithe ag an gCoimisinéir Teanga go minic agus iarrtar ar an Stát aird a thabhairt air seo agus córas earcaíochta atá oiriúnach a fhorbairt.

### 6.7.2.3 Comharthaíocht

Is gá cur chuige comhsheasmhach a bheith ag an Stát i leith chomharthaíocht sa Ghaeltacht, agus tús áite tugtha don nGaelainn. Is ceart go mbeadh comharthaí bóithre le logainmneacha na Gaeltachta (i nGaelainn) ar aon dearadh agus comhstádas (ó thaobh stíl na litreacha de) leis an téacs Béarla a bhíonn ar na comharthaí dátheangacha bóithre lasmuigh den nGaeltacht.

6.7.2.4 Straitéis Tithíochta

Tá géarghá le Straitéis Tithíochta a fhorbairt do Ghaeltacht na nDéise, ar mhaithe le Tithíocht Shóisialta agus Inachmainne a fhorbairt agus chun an Ghaeltacht a chaomhnú agus a chur chun cinn sa phróiseas pleanála. Mar chuid de seo, is gá coinníollacha teanga a chur i bhfeidhm chun dlús na gcainteoirí laethúla Gaelainne sa cheantar a chaomhnú.

Mar aon leis an gcuid eile den tír, bhí borradh faoi ghnó na tógála sa Rinn, go háirithe ó 2000 go dtí 2007, rud a chur brú teangeolaíochar an nGaeltacht ar roinnt chúiseanna. Níorbh acmhainn do mhuintir na háite tithe nó suíomhanna áitiúla a cheannach agus bhí laghdú ag teacht ar líon na gcainteoirí Gaelainne i gcomparáid leis an daonra ina iomlán. Bunaíodh coiste aitiúil ag an am chun aird na n-údarás a dhíriú ar an gceist seo. Mar thoradh ar an bhfeachtas seo, thosnaigh an t-údarás pleanála ag cur coinníollacha teanga i bhfeidhm ar fhorbairtí tithíochta i nGaeltacht na nDéise. Is beag tógáil a deineadh sa cheantar ar feadh roinnt blianta mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, ach le tamall anuas tá borradh áirithe ag teacht ar an earnáil seo arís. Mar sin, is gá a chinntiú gur chun leasa na Gaeltachta a bheidh aon fhorbairt nua sa cheantar sna blianta amach romhainn.

6.7.2.5 Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Is fadhb leanúnach í easpa soláthar tithíochta inacmhainne do phobal na Gaeltachta seo. Chun stádas teangeolaíoch an cheantair a chosaint, ní mór go mbeidh deis ag an bpobal cur fúthu ina gceantar féin. Is gá tithe sóisialta a sholáthar dóibh siúd ón gceantar nach bhfuil sé ar a gcumas féin tigh a cheannach nó a thógaint. Tá sé riachtanach go mbeidh soláthar leordhóthanach de thithíocht inacmhainne ar fáil do mhuintir Ghaeltacht na nDéise, agus go gcuirfí polasaí réalaíoch teangeolaíoch i bhfeidhm leis an soláthar seo, chun a chinntiú nach ndéanfaí dochar do dhlús na gcainteoirí Gaelainne sa cheantar.

6.7.2.6 Caomhnú & Forbairt na Gaeltachta sa Phróiseas Pleanála

Tá an tábhacht a bhaineann leis an nGaelainn mar theanga phobail sa Ghaeltacht aitheanta ag an Stáit ón uair a bunaíodh na Gaeltachtaí agus bunús reáchtúil tugtha don aitheantas seo i reáchtaíocht éagsúil thar na mblianta. De réir An Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, tá dualgas ar údaráis áitiúla aird a thabhairt ar an méid seo a leanas ina gcuid pleananna forbartha: *"the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language." [Alt 10.2(m)]*.

Tá na gealltanais seo a leanas tugtha i bPlean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017 (Caibidil 9), Polasaí CS 19:

*It is the policy of the Council to:*

*- Protect and sustain the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht area;*

*- Promote the use of Irish in the Gaeltacht area, in the home, schools and in the workplace;*

*- Focus residential development on accommodating the natural growth of the indigenous populations;*

*- Promote appropriate economic development, which would sustain the area and promote the use of Irish in Business.*

Dá bharr san –


Forbairtí Cónaitheacha - Tithe Aonaracha: Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha pleanála ionas nach mbeidh sé chomh deacair do dhaoine áitiúla cead pleanála a d'fháilt do thithe aonaracha. Gheobhfá **Cáilíocht Chónaitheach Gaeltachta** a aithint, a fhéachfadh go fábhrach ar iarratais ó dhaoine arbh as an gceantar dóibh, agus ar dhaoine le líofacht Gaelainne, a bheadh ag iarraidh tigh a thógaint sa Ghaeltacht.

Forbairtí Cónaitheacha - Dhá Theach nó Níos Mó: Moltar go gcuirfeadh na húdaráis phleanála coinníollacha teanga i bhfeidhm i gcás aon fhorbairtí nua de dhá thigh nó níos mó a déantar sa Ghaeltacht as seo amach. Ní mór **clásal feidhme teanga** a chur i bhfeidhm i gcás forbairtí cónaitheacha de dhá theach nó níos mó agus monatóireacht mar is cuí a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha úd.

Iarrtar ar na húdaráis phleanála chuí Stratéis Tithíochta a ullmhú do Ghaeltacht na nDéise, i bpáirt le Comhlucht Forbartha na nDéise. Iarrfar ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge feidhm a thabhairt do mholtaí an Stratéis Tithíochta seo i bPlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge.

6.7.2.7 Limistéar na Gaeltachta a Mhéadú

Nuair a aithníodh an Ghaeltacht don chéad uair de réir thuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta 1925, bhí an chuid is mó d'iarthar Phort Láirge sa Ghaeltacht. Deineadh athbhreithniú ar limistéar na Gaeltachta sa bhliain 1956 agus ní raibh fágtha i nGaeltacht na nDéise ach bailte fearainn áirithe sa Rinn agus sa Sean Phobal. Cuireadh síneadh le limistéar Ghaeltacht na nDéise faoi Orduithe na Limistéar Gaeltachta 1974.



Is é an teorainn seo atá i bhfeidhm go dtí an lá atá inniu ann. Tá Gaeltacht na nDéise ag síneadh thar trí thoghroinn, toghroinn iomlán amháin (Baile Mhac Airt - ED 25020) agus chuid de dhá toghroinn eile (An Rinn - ED 25034 agus Aird Mhór - ED 25019). Tá baile fearainn amháin i dtoghroinn na Rinne agus aon cheann déag i dtoghroinn na Airde Móire nach bhfuil sa Ghaeltacht.

Bíonn an Chomhlucht Forbartha ag plé le gnóthaí agus áiseanna atá lonnaithe sna bailte fearainn i dToghroinn na Rinne agus na hAirde Móire nach bhfuil sa Ghaeltacht, ar bhonn rialta. Táthar den tuairim go mbeadh sé ina bhuntáiste don Ghaeltacht dá mbeadh na gnóthaí agus na áiseanna seo lonnaithe laistigh de limistéar na Gaeltachta.

Ní féidir líon agus céatadán na gCainteoirí Laethúla Gaelainne sna bailte fearainn atá faoi láthair ar imeall na Gaeltachta a mheas go cruinn, ach i bhfianaise an ardaithe atá tagtha ar líon agus ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaelainne i nGaeltacht na nDéise de réir thorthaí Dhaonáirimh 2016, is dócha gur bheag athrú a thiocfadh ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaelainne sa cheantar le linn shaolré an Phlean Teanga seo, dá mbeartófaí stádas Gaeltachta a bhronnadh ar roinnt bheag bailte fearainn ar imeall na Gaeltachta.

Iarraimid, mar sin ar Roinn na Gaeltachta féachaint ar shíneadh a chur le limistéar Ghaeltacht na nDéise, tar éis an chás a phlé leis an gComhlucht Forbartha agus le muintir na háite.

6.7.2.8 Scéim na gCúntóirí Teanga

Tá ról ana-thábhachtach ag an gcóras oideachas i nGaeltacht na nDéise i seachadadh na teanga ar aghaidh dtí an ghlúin óg. Ní bhíonn na Cúntóirí Teanga sna scoileanna aitiúla in ann freastal ar dhaltaí na n-ardranganna. Bíonn am an chúntóra dírithe orthu siúd atá ar bheagán Gaelainne agus teastaíonn am breise chun freastal ar na hard-ranganna agus ar chainteoirí dúchais. Moltar go mbeidh níos mó uaireanta curtha ar fáil ar Scéim na gCúntóirí Teanga sna scoileanna agus moltar an scéim a chur ar fáil do Naíonraí agus Seirbhís Iarscoile an cheantar.

6.7.2.9 Tacaíocht do Scoileanna Gaeltachta

Ní mór soláthar ceart múinteoirí le líofacht Ghaelainne a bheith ar fáil do scoileanna Gaeltachta. Níor cheart go mbeadh brú ar scoil Gaeltachta glacadh le múinteoir gan cumas cuí i nGaelainn a bheith acu. Chomh maith leis sin, is ceart na háiseanna agus na tacaíochtaí cuí oideachasúla (téacsleabhair srl.) a bheith ar fáil i nGaelainn do scoileanna Gaeltachta.

6.7.2.10 Teicneolaíocht Faisnéise

Tá teicneolaíocht faisnéise lárnach i saol an lae inniu agus tionchar ollmhór aici ar gach gné dár saol, saol na glúine óige ach go háirithe. Ní mór a bheith aireach ar na himpleachtaí atá aige seo ar theanga mhionlaigh, ar nós an Ghaelainn. Sin ráite, ní féidir le sochaí nua-aimseartha, rathúil feidhmiú gan an teicneolaíocht faisnéise agus tá soláthar ceart leathanbhanda d’ardchaighdeán riachtanach chuige sin. Ní mór don Stát gach tacaíocht is féidir a thabhairt chun a chinntiú go bhfuil córas leathanbhanda leordhóthanach ar fáil do phobal Ghaeltacht na nDéise.

# Mír 7

# Costais agus Maoiniú

Sa chaibidil seo a leanas leagtar amach strúchtúr an bhuiséid, idir chaiteachas agus ioncam.

<table>
<tr><td></td><td colspan="2">Plean Teanga na nDéise</td></tr>
<tr><td>Caiteachas</td><td>Buiséad Riaracháin</td><td>Buiséad Feidhmiúcháin</td></tr>
<tr><td>Ioncam</td><td>Buiséad Pleanála Teanga</td><td>Foinsí Maoinithe Eile</td></tr>
</table>

## 7.1 Caiteachas

Leagfar amach caiteachas an Chomhluchta faoin bPlean Teanga in dhá bhuiséad ar leith, an Buiséad Riaracháin agus an Buiséad Feidhmiúcháin. Anuas ar sin, cuirfear ciste teagmhais de 5% ar fáil.

### 7.1.1 Buiséad Iomlán

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Riaracháin** | €78,000 | €75,000 | €75,000 | €79,000 | €79,000 | €80,000 | €82,000 |
| **Buiséad Feidhmiúcháin** | €126,500 | €219,500 | €244,000 | €270,000 | €262,000 | €267,500 | €256,500 |
| **Ciste Teagmhais (5%)** | €10,000 | €15,000 | €16,000 | €17,500 | €17,000 | €17,500 | €17,000 |
| **Iomlán** | **€214,500** | **€309,500** | **€335,000** | **€367,000** | **€358,500** | **€364,500** | **€355,000** |
| **Buiséad Iomlán thar shaolré an Phlean Teanga:** | | | | | | | **€2,304,000** |

### 7.1.2 Buiséad Riaracháin

I mBuiséad Riaracháin an Phlean Teanga, áirítear an Costas Foirne agus an Costas Oifige a bheidh ar an gComhlucht chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm. Cuirfear sciar den Bhuiséad Pleanála Teanga i dtreo an Bhuiséad Riaracháin.

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais Foirne** | €68,000 | €64,000 | €64,000 | €68,000 | €68,000 | €69,000 | €69,000 |
| **Costais Oifige** | €10,000 | €11,000 | €11,000 | €11,000 | €11,000 | €11,000 | €13,000 |
| **Iomlán** | **€78,000** | **€75,000** | **€75,000** | **€79,000** | **€79,000** | **€80,000** | **€82,000** |

### 7.1.3 Buiséad Feidhmiúcháin

Glaotar an Buiséad Feidhmiúcháin ar an airgead ar fad a chaithfear ar chur i bhfeidhm na mbeart sa phlean teanga. Tiocfaidh an t-airgead seo as foinsí éagsúla stát agus príobháideacha. Poiblí: An Buiséad Pleanála Teanga, Deontais ó Chomhlachtaí Poiblí, m:sh. Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge, An Bord Oideachas agus Oiliúna, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, An Chomhairle Oidhreachta, An Chomhairle Ealaíon srl. Príobháideach: Táillí agus Airgead deonaithe ag an bpobal.

Leagtar amach an buiséad feidhmiúcháin de réir na réimsí oibre atá aitheanta sa phlean teanga.

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teaghlaigh agus Óige** | €53,000 | €65,000 | €63,000 | €65,000 | €70,000 | €76,000 | €79,000 |
| **Oideachas** | €28,000 | €46,000 | €66,000 | €82,000 | €80,000 | €70,000 | €69,000 |
| **Cultúr agus na hEalaíona** | €29,000 | €42,000 | €45,000 | €51,000 | €53,000 | €59,000 | €60,000 |
| **Pobail agus Spóirt** | €6,000 | €36,000 | €28,000 | €33,000 | €15,000 | €18,000 | €16,000 |
| **Gnó agus Fostaíocht** | €2,000 | €8,000 | €11,000 | €10,000 | €13,000 | €15,000 | €13,000 |
| **Turasóireacht agus Oidhreacht** | €8,000 | €23,000 | €30,000 | €29,000 | €32,000 | €30,000 | €19,000 |
| **Iomlán** | **€126,000** | **€220,000** | **€243,000** | **€270,000** | **€263,000** | **€268,000** | **€256,000** |

# 7.2 Ioncam

Leagtar amach ioncam an Chomhluchta in dhá réimse ar leith, an Buiséad Pleanála Teanga agus Foinsí Maoinithe Eile.

## 7.2.1 Buiséad Pleanála Teanga

Cuirfidh Údarás na Gaeltachta Buiséad Pleanála Teanga ar fáil don gComhlucht Forbartha chun an plean teanga seo a chur i bhfeidhm. Seo thíos an buiséad bliantúil a bheidh ag teastáil chun an plean iomlán a chur i bhfeidhm. Caithfear an t-airgead seo tríd an Buiséad Riaracháin agus an Buiséad Feidhmiúcháin.

Déanfar athbhreithniú ar an bplean teanga ag tús na bliana i bhfianaise méid an Buiséad Pleanála Teanga a chuirfear ar fáil don gComhlucht. Leagfar amach clár/buiséad oibre an Chomhluchta don mbliain, ag brath ar an mBuiséad Pleanála Teanga a chuirfear ar fáil.

| | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Buiséad Riaracháin** | €78,000 | €75,000 | €75,000 | €79,000 | €80,000 | €80,000 | €82,000 |
| **Buiséad Feidhmiúcháin** | €68,000 | €124,000 | €136,000 | €144,000 | €145,000 | €153,000 | €151,000 |
| **Ciste Teagmhais** | €10,000 | €15,000 | €16,000 | €17,000 | €17,000 | €17,000 | €17,000 |
| **Iomlán** | **€156,000** | **€214,000** | **€227,000** | **€240,000** | **€242,000** | **€250,000** | **€250,000** |
| **Buiséad Pleanála Teanga iomlán thar shaolré an Phlean Teanga:** | | | | | | | **€1,579,000** |

## 7.2.2 Foinsí Maoinithe Eile

Chun an plean teanga seo a chur i bhfeidhm, beidh ar an gComhlucht Forbartha teacht ar fhoinsí airgid lasmuigh den mbuiséad pleanála teanga féin. Tá foinsí maoinithe luaite le gach beart sa phlean agus táthar ag siúl go mbeidh an Comhlucht in ann maoiniú a fháil ó réimse leathan d’fhoinsí stáit, chomh maith le hairgead príobháideach i gcásanna áirithe. Tá caidreamh ag an gComhlucht Forbartha le heagraíochtaí stát agus bímid ag obair leo go leanúnach chun seirbhísí a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Bheadh súil againn leanúint leis an dea-obair seo agus tógaint ar an gcaidreamh seo chun an plean teanga a chur i bhfeidhm.

# Mír 8
# Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

## 8.1 Réamhrá

Ó thús tréimhse ullmhúcháin an phlean teanga seo do Ghaeltacht na nDéise, tuigeadh go raibh an fheasacht teanga agus an phoiblíocht lárnach agus fíorthábhachtach in ullmhú agus i bhforfheidhmiú an phlean. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbunófaí struchtúr agus meicníocht le freastal ar bhonn leanúnach ar phoiblíocht agus le forbairt a dhéanamh ar chúrsaí feasachta chun spriocanna an phlean seo a bhaint amach.

## 8.2 An Chéad Chéim

Cuirfear an chéim seo i bhfeidhm nuair a bheidh an plean seolta go dtí Roinn na Gaeltachta. Foilseofar an dréachtphlean go háitiúil ag an am seo agus le linn an chomhairliúcháin phoiblí seo, beifear ag iarraidh na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

1. Úinéireacht i leith an phlean a bhronnadh ar mhuintir Ghaeltacht na nDéise
2. Muintir na háite a chur ar an eolas faoi cad go díreach atá sa phlean agus conas gur féidir leo a bheith páirteach sa chur i bhfeidhm
3. Aiseolas faoin bplean a fháil
4. Na meáin áitiúla agus gréasáin éagsúla a úsáid chun eolas faoin bplean a scaipeadh.

Beidh sé tábhachtach sa tréimhse seo eolas faoin bplean a scaipeadh ar an oiread sin daoine sa Ghaeltacht agus is féidir. Beidh sé tábhachtach chomh maith teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara chun go bhfaighidís tuiscint ar an bplean ina iomláine agus an ról agus páirt a bheifí ag lorg orthu chun na spriocanna a bhaint amach.

## 8.3 An Dara Chéim

Bainfear úsáid as saghasanna éagsúla poiblíochta ar mhaithe le haird an phobail a tharraingt agus feasacht ar an bPlean Teanga a ardú, ina measc:

- Cur síos simplí agus soiléir ar an bPlean féin a chur ar fáil i bhfoirm leabhráin, i nGaelainn agus i mBéarla, a bheidh sothuigthe ag gach duine. Scaipfear é seo ar gach tigh sa Rinn agus sa Sean Phobal agus beidh sé ar fáil in áiteanna poiblí chomh maith;
- Fógraíocht a dhéanamh i láithreacha aitheanta ar fud an LPT agus taobh amuigh de más gá;

- Poiblíocht a dhéanamh ar na buaicphointí atá sa phlean agus na buntáistí don cheantar a bhainfear amach le cur i bhfeidhm an phlean;
- Institiúidí, idir bheag is mhór, a mhealladh isteach sa dáiliú poiblíochta seo, mar shampla scoileanna, leabharlanna, Coláiste na Rinne, cumainn spóirt, foilsitheoirí, siopaí, forais eile, coistí pobail, ionaid pobail, oifig an phoist, an eaglais, an Baile Seirbhíse Gaeltachta, Cumann Tráchtála Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge, lucht polaitíochta, lucht turasóireachta teanga agus cultúir, lucht eagraithe féilte agus araile;
- A chinntiú go dtuigeann daoine óga an cheantair na buntáistí a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean;
- Poiblíocht chuí a dhéanamh ar bhearta éagsúla an Phlean Teanga agus ar thionscadail eile a bheidh idir lámha ar mhaithe le pobal uile na Gaeltachta, idir chainteoirí Gaelainne agus Béarla.

Tá tábhacht ar leith le poiblíocht dhátheangach a dhéanamh, mar go bhfuil cuid mhaith den bpobal nach bhfuil mórán cur amach acu ar an nGaelainn agus tá sé tábhachtach gach éinne a mhealladh le chéile ar mhaithe leis an gcur i bhfeidhm.

## 8.4 Dul chun cinn

Reáchtáilfear feachtas leanúnach poiblíochta le linn seacht mbliana an phlean chun an pobal a choimeád ar an eolas mar gheall ar dul chun cinn na mbearta, sprioceanna an phlean srl.

Tá sé i gceist an-bhéim a chur ar an bhfeasacht teanga agus ar an bpoiblíocht i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an phlean chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh agus a dheimhniú.

# Mír 9
# **Feidhmiú agus Monatóireacht**

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise an Cheanneagraíocht atá freagrach as cur i bhfeidhm Plean Teanga na nDéise 2018 - 2024. Teastaíonn struchtúr a chinnteoidh go gcuirfear an Plean Teanga i bhfeidhm go córasach agus go héifeachtach.

## 9.1 Feidhmiú an Phlean Teanga

### 9.1.1 Strúchtúr an Chomhluchta

Táimid mar Chomhlucht ag obair i ngort na forbartha pobail le blianta agus tá struchtúr, chur chuige agus taithí againn a bheidh mar chnámh droma do chur i bhfeidhm an Phlean Teanga seo. Meastar go dteastaíonn strúchtúr trí leibhéal leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach, sé sin Foireann Pleanála Teanga, Meithleacha Oibre agus Bord an Chomhluchta. Beidh freagracht ag Bord an Chomhluchta as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga.

### 9.1.2 Foireann Pleanála Teanga

Foireann lánaimseartha Pleanála Teanga de bheirt a bheidh ag teastáil chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Beidh Oifigeach Teaghlaigh agus Óige/Teanga (OTO)agus Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) ag teastáil chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm. Beidh freagracht ar leith ar an OTO as an réimse oibre a bhaineann le Teaghlaigh agus An Óige a bhrú chun cinn, mar aon le gnéithe eile den phlean de réir mar a theastaíonn. Beidh an tOifigeach Feidhmiúcháin freagrach as na cúraimí riaracháin a bhaineann le chur i bhfeidhm an Phlean Teanga, trasna gach réimse. Déanfaidh Bord an Chomhluchta monatóireacht leanúnach ar obair na Foirne Pleanála Teanga le cinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir chlár oibre an Phlean Teanga.

### 9.1.3 Meithleacha Oibre

Bíonn an Comhlucht Forbartha ag plé le réimsí oibre agus cúraim ina bhfuil roinnt páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus ina mbíonn obair dheonach riachtanach do chur i bhfeidhm chlár oibre an Chomhluchta. Sna cásanna seo, bíonn meithleacha oibre ag an gComhlucht Forbartha atá freagrach as réimsí oibre agus cúraimí ar leith. Ní mór an chur chuige seo a úsáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga. Beidh ar an gComhlucht Forbartha meithleacha oibre nua a chur ar bun chun cúramaí áirithe a ghlacadh, de réir mar atá leagtha amach sa phlean. Beidh an fhoireann pleanála teanga, Bainisteoir an Chomhluchta agus Bord an Chomhluchta ag obair go dlúth leis na meithleacha oibre seo chun tacaíocht a thabhairt dóibh a gclár oibre a chur i gcrích. Is iad na meithleacha oibre a chuirfear ar bun chun an Plean Teanga a bhrú chun cinn ná:

- Meitheal Tacaíochta Teaghlaigh agus Óige
- Meitheal Tithíochta na nDéise
- Meitheal Oideachas na nDéise

Cuirfear meithleacha oibre eile ar bun de réir mar is gá chun an Plean Teanga a chur i gcrích.

#### 9.1.4 Bord an Chomhluchta

Feidhmeoidh Foireann Pleanála Teanga an Chomhluchta faoi stiúir Bhord an Chomhluchta. Is ag Bord an Chomhluchta a bheidh freagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Teanga. Cuirfear tuairisc oibre ón bhFoireann Pleanála Teanga os comhair Bhord an Chomhluchta ag na gcruinnithe boird. Tabharfar cuireadh d'oifigigh ón bhFoireann Pleanála Teanga, do bhaill na meithleacha oibre agus/nó baill an phobail,a bheith i láthair ag cruinnithe boird an Chomhluchta, de réir mar is cuí, chun gnéithe de chur i bhfeidhm an phlean teanga a phlé.

#### 9.1.5 Clár Oibre Bliana

Cuirfear an plean teanga i bhfeidhm in aonaid bliana, de réir chlár oibre bliana a ullmhófar ag deireadh na bliana don bhliain dar gcionn agus a chuirfear os comhair Bhord an Chomhluchta. Caithfear an buiséad pleanála teanga de réir an chlár oibre atá aontaithe ag Bord an Chomhluchta. Aithneofar gur ciste sainithe é an buiséad pleanála teanga i gcuntais an Chomhluchta agus caithfear ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga amháin é dá réir. Beidh saoirse ag an gComhlucht Forbartha tograí eile a fhorbairt, nach sonraítear sa bPlean Teanga, ach maoiniú neamhspleách a bheith faighte do chur i bhfeidhm na dtograí sin.

## 9.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012 tá cumhacht ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta LPT a eisiamh ón nGaeltacht le hordú Aireachta má cheaptar nach bhfuil aon ionchas réasúnta ann gur féidir an Plean Teanga a chur i bhfeidhm ar aon bhealach. Tá sé thar a bheith tábhachtach, i bhfianaise na cumhachta seo, go mbeidh Plean Teanga Gaeltacht na nDéise inoibrithe, éifeachtach agus éifeachtúil. Dá bhrí sin, cé go bhfuil tréimhse seacht mbliana luaite le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga, aithníonn Comhlacht Forbartha na nDéise go mbeidh gá le tabhairt faoi thaighde leanúnach le linn saolré an Phlean ar mhaithe le monatóireacht chuimsitheach agus chruinn a dhéanamh ar na beartais atá leagtha amach sa Phlean, d'fhonn na mbeartas úd a athrú nó a dhaingniú ag brath ar thorthaí na monatóireachta leanúnaigh úd.

Sa phlean seo leagtar amach na dúshláin agus an córas monatóireachta araon a bhaineann le gach beartas; déantar é seo chun dul chun cinn nó easpa dul chun cinn na mbeartas a thomhas agus a mheas go leanúnach. Ar mhaithe leis na beartais úd a chur i bhfeidhm, beidh gá le gréasán teagmhálaithe agus dea-thola a chothú i measc na n-eagras agus na ngrúpaí eile sa phobal atá ag obair leis an gComhlacht Forbartha ó cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga i 2014 i nGaeltacht na nDéise.

De réir na dTreoirlínte Pleanála Teanga atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, is é seacht mbliana saolré gach plean teanga a chuirfear le chéile. Anuas ar sin déanfaidh an Roinn athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm pleananna teanga na gceantar Ghaeltachta i rith na tréimhse ama úd.

Ní Plean Teanga aonuaire atá sa Phlean Teanga seo, ach tá sé mar chuid de phróiseas atriallach ina ndéanfar athnuachan leanúnach ar an bpróiseas trí chéile ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe seacht mbliana. Chun a chinntiú go mbeidh rath ar an gcóras pleanála teanga sa Rinn agus sa Sean Phobal, beidh dualgas ar an bhfoireann na beartais sonraithe sa Phlean a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil agus ciallmhar agus tabharfar faoi mhonatóireacht rialta chun dul chun cinn a mheas. Déanfar é seo chomh maith chun a chinntiú go n-oibríonn an plean agus chun súil a choimeád ar na dúshláin agus na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr athruithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 9.2.1 Monatóireacht

Cuirfear na bearta i bhfeidhm thar saolré an phlean teanga de réir mar aontóidh Bord an Chomhluchta sna cláir oibre bliana. Beidh freagracht ag Príomhúinéir an Bhirt monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart atá faoina gcúram. Cuirfear tuairisc monatóireachta deireadh bliana le chéile ina bhfuil cur síos ar chur i bhfeidhm an chláir oibre a bhí leagtha síos ag tús na bliana. Beidh taifead ar an dul chun cinn atá déanta de réir An Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta (Féach Aguisín 1) agus de réir na slata tomhais a bheidh leagtha síos don mbliain ag Bord an Chomhluchta. Cuirfear moltaí na tuairisce seo san áireamh in ullmhú an chéad Chlár Oibre Bliana eile.

### 9.2.2 Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bPlean Teanga ina iomláine. Cuirfear tuarascáil le chéile bunaithe ar an athbhreithniú, ina mbeidh cur síos ar an ndul chun cinn a deineadh maidir leis na sprioceanna éagsúla. Beidh gá, chomh maith, le comhairle a lorg ó am go ham ó shaineolaithe agus ó chomhairleoirí pleanála teanga chun a dtuairimí úd a d'fháilt. Beidh saoirse ag Bord an Chomhluchta, de réir na moltaí a thiocfaidh chun cinn faoin bpróiseas athbhreithnithe, athruithe a dhéanamh ar an bPlean Teanga, spriocanna nua a aithint, agus beartais nua a cheapadh chun fís an Phlean Teanga a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú ag tús bliain a seacht d'fhonn a bheith ullamh chun tabhairt faoin gcéad timthriall eile den phróisis pleanála teanga, a thiocfaidh chun cinn sa bhliain 2025.

# Aguisín 1 Teimpléad Athbhreithnithe & Monatóireachta

## TEIMPLÉAD ATHBHREITHNITHE AGUS MONATÓIREACHTA

Ba chóir é seo a dhéanamh go tráthrialta maidir le gach beart sonrach den phlean a leagtar amach faoi mhír 6 thuas. Braithfidh minicíocht an athbhreithnithe agus na monatóireachta ar an mbeart féin. I gcás beart ar nós club óige a bhunú nó ranganna Gaeilge a eagrú, cuir i gcás, beidh gá le monatóireacht níos minice (uair sa téarma acadúil) ná beart maidir le stocaireacht, mar shampla.

| Táscaire Feidhmíochta | An Sprioc | An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana) |
|---|---|---|
| | | |
| Nótaí | | |
| | | |

Anailís SWOT ar fheidhmiú an chlub:

| **Láidreachtaí** | **Laigí** |
|---|---|
| | |
| **Deiseanna** | **Bagairtí** |
| | |

Dáta:
Síniú:

Sampla den Teimpléad Monatóireachta

| Táscaire Feidhmíochta | An Sprioc | An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana) |
|---|---|---|
| Líon na bpáistí ag freastal ar an gclub óige | 20% den phobal faoi 18 mbliana ag freastal faoi dheireadh bhliain 1 | 15% den phobal 7-11 ag freastal |
| Nótaí | | |
| Tuigtear go bhfuil club óige trí mheán an Bhéarla ag feidhmiú i mbaile taobh amuigh den Ghaeltacht agus go bhfuil daoine óga an cheantair ag freastal air sin. Pléadh cónascadh a dhéanamh leis an gclub ar bhealach a ligfeadh do bhaill an chlub eile freastal ar na himeachtaí céanna a reáchtálaimid féin. | | |

Anailís SWOT ar fheidhmiú an chlub:

| **Láidreachtaí** | **Laigí** |
|---|---|
| | |
| **Deiseanna** | **Bagairtí** |
| | |

Dáta:
Síniú:



**Treoirlínte Pleanála Teanga arna bhfoilsiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge – Eanáir 2014**

# Aguisín 2 Ceistneoir - Suirbhé Ghaeltacht na nDéise

**Cá bhfuil an tigh? An Rinn ☐ An Sean Phobal ☐**

**1** **Déantús an tí:** Cuir tic sa bhosca is oiriúnaí dod' chás féin.
(Roinnte: cónaí le cairde/daoine nach bhfuil gaolta leat.) Más rud é go bhfuil baill an teaghlaigh as baile i rith na seachtaine ach gur bunús baile an tigh seo dóibh, cuir tic, led' thoil, in aice le *Teaghlach*.

*Teaghlach* ☐
*Singil* ☐
*Roinnte* ☐

**An Tigh**: *(cuir tic, le do thoil, le rogha amháin)*
*Linn féin* ☐
*Ar cíos* ☐

**2** **Líon daoine sa tigh / sa chlann** *(Cuir isteach na huimhreacha thíos)*
*Líon na mBan (duine/daoine fásta) sa tigh* ____
*Líon na bhFear (duine/daoine fásta) sa tigh* ____
*Líon na gCailíní sa tigh* ____
*Líon na mBuachaillí* ____

**3** **Líon do pháistí atá ag freastal ar naíonra?**
*Sa Ghaeltacht* ______
*Lasmuigh den Ghaeltacht* ______
*Ní bhaineann* ☐

**4** **Líon do pháistí atá ag freastal ar bhunscoil?**
*Sa Ghaeltacht* ______
*Lasmuigh den Ghaeltacht* ______
*Ní bhaineann* ☐

**5** **Líon do pháistí atá ag freastal ar mheánscoil?**
Sa Ghaeltacht ______
Lasmuigh den Ghaeltacht ______
Ní bhaineann ☐

**6** **Cén líon den teaghlach nach gcónaíonn sa tigh seo go lán-aimseartha atá:**
*Ag staidéar in áit eile* ___
*Ag obair in áit eile* ___
*Eile (sonraigh)* ____________________
*Ní bhaineann* ☐
*IOMLÁN:* ___

**7** **Cad í príomhtheanga labhartha an tí?**
(1= Béarla amháin, 2= Béarla is mó, 3 = an dá theanga mar a chéile, 4= Gaeilge is mó 5 = Gaeilge amháin)

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

Sa chás nach í Gaeilge nó Béarla príomhtheanga an tí, sonraigh an príomhtheanga ______________

**8** **Céard iad na teangacha eile a bhíonn á labhairt sa tigh?**

__________________________________________ *(Sonraigh, led' thoil)*

**<u>DUINE FÁSTA A hAON</u>**

**1 Gnéas:**

*Baineann* ☐
*Fireann* ☐

**2 Aois**

| | |
|---|---|
| Faoi 20 | |
| 20 - 29 | |
| 30 - 39 | |
| 40 - 49 | |
| 50 – 64 | |
| 65+ | |

**3 Cad as duit?**

*Gaeltacht na nDéise* ☐
*Áit Eile i bPort Láirge* ☐
*Gaeltacht eile* ☐
*Áit eile in Éirinn* ☐
*An Bhreatain* ☐
*An Eoraip* ☐
*Eile:* ☐ ___________ *(Sonraigh, led' thoil)*

**<u>An Ghaeilge</u>**

**4 Cumas Gaeilge.Cén cumas Gaeilge atá agat, dár leat, ó scála 1 go 5**
*(1 = Lag, 2 = Cuíosach; 3 = Réasúnta, 4 = go maith 5 = líofa)*

Labhairt 1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐
Tuiscint 1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐
Léamh 1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐
Scríobh 1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

**5 Úsáid Teanga – tú féin** *(cuir tic, led' thoil, faoin gceann is oiriúnaí do gach ceann, ná líon sa chás nach mbaineann sé leat)*

| | Béarla amháin | Béarla is mó | An dá theanga mar a chéile | Gaeilge is mó | Gaeilge amháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar an iomlán | | | | | |
| Sa mbaile | | | | | |
| Le mo chomharsana | | | | | |
| Ag obair | | | | | |
| Sa siopa | | | | | |
| Le mo ghaolta | | | | | |
| Le mo chairde | | | | | |
| Ag an Séipéal | | | | | |
| Ag cruinnithe | | | | | |
| Ócáidí Sóisialta | | | | | |
| Ag obair go deonach | | | | | |
| Cúrsaí Spóirt | | | | | |
| Eile | | | | | |

**5a** Céard iad na comhthéacsanna / áiteanna sa cheantar seo ina bhfuil sé dúshlánach an Ghaeilge a úsáid, dár leat?

______________________________________________

**6 Ar mhaith leat do chuid Gaeilge a fheabhsú nó Gaeilge a fhoghlaim?**

*Ba mhaith* ☐
*Níor mhaith* ☐
*Ní bhaineann* ☐

**7 Dá mba mhaith leat feabhas a chur ar do scileanna teanga, cén leibhéal a bheadh i gceist?**

*Leibhéal an Tosaitheora* ☐
*Leibhéal Bunúsach* ☐
*Leibhéal Feabhsaithe* ☐
*Leibhéal an Chomhráite* ☐
*Ard Leibhéal* ☐

**8 'Is rud maith é páistí a thógaint le Gaeilge'. An aontaíonn tú leis an bprionsabal seo?**
*(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)*

1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

**9 Cad a cheapann tú féin mar gheall ar an nGaeilge anois?**
*(1 = I gcoinne , 2 = Beagán ina coinne; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Cuíosach báighiúil, 5 = An-bháighiúil)*

1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

**10 Nuair a bhí tú ag fás aníos ar dhein tú aon cheann des na rudaí seo?** *(Cuir tic sna boscaí, de réir mar a bhaineann siad leat)*

| | Béarla amháin | Béarla is mó | An dá theanga mar a chéile | Gaeilge is mó | Gaeilge Amháin | Ní Bhaineann |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ábhair chlóite a léamh(leabhair, nuachtáin &rl) | | | | | | |
| Ábhar a léamh ar an idirlíon | | | | | | |
| Éisteacht le cláracha ar an raidió | | | | | | |
| Féachaint ar chláracha ar an teilifís | | | | | | |

(Má tá teanga eile seachas Gaeilge / Béarla i gceist, sonraigh anseo, led' thoil ______________________)

**11 Cén teanga a úsáideadh idir na gaolta seo agus tú ag fás aníos?**

| | Béarla amháin | Béarla is mó | An dá theanga mar a chéile | Gaeilge is mó | Gaeilge amháin |
|---|---|---|---|---|---|
| d'athair agus do mháthair | | | | | |
| do mháthair agus na leanaí | | | | | |
| d'athair agus na leanaí | | | | | |
| na leanaí eatarthu féin | | | | | |
| na leanaí agus an tseanmhuintir | | | | | |

**12 Léibhéal Oideachais** *(Sonraigh an leibhéal is airde atá bainte amach agat)*

| | Bunscoil | Teastas Sóisearach | Ardteist | Printíseacht | Teastas | Dioplóma | Céim | Iarchéim |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tú féin | | | | | | | | |

**13 Stádas Oibre:**

| | Fóstaí lánaimseartha | Fóstaí páirtaimseartha | Féin fhostaithe | I mbun cúraimí baile | Dífhostaithe | Ag lorg oibre | Scéim Fostaíochta | Ar scoir | Tinn / Ar mhíchumas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tú féin | | | | | | | | | |

**14 Cén slí beatha atá agat?** ______________________________

**15 Cén ceantar/baile ina bhfuil tú ag obair?**

| | An Rinn | An Sean Phobal | Cathair/ Baile/ Paróiste tuaithe eile | Dún Garbhán | Port Láirge | Éire | Thar lear |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tú féin | | | | | | | |

**16 An mbíonn do chuid oibre trí:**
(1= Bhéarla amháin, 2= Bhéarla is mó, 3 = an dá theanga mar a chéile, 4= Ghaeilge is mó 5 = Ghaeilge amháin)

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

**17 Muna bhfuil tú ag obair i nGaeltacht na nDéise, an nglacfá le post anseo, dá mbeadh ceann oiriúnach ar fáil duit (ar na téarmaí céanna atá agat faoi láthair)?**
*Ghlacfainn* ☐
*Ní ghlacfainn* ☐
*Ní bhaineann sé liom* ☐

**18 Dá mba rud é go raibh sé i gceist agat tigh a cheannach / a thógaint i nGaeltacht na nDéise amach anseo, an dóigh leat go mbeifeá in ann:**
***Tigh a cheannach?***
*Bheinn* ☐
*Ní bheinn* ☐
*Ní bhaineann sé liom* ☐

***Tigh a thógaint?***
*Bheinn* ☐
*Ní bheinn* ☐
*Ní bhaineann sé liom* ☐

**19 Má d'fhreagair tú '*Ní bheinn*', dé chúis? (is féidir níos mó ná rogha amháin a phiocadh)**
*Praghas ró-ard ar thithe* ☐
*Praghas ró-ard ar thalamh* ☐
*Deacrachtaí cead pleanála a fháil* ☐
*Eile* ☐

<u>**Seirbhísí Stáit / Seirbhísí Pobail/Gnó**</u>

**20 'Tá dualgas ar an Stát seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge don/sa Ghaeltacht'. An aontaíonn tú leis an bprionsabal seo?**
*(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)*
1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

21 **'Táim lánsásta le caighdeán na seirbhísí Stáit atá ar fáil i nGaeilge don cheantar seo'. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?**
*(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)*
1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

22 **Céard iad na seirbhísí Stáit i nGaeilge a úsáideann tú?** (mar shampla an Garda Síochána, oifig cánach, oifig an Phoist)
________________________________________
________________________________________

23 **Céard iad na seirbhísí pobail i nGaeilge a úsáideann tú?** (mar shampla – an naíonra, an dochtúir, na seanóirí) ________________________________
________________________________________

24 **Céard iad na seirbhísí stáit nach bhfuil ar fáil i nGaeilge don cheantar/sa cheantar seo, dar leat?**________________________________
________________________________________

25 **Céard iad na seirbhísí pobail nach bhfuil ar fáil i nGaeilge sa cheantar seo, dar leat?**
________________________________________
________________________________________

26 **Céard iad na háiseanna pobail atá ag teastáil sa cheantar seo, nach bhfuil ann anois?**
________________________________________
________________________________________

27 **Céard iad na háiseanna atá ag teastáil don óige sa cheantar seo, nach bhfuil ann anois?**
________________________________________
________________________________________
________________________________________

28 **'Is rud fíor thábhachtach é stádas Gaeltachta an cheantair seo a choimeád?' An aontaíonn tú leis an abairt seo?**
*(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)*
1☐ 2☐ 3☐ 4☐ 5☐

29 **Dé chúis go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfadh an ceantar a stádas mar Ghaeltacht?**
________________________________________
________________________________________
________________________________________

30 **Cad a cheapann tú faoi stádas reatha na Gaeilge sa cheantar seo?**
________________________________________
________________________________________
________________________________________

31 **Céard is gá a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh An Rinn agus An Sean Phobal ina ceantar Gaeltachta i gceann 20 bliain?**
________________________________________
________________________________________

**<u>Páiste / Déagóir 1 –</u>** (le líonadh isteach ag ceann an tí don pháiste / don déagóir)

**1** **Gnéas:**
*Baineann* ☐
*Fireann* ☐

**2** **Aois ________**

**3** **Cad as don pháiste / déagóir?**
*Gaeltacht na nDéise* ☐
*Áit eile i bPort Láirge* ☐
*Gaeltacht eile* ☐
*Áit eile in Éirinn* ☐
*An Bhreatain* ☐
*An Eoraip* ☐
*Eile:* ☐ ___________*(Sonraigh, led' thoil)*

**<u>An Ghaeilge</u>**

**4** **Cumas Gaeilge.Cén cumas Gaeilge atá ag an bpáiste/déagóir ó scála 1 go 5**
*(1 = Lag, 2 = Cuíosach; 3 = Réasúnta, 4 = go maith, 5 = líofa)*

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Labhairt | 1☐ | 2☐ | 3☐ | 4☐ | 5☐ | (☐ ní bhaineann) |
| Tuiscint | 1☐ | 2☐ | 3☐ | 4☐ | 5☐ | (☐ ní bhaineann) |
| Léamh | 1☐ | 2☐ | 3☐ | 4☐ | 5☐ | (☐ ní bhaineann) |
| Scríobh | 1☐ | 2☐ | 3☐ | 4☐ | 5☐ | (☐ ní bhaineann) |

**5** **Úsáid Teanga** *(cuir tic, led' thoil, faoin gceann is oiriúnaí do gach ceann, ná líon sa chás nach mbaineann sé leis an bpáiste / déagóir)*

| | Béarla amháin | Béarla is mó | An dá theanga mar a chéile | Gaeilge is mó | Gaeilge amháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar an iomlán | | | | | |
| Sa mbaile | | | | | |
| Ar scoil | | | | | |
| Sa siopa | | | | | |
| Le gaolta | | | | | |
| Le cairde | | | | | |
| Ócáidí Sóisialta | | | | | |
| Ag an Séipéal | | | | | |
| Cúrsaí Spóirt | | | | | |

# Aguisín 3 Ceistneoir - Suirbhé sna Scoileanna (Bunscoil)

# Plean Teanga do Ghaeltacht na nDéise

## Ceistneoir na nDaoine Óga (Bunscoil)

### Ceist 1

**Cén teanga a úsáideann tú ?**

1 = Béarla amháin 2 = Béarla is mó 3 = mar a chéile 4 = Gaeilge is mó 5 = Gaeilge amháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Athair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Máthair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Deartháir / deirfiúr | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Seanathair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Seanmháthair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Cairde | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Guthán póca | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Facebook | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Ag imirt spóirt | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Ag Léamh | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Teilifís | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

### Ceist 2

**An labhraíonn tú Gaelainn taobh amuigh den scoil?**

1 = Ní labraím riamh í 2 = go hannamh 3 = anois is arís 4 = minic go leor 5 = go rialta

1 2 3 4 5

Cén áit: ____________________________________________________________

Cén áit sa cheantar nach bhfuil deis í a labhairt: ____________________________________

____________________________________________________________________________

### Ceist 3

**Cad í príomtheanga labhartha an tí?**

1 = Béarla amháin 2 = Béarla is mó 3 = mar a chéile 4 = Gaeilge is mó 5 = Gaeilge amháin

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

## Ceist 4

Liostaigh do chaitheamh aimsire agus an teanga a bhíonn in úsáid

| Caitheamh Aimsire | Teanga |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Ceist 5

Céard iad na háiseanna don óige atá in easnamh ón gceantar seo, dar leat?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 6

Ar mhaith leat a bheith i do chónaí sa cheantar seo tar éis duit an scoil a fhágáil?

1 = B'fhuath liom  2 = Níor mhaith liom  3 = Níl fhios agam  4 = Ba mhaith liom  5 = B'aoibhinn liom.

1  2  3  4  5

## Ceist 7

Ar mhaith leat go mbeadh an ceantar seo mar Ghaeltacht amach anseo?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 8

Céard a chiallaíonn Gaeltacht duit?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 9

Aon mholadh / tuairim eile?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

# Aguisín 4 Ceistneoir - Suirbhé sna Scoileanna (Meánscoil)

# Plean Teanga do Ghaeltacht na nDéise

## Ceistneoir na nDaoine Óga (Meánscoil)

### Ceist 1

**Cén teanga a úsáideann tú ?**

1 = Béarla amháin 2 = Béarla is mó 3 = mar a chéile 4 = Gaeilge is mó 5 = Gaeilge amháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Athair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Máthair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Deartháir / deirfiúr | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Seanathair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Seanmháthair | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Cairde | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Guthán póca | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Facebook | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Ag imirt spóirt | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Ag Léamh | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Teilifís | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

### Ceist 2

**An labhraíonn tú Gaelainn taobh amuigh den scoil?**

1 = Ní labraím riamh í 2 = go hannamh 3 = anois is arís 4 = minic go leor 5 = go rialta

1 2 3 4 5

Cén áit: ______________________________________________________________

Cén áit sa cheantar nach bhfuil deis í a labhairt: ______________________________________

______________________________________________________________________

### Ceist 3

**Cad í príomtheanga labhartha an tí?**

1 = Béarla amháin 2 = Béarla is mó 3 = mar a chéile 4 = Gaeilge is mó 5 = Gaeilge amháin

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

## Ceist 4

Liostaigh do chaitheamh aimsire agus an teanga a bhíonn in úsáid

| Caitheamh Aimsire | Teanga |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Ceist 5

Céard iad na háiseanna don óige atá in easnamh ón gceantar seo, dar leat?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 6

Ar mhaith leat a bheith i do chónaí sa cheantar seo tar éis duit an scoil a fhágáil?

1 = B'fhuath liom 2 = Níor mhaith liom 3 = Níl fhios agam 4 = Ba mhaith liom 5 = B'aoibhinn liom.

1 2 3 4 5

## Ceist 7

Ar mhaith leat go mbeadh an ceantar seo mar Ghaeltacht amach anseo?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 8

Céard a chiallaíonn Gaeltacht duit?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Ceist 9

Aon mholadh / tuairim eile?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

# Aguisín 5 Achaoimre

Tá sé mar aidhm ag Plean Teanga stádas agus úsáid na Gaeilge i nGaeltacht na nDéise in iarthar Cho Phort Láirge a láidriú thar thréimhse seacht mbliana.

Tá sé mar fhís ag Plean Teanga na nDéise 2018-2024 seirbhísí agus áiseanna nua d'ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeltacht na nDéise ionas gur féidir freastal cuí a dhéanamh ar gach aoisghrúpa sa cheantar. Tá sé mar aidhm ag an bplean, ach go háirithe, méadú a chothú ar líon na dteaghlach atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge. I measc 58 beart molta sa phlean tá sé mar sprioc ann dea-chaighdeán maireachtála a bheith ann do mhuintir na háite. I measc na spriocanna eile atá leagtha síos tá mar shampla ionad chúram leanaí a fhorbairt, eolaire gnó a fhoilsiú, comharthaíocht Ghaeilge sa cheantar a fheabhsú, cultúr agus oidhreacht na háite a neartú agus ionad só do dhaoine óga a bhunú. Tá sé mar aidhm ag an bplean cur le méad na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar agus a chinntiú nach mbeidh ísliú i nGaeltacht na nDéise ar thorthaí dearfa daonáireamh 2016 a léirigh go raibh líon na gcainteoirí Gaeilge tar éis méadú.

Tá an plean seo mar fhreagra ar fhís Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a d'fhoilsigh an Rialtas i Nollaig 2010, straitéis a fuair tacaíocht traspháirtí agus atá mar aidhm inti méadú de 25% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a fheiceáil sa Ghaeltacht thar shaolré na straitéise.

Is é comhlacht pobalbhunaithe an cheantair, Comhlacht Forbartha na nDéise, a rinne coimisiún ar an bplean teanga seo mar chuid den phróiseas pleanála teanga go bhfuil feidhm reáchtúil aige fé Acht na Gaeltachta 2012 mar atá leagtha síos ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Deineadh é seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Tá an plean scríofa ag triúr go bhfuil saineolas agus an-chur amach acu ar an gceantar - Micheál Ó Drisleáin, Críostóir Ó Faoláin agus Caitríona Breathnach.

Tá Gaeltacht na nDéise ar cheann de na Gaeltachtaí is lú sa tír le beagán os coinn 23.5 míle cearnach. Is in oirdheisceart na tíre, cois mara, atá sí lonnaithe agus is iad an Rinn agus an Sean Phobal an dhá phobal cheantar ina bhfuil an dlús daonra agus seirbhísí. Tá fás mear tagtha ar dhaonra na Gaeltachta seo ó 1996 ar aghaidh mar a léirigh torthaí Daonáireamh 2016 a thaispeáin go raibh fás de bhreis is ceithre chéad duine nó os cionn 30 % ar dhaonra na Gaeltachta ó 1996. In ainneoin an bhorrtha seo, tá níos mó daoine ná riamh ag labhairt i nGaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachas sa cheantar. De réir an daonáirimh bhí ráta fáis níos airde ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ná ar líon na ndaoine nár labhair Gaeilge go laethúil. Tá sé mar aidhm ins an bplean anois nach mbeidh ísliú i nGaeltacht na nDéise ar aon cheann de na torthaí daonáireamh seo idir seo agus an chéad daonáireamh eile i 2021 ach go mbeidh ardú go 500 cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachas faoi dheireadh thréimhse feidhmithe an phlean.

Cé go leagtar béim ar seacht réimse oibre sa phlean maítear go bhfuil gá ar leith córas cuimsitheach seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus áiseanna a bheith ar fáil do dhaoine óga atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge i nGaeltacht na nDéise. Má tá na teaghlaigh seo le bheith rathúil ina bpobal féin, áirítear na mór riachtanais a chaithfear a fhorbairt sa cheantar chun freastal ar an sciar seo – go mbeidh gréasán láidir teaghlaigh ag tógáil páistí trí mheán na Gaeilge i nGaeltacht na nDéise, go mbeidh deiseanna do dhaoine óga bualadh le chéile ag ócáidí sóisialta, go mbeidh tearmainn teanga ann don óige agus go mbeidh club do dhaoine óga agus ionad chúram leanaí i measc na seirbhísí go bhfuil súil acu a chuir ar fáil.

In éineacht le Daonáireamh 2016, bailíodh a thuilleadh eolais ó fhoinsí eile sa cheantar – ina measc bhí suirbhé áitiúil a deineadh sa bhliain 2015, eolas ó ghrúpaí fócais, freagraí ó cheistneoirí scoile agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhí bainteach leis an bpróiseas ullmhúcháin. Maítear sa phlean gur pobal dátheangach atá i nGaeltacht na nDéise agus gur léiríodh é seo i suirbhé áitiúil nuair a dúirt 56%

den phobal go raibh Gaeilge líofa, go maith nó go réasúnta acu. Ionas gur féidir tógáil ar seo, deirtear go mbeidh seirbhísí agus áiseanna breise d'ardchaighdeán ag teastáil i nGaeltacht na nDéise chun freastal ar gach aoisghrúpa, ach go háirithe chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le teaghlaigh óga agus a gclanna.

Is iad an seacht réimse oibre eile a chaithfear a fhorbairt agus a áirítear sa phlean ná an t-oideachas, cultúr agus na healaíona, pobal agus spóirt, gnó agus fostaíocht, turasóireacht agus oidhreacht, agus an Stát ina dtuairimítear go bhfuil an baol ann nach mairfidh an Ghaeilge mar theanga bheo phobail sa Ghaeltacht má leanann an stát de bhrú a chur ar phobal na Gaeltachta Béarla a úsáid ina gcuid ghnóthaí oifigiúla.

I measc na spriocanna eile deirtear go n-iarrfar ar Roinn na Gaeltachta féachaint ar síneadh a chur le limistéar Ghaeltacht na nDéise mar a leagadh síos i 1974, déanfar é seo tar éis an chás a phlé leis an gcomhlacht forbartha agus muintir na háite, agus le linn saolré an phlean seo. Deirtear gur chóir a thuilleadh cuntasóirí teanga a fháil do na scoileanna agus straitéis tithíochta a bhunú chun a chinntiú go gcuirfidh na húdarás phleanála coinníollacha teanga I bhfeidhm i gcás aon fhorbairtí nua a dhéantar sa Ghaeltacht as seo amach.

Dírítear ar an suirbhé a deineadh go háitiúil i 2015 inar bhraith céatadán ollmhór de 96.5% de den daonra i gceantar Ghaeltacht na nDéise san iomlán go mba cheart go gcoinneodh an ceantar a stádas reatha Gaeltachta. Is léir go bhfuil pobal dílis Gaeilge i nGaeltacht na nDéise agus in ainneoin na hathruithe ar fad sa phobal le blianta beaga anuas, tá an Gaeilge fós tábhachtach don phobal Gaeltachta seo, a mhaítear.

Chun a chinntiú go leanfaidh an stádas speisialta seo, sainaithnítear na réimsí is mó ina bhfuil dul chun cinn ag teastáil chun an ceantar a bhuanú mar Ghaeltacht – ina measc leagtar amach roinnt spriocanna tábhachtacha chun an pobal a thabhairt le chéile agus a mhealladh chun a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí pobail.

I measc na mbeart eile a luaitear tá sprioc ann chun a thuilleadh deiseanna a chuir ar fáil do lucht gnó an cheantair a ligfidh dóibh bualadh le chéile go rialta, tá ceardlanna oideachais molta, turais oideachasúla le bunú, pacáistí eolais ar mhealltacht na háite le chur ar fáil agus a thuilleadh imeachtaí cultúrtha sa cheantar a eagrú.

Tá sé mar aidhm ag an bplean líon na gcainteoirí Gaeilge sa Rinn agus sa Sean Phobal a mhéadú laistigh den ama atá leagtha amach. Ní mór dul I ngleic leis an cúiseanna a chuireann brú ar thuismitheoirí oideachas trí mheán an Bhéarla a roghnú dá bpáistí, a mhaítear sa phlean.
Ní mór tacaíocht bhreise a chur ar fáil do scoileanna chun a chinntiú go mbeidh siad inniúil ar an gcaighdeán is airde a bhaint amach agus a sholáthar do gach réimse den phobal, idir óg is aosta.
"Soiléiríonn an Plean Teanga seo an dúshlán mór atá romhainn anois mar eagraíocht agus go deimhin mar phobal Gaeltachta na bearta agus na spriocanna atá sa Phlean Teanga seo a bhaint amach agus a chur i gcrích, " a deir Tadhg Ó Maoileoin, cathaoirleach Chomhlacht Forbartha na nDéise. Tá súil aige go mbeidh muintir na Gaeltachta in ann "tógáil ar an spiorad pobail láidir is cúis leis an gcúinne beag tíreolaíoch seo a bheith ina Ghaeltacht in ainneoin na brúnna ar fad agus leanúint ar aghaidh ag obair le cheile ár dteanga agus ár gcultúr ársa a shlánú do na glúna atá ag teacht inár ndiaidh."

# Aguisín 6 Achaoimre Béarla

A seven-year plan setting out ambitious targets to strengthen the status of Irish and increase its use in the Gaeltacht of west Waterford has been prepared by Comhlucht Forbartha na nDéise.

Entitled Plean Teanga na nDéise 2018-2024, the document sets out a range of wide-ranging objectives to strengthen the vitality of the Irish language in this Irish-speaking area. Its aim is to improve the current infra-structure and provide more services and supports in particular to those who are rearing their children through Irish. Proposed measures range from setting up a crèche to publishing a directory of local businesses, from developing all-Irish signage in the area to establishing a youth centre.

The plan maps out 58 measures that, if achieved, will help to increase the number of Irish speakers in the area known as Gaeltacht na nDéise and will help the status of Irish in the area in general to be strengthened. Highlighting seven key areas for development within the community, the Plean Teanga focuses in particular on the need to support young families who are rearing their children through Irish. It documents the need to introduce an improved infra-structure, establish more Irish-language classes, increase opportunities for young people to meet with more social occasions, open up a crèche and develop a wider childcare support structure. Plans to establish a vibrant youth centre and have a club for 7 to 12 year olds are also included in the plan.

Publication of this plan is the Gaeltacht's response to the national 20-year Strategy for the Irish Language 2010-2030, which was published by the Government in December 2010 following cross-party support in the houses of the Oireachtas. This strategy has the stated intention of increasing the number of Irish-language speakers within Gaeltachts by 25% within its 20 year time frame and increasing the number of people who have a knowledge of Irish in the country to 2 million.
The Plean Teanga was commissioned by the area's local representative development body Comhlacht Forbartha na nDéise in line with legislation under Acht na Gaeltachta 2012 as laid out by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and in conjunction with Údarás na Gaeltachta and Foras na Gaeilge. The Gaeltacht in west Waterford covers an area that comprises the parishes of An Rinn and An Sean Phobal, the plan is authored by Críostóir Ó Faoláin, Mícheál Ó Drisleáin and Caitríona Breathnach.

One of the smallest Gaeltachtaí in the country, measuring just over 25.5 square miles in total, the population of Gaeltacht na nDéise has grown significantly in the last twenty years with a growth of over 30% during this time-span. This increase represents over 400 residents and brings the Gaeltacht's current population to 1,816, according to the 2016 Census. In spite of concerns about this growth and the pressures such a spurt can have on an Irish-speaking community the authors of Plean Teanga na nDéise were heartened by the results of the last census, which show that more people than ever before are speaking Irish on a daily basis outside of the education system in the Déise Gaeltacht. Bucking the national trend, the census showed that there was a marked increase in the number of Irish language speakers over the last twenty years in Gaeltacht na nDéise compared to a smaller increase in the number of people speaking English. One of the plan's targets is to top this trend and not allow any of the positive results as revealed in the 2016 Census to drop between now and the next census in 2021. It is hoped that the number of Irish speakers outside of the education system in the area will have increased by 500 speakers by the end of the plan's life-cycle.

The other sectors which are going to be developed as laid out in the plan include the areas of culture and the arts, education, community and sport, business and employment, tourism and heritage and housing, as well as seeking greater support from State bodies with regard to their use of Irish in daily life with Gaeltacht residents.

There will also be additional opportunities for business people in the area to meet on a regular basis; workshops on what educational opportunities will be made available and trips will be set up; publicity packages on the area's amenities and activities will be developed and dispersed, and more cultural events in the area will be developed.

The plan also includes objectives such as extending the 1974 Gaeltacht boundary, acquiring additional language assistants for schools, the development of a housing strategy and the introduction of additional planning requirements to ensure Irish speakers are given preferential treatment when new houses come on the market.

As well as the 2016 Census results, the plan was also developed using on other information such as statistics gathered from a comprehensive Gaeltacht Survey that was carried out in 2015, feedback from a series of local focus groups, answers to a survey of schools in the Gaeltacht area and feedback from a number of interested parties.

As well as establishing that 56% of the population have fluent, good or a reasonable level of spoken Irish, a majority of the respondents to this community-wide survey highlighted and re-enforced the view that there is a need for additional services and supports, in particular in the area of childcare for your families and activities for young people.

The survey of Gaeltacht na nDéise in 2015 provided proof that this is a bilingual community, as the authors of the plan point out. In this survey that carried out on behalf of Comhlacht Forbartha na nDéise the authors note that 96.5% of the community want the status of Gaeltacht to be kept. To ensure that this status is maintained, the plan identifies a number of initiatives and services which are essential if the Gaeltacht area is to thrive and maintain its Gaeltacht status,

The aim of the plan is to increase the number of Irish speakers in the An Rinn and An Sean Phobal area within the stated time-span and to develop the range of services and amenities in the Gaeltacht for the good of the community. The policy makers believe the reasons why parents decide to send their children to English-speaking schools must be looked at. It is important, the plan continues, to provide extra support to schools to ensure that they are able to attain the highest standards and provide for every sector within the community, from young to old.

The plan also highlights the need to ensure schools are supported and resourced fully so that they can attract local and other students to attend the Gaeltacht's education centres.

"This Plean Teanga highlights the great challenges that are ahead of us as an organisation and indeed as a Gaeltacht community if we are to succeed in implementing the plans and targets that are laid out here in this plan," says Tadhg Ó Maoileoin, chair of Comhlucht Forbartha na nDéise. He hopes that individuals in the area will work together and "build on the strong community spirit, which is the reason why this small geographic corner is a Gaeltacht in spite of all the pressures" in order to "save our ancient culture and language for the generations to come".